

# DAA

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt

Dublin Airport Authority plc


Críochfort  
Terminal 2



# 2009

**Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt**

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009



# Clár

<b>4</b>	<b>Bord Stiúrthóirí</b>
<b>7</b>	<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>
<b>13</b>	<b>Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh</b>
<b>29</b>	<b>Athbhreithniú Airgeadais 2009</b>
<b>33</b>	<b>Tuarascáil Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais comhdhlúthaithe 2009</b>
35	Tuarascáil na stiúrthóirí
40	Ráiteas i dtaobh fhreagrachtaí na stiúrthóirí
41	Tuarascáil an iniúcháora neamhspleáigh
42	Ráiteas um beartais chuntasaíochta
45	Cuntas brabúis agus cailleanais an Ghrúpa
46	Ráiteas um ghnóthacháin agus chailleanais aitheanta iomlána
46	Réiteach gluaiseachta i gcistí scairshealbhóirí
47	Clár comhardaithe an ghrúpa
48	Clár comhardaithe na cuideachta
49	Ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa
50	Nótaí faoi na ráitis airgeadais agus nótaí mar chuid de na ráitis airgid sin
75	Achoimrí cúig bliana
<b>78</b>	<b>Struchtúr agus Bainistíocht Ghrúpa ÚABÁC</b>
<b>79</b>	<b>Faisnéis Aerloingseoireachta</b>
<b>80</b>	<b>Faisnéis Ghinearálta Gnó</b>

# Bord Stiúrthóirí

## Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt



### Peter Barrett

Chuir Peter tús lena ghairm bheatha in Andersen Consulting (Accenture) roimh dó bogadh chuig an GPA Group i ndeireadh na 1980í, áit a raibh sé ag obair go príomha ar urrúsú agus léasú cánach trasteorann. In 1994, thosaigh Peter ag obair le KBC Bank mar Cheann Airgeadais Eitlíochta. Thosaigh Peter ag obair le RBS Aviation Capital in 2001 mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus rinneadh Príomhfheidhmeannach de i Márta 2004. Tá bunchéim ag Peter in innealtóireacht. Is é RBS Aviation Capital focheuideachta feidhmiúcháin léasanna eitlíochta de chuid an Royal Bank of Scotland.



### Declan Collier

Chuaigh Declan Collier ag obair le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath mar Phríomhfheidhmeannach in Aibreán 2005. Chaith sé a shaol gairmiúil go léir roimhe sin ag obair d'Exxon Mobil, cuideachta a raibh poist shinsearacha bainistíochta éagsúla aige inti in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear a bheith ina Chathaoirleach agus ina Phríomhbhainisteoir Tíre, Esso Ireland Ltd ó 2000 go 2002. Tá Declan ina bhall de Bhord na hEorpa agus de Bhord an Domhain na heagraíochta Airports Council International. Tá sé ina bhall de Bhord Stiúrthóirí Bainc-Aontas Éireann Teoranta cpt.



### Gerard Collins

Iarpholaiteoir sinsearach de chuid na hÉireann is ea Gerard Collins. Bhí sé ina Aire Cumarsáide, ina Aire Dlí agus Cirt, agus ina Aire Gnóthaí Eachtracha le linn na tréimhse a chaith sé ina pholaiteoir. Lena chois sin bhí Gerard ina Uachtarán ar Chomhairle Airí an AE, ina Leas-Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa, ina bhall den Choiste Iompair agus ina Chomh-Chathaoirleach ar an gComhdháil Angla-Éireannach.



### Michael Lenane

Ceapadh Michael Lenane ina bhall den Bhord i ndeireadh Fómhair 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Bhain Michael amach céim onórach BSc i Staidéar Gnó agus Teicneolaíocht Faisnéise i gColáiste na Tríonóide agus tá sé ina bhall Cairte den Institiúid Lóistíochta agus Iompair. Fostaíodh Michael sa Chuideachta i 1980 agus is Bainisteoir Oibríochtaí Naprún anois é in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ball den Cheardchumann IMPACT is ea é.



### Mary McCabe

Ceapadh Mary McCabe chuig an mBord i mí na Nollag 2008 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Chuaigh Mary leis an gcuideachta i 1998, agus tá sí ag obair sa Rannóg Glantacháin. Ó 2007 i leith tá post an Leas-Uachtaráin ar Bhainisteoir Eitlíochta Sibhialta SIPTU ag Mary agus tá sí ag déanamh ionadaíochta thar ceann na Rannóige Glantacháin ag leibhéal áitiúil agus brainse le os cionn ocht mbliana anuas.



### Barry Nevin

Ceapadh Barry Nevin chuig an mBord i Márta 2005 faoi Achtanna um páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Chuaigh Barry leis an gcuideachta i 1990, agus tá sé ag obair i Seirbhís Dóiteáin/Póilíní an Aerfoirt. Is comhalta é d'Fheidhmeannacht Náisiúnta SIPTU, Grúpa Stiúrthóirí Oibríthe Chomhar Ceardchumann na hÉireann, Grúpa Ceardchumann Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.



#### David Dilger, Cathaoirleach

Iar-Phríomhfheidhmeannach an ghrúpa idirnáisiúnta bia Greencore is ea David Dilger. Chaith David breis agus deich mbliana i gceannas ar Greencore agus d'éirigh leis a leithéid de chlaochlú a dhéanamh air gur athraíodh an chuideachta ó bheith ina táirgeoir siúcra agus braiche a bhí dírithe den chuid ba mhó ar mhargadh na hÉireann go mórghrúpa bia saoráideach idirnáisiúnta a bhfuil '8,000 duine fostaithe aici i gceithre thír. Bhí David ina Phríomhfheidhmeannach ar Food Industries sula ndeachaigh sé ag obair le Greencore agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais le Woodchester Investments roimhe sin. Céimí de chuid Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, is ea David agus tá sé ina bhall de Chúirt Stiúrthóirí Bhanc na hÉireann agus ina iar-stiúrthóir ar Fhiontar Éireann.



#### Bill Cullen

Is é Bill Cullen an Cathaoirleach ar Glencullen Holdings Limited. Is údar rathúil é, agus tá sé freisin ina Uachtarán ar Foras na nÓg (Irish Youth Foundation), áit a raibh sé ar an bpríomhduine taobh thiar d'fheachtais tiomsaithe airgeadais do thionscadail óige ar fud na hÉireann.



#### Thomas Guilfoyle

Ceapadh Thomas Guilfoyle chuig an mBord i nDeireadh Fómhair 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Fuair Thomas a chuid oideachais i gColáiste Naomh Fhlannáin in Inis agus is leictreoir cáilithe é. Tá Thomas fostaithe sa chuideachta ó 2001 agus chaith sé na naoi mbliana ó shin ag obair sa Rannóg Cothabhála ag Aerfort na Sionna. Bhí Thomas ina mhaor ceardchumainn TEEU ag Aerfort na Sionna ar feadh ceithre bliana agus tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Ghrúpa Ceardchumann an Aerfort.



#### An Ridire Michael Hodgkinson

Ghlac an Ridire Michael Hodgkinson post le hÚdarás Aerfort na Breataine (BAA) sa bhliain 1992 mar Stiúrthóir Aerfort an Ghrúpa, agus poist sinsearacha bainistíochta aige roimhe sin sna tionscail mhótair agus bia sa Bhreatain agus san Eoraip. Le linn a dhá bhliain déag ag BAA, lena n-áirítear na blianta idir 1999 agus 200 mar Phríomhfheidhmeannach, bhí an cúram aige as an bpleanáil umfhormhádú ag gach aon cheann d'aerfort BAA lena n-áiríodh Heathrow agus Stansted. Is é Leas-Chathaoirleach ar TUI Travel é agus tá sé ina bhall de bhord 'Transport for London and Crossrail.'



#### Brian O'Connell

Tá Brian O'Connell ina Chathaoirleach ar Údarás Aerfort na Sionna. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Westpark Shannon Ltd agus ina Chomh-Bhunaitheoir agus ina Chathaoirleach ar Atlantic Way. Fuair Brian a chuid oideachais i gColáiste Mhungairit, Contae Luimnigh. Chuir sé tús lena shaol gairmiúil mar chonraitheoir ginearálta i 1975, agus bhí rath air ag bainistiú a lán tionscadal ar fud Réigiúin an Iarthair Láir agus i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Ceapadh Brian ina bhall de Thascfhórsa an Iarthair Láir i mí Feabhra 2009.



#### Marie O'Connor

Tá Marie O'Connor ina comhpháirtí i gcleachtas Bainistíochta Sócmhainní PricewaterhouseCoopers ó 1986 i leith.



#### Gerry Walsh

Tá Gerry Walsh ina Chathaoirleach ar Údarás Aerfort Chorcaí. Comhairleoir neamhspleách gnó is ea Gerry a chuireann tacaíocht straitéiseach ar fáil do bhoird agus d'fhoirne bainistíochta sinsearacha roinnt cuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis ó 2000 go 2007 agus ba é a bhí i gceannas nuair a tiontaíodh an chuideachta ina chuideachta fuinnimh don oileán go léir agus í ag soláthar idir ghás agus leictreachas do chustaiméirí ó cheann ceann na tíre. Bhain sé amach céim innealtóireachta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

**Tá titim d'os cionn 30% tagtha ar mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go praiticiúil le fiche bliain anuas, agus ní chuireann na muirir seo luach saothair leordhóthanach ar fáil d'oibreoir an aerfoirt i gcomhair a infheistíochta sa bhonn sócmhainní ná i gcomhair na seirbhísí a chuireann sé ar fáil.**



# Ráiteas an Chathaoirligh

## David Dilger

Ba bhliain dheacair í an bhliain atá faoi athbhreithniú, ní hamháin d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC), ach do gheilleagar iomlán na hÉireann.

Tháinig laghdú suntasach ar aschur eacnamaíil i rith 2009, de réir mar a chuaigh an meathlú i bhfeidhm go hiomlán. Tháinig laghdú mór ar chaiteachas tomhaltóirí, de réir mar a mhéadaigh rátaí dífhostaíochta go suntasach agus bheartaigh daoine a bhí fostaithe airgead a shábháil seachas a chaitheamh.

Fad a bhí geilleagar na hEorpa agus SAM ag sracadh leo ag iarraidh an meathlú geilleagrach a chur díobh, tharla moilliú eacnamaíoch i ngeilleagar na tíre seo den chineál céanna is a bhí sa Ríocht Aontaithe, an comhpháirtí trádála is gaire dúinn agus ar príomhsholáthraí aerthráchta isteach agus amach as Poblacht na hÉireann é. Tháinig laghdú de 13% ar thrácht paisinéirí go dtí 26.1 milliún ag ár dtrí aerfort Éireannacha i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Sionainn anuraidh, léiriú ar an moilliú in aerthaisteal mar thoradh ar an gcor chun donais eacnamaíoch. Léirigh an fheidhmíocht tráchta go raibh tionchar níos mó ag an meathlú ar gheilleagar na hÉireann ná formhór na dtíortha eile. Laghdaigh trácht paisinéirí foriomlán ag aerfoirt na hEorpa i gcomhair 2009 de 6% i gcomparáid le 2008, agus ní raibh fás ach ag ceann amháin i measc an 20 aerfort is mó.

In ainneoin an laghdaithe ar thrácht paisinéirí, tá ról lárnach ag ár n-aerfoirt Éireannacha i gcónaí i ngeilleagar na hÉireann. Anuraidh, bhain 96% den aerthrácht idirnáisiúnta chuig Poblacht na hÉireann agus 75% den aerthrácht chuig oileán na hÉireann úsáid as ár dtrí aerfort.

Tá sé intuigthe agus nádúrtha go mbeadh béim mhór ar dhúshláin reatha i rith cor chun donais tromchúiseach. Tá go leor déanta ag ÚABÁC le tabhairt faoina chostais bhunúsacha agus tá Clár Gnóthaithe Costas comhaontaithe agus á chur i bhfeidhm ag an Údarás cheana féin i gcomhar lena fhostaithe, a mbeidh coigilteas bliantúil de €38 milliún mar thoradh air de bharr laghdaithe párolla agus breis éifeachtúlachta. Tá laghdú pá do gach ball foirne a thuilleann os cionn €30,000 sa bhliain mar chuid den phlean seo mar aon le hathruithe i gcleachtais oibre agus scéim téarfa dheonach, faoina mbeidh 300 fostaí ag fágáil na cuideachta. Tá comhaontú ar an gclár seo mar ghnóthachan suntasach don chuideachta agus don fhoireann oibre iomlán. Lena chois sin déanfar na costais oibriúcháin a laghdú a thuilleadh faoin bPlean Gnóthaithe Costas.

Tá sé riachtanach, áfach, go n-aithneodh oibreoír aerfoirt a bhfuil fíis straitéiseach aige go dtiocfaidh deireadh leis an meathlú atá ann faoi láthair, meathlú a raibh tionchar suntasach aige ar líon na bpaisinéirí. Léiríonn an patrún fadtéarmach le haghaidh aerthráchta go bhfilltear ar fhás suntasach tar éis gach suaite eacnamaíoch nó gheopholaitiúil.

Os rud é gur soláthraithe agus oibreoírí gnéithe lárnacha den bhonneagar náisiúnta iad, ní mór do Bhord agus do bhainistíocht ÚABÁC dearcadh críonna a bheith acu ar riachtanais fhadtéarmacha an ghnó agus ar an mbealach is fearr le riachtanais chustaiméirí agus páirtithe leasmhara uile an Ghrúpa a chomhlíonadh.

Tá geilleagar oscailte, bunaithe ar onnmhairiú in Éirinn, agus ós rud é nach bhfuil ceangal talún ar bith aici le mór-roinn na hEorpa, tá Éire ag brath go mór ar an mbonneagar eitlíochta chun tacú le riachtanais na n-earnálacha gnó agus turasóireachta. Tá os cionn 100,000 post ag brath ar an trácht a théann trínár n-aerfort, agus cuirimid moil riachtanacha ar fáil do shláinte airgeadais an gheilleagair ina iomláine.

Tá tionchair ag na cinntí a dhéantar nó nach ndéantar maidir le feidhmiúchán agus forbairtí aerfort a d'fhéadfadh a bheith le brath inár ngnó agus i ngeilleagar na hÉireann ar feadh na scórtha blianta.

Tá sé riachtanach go ndéanaimid na cinntí fadtéarmacha cuí maidir le bonneagar agus acmhainn na n-aerfort. Chun é seo a dhéanamh, tá sé riachtanach go mbeadh réimeas rialaithe comhtháite, measta againn a thacaíonn leis na cinntí cuí seo agus a thugann údarás dóibh. Tá sé soiléir anois, áfach, nach bhfuil an córas rialacháin reatha a rialaíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath ag oibriú chun na haidhmeanna lárnacha eacnamúla a leag an Rialtas síos a bhaint amach.

Ar an gcéad dul síos, níor chóir muirir aerfort atá oiriúnach don todhchaí a ríomh bunaithe ar mhuirir aerfort a bhí oiriúnach san am atá caite. Sa dara háit, ba chóir luach saothair iomlán agus cothrom a thabhairt ar bhonneagar aerfort riachtanach a údaraíonn agus a iarrann an Rialtas. Sa tríú háit, ba chóir an tosaíocht chéanna ar a laghad a thabhairt do riachtanais réasúnta chustaiméirí is a thugtar do na riachtanais a fheictear a bheith ag aerlínte aonair – a bhfuil go leor dúshlán eile acu go léir seachas leorgacht agus réasúnacht bhonneagar aerfort a chuirtear ar fáil chun tairbhe a bpaisinéirí.

Tá titim d'os cionn 30% tagtha ar mhuirir aerfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go praiticiúil le fiche bliain anuas, agus ní chuireann na muirir seo luach saothair leordhóthanach ar fáil d'oibreoír an aerfort i gcomhair a infheistíochta sa bhonn sócmhainní ná i gcomhair na seirbhísí a chuireann sé ar fáil.

Tá muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath fíoriomaíoch i gcomparáid le piarghrúpa Eorpach an aerfort. Tá an t-uasmhuirear aerfort atá molta do Bhaile Átha Cliath i gcomhair 2010, lena n-áirítear an méadú molta chun luach saothair a thabhairt as costas Chríochfort 2, mar atá sé leagtha síos ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, 25% níos ísle ná an meántáille €12.50 a gearradh in 2008 in aerfort Eorpacha chomhchosúla, mar shampla Stansted, Gatwick, an Bhruiséil, Cóbanhávan, Liospóin, Zurich, Vín, München, agus Osló. Is fíorbheagán seirbhís eile in Éirinn a ghearrfaidh 25% níos lú i mbliana ná mar a ghearr a piaraí san Eoraip dhá bhliain ó shin.

Tá tionchar airgeadais dosheachanta ag baint le prionsabail ina gcoinnítear muirir aerfort níos ísle ná an costas réasúnta a bhaineann leis an tseirbhís agus an infheistíocht i mbonneagar atá riachtanach a chur ar fáil chun an t-aerfort a oibriú go héifeachtúil. I bhfiontar atá faoi úinéireacht an Stáit, ar nós ÚABÁC, cinntíonn seo go bhfuil saibhreas á aistriú go leanúnach ón Stát chuig scairshealbhóirí aerlínte atá faoi úinéireacht phríobháideach.

Tá an córas rialacháin reatha ag brath an iomarca ar dhearcaí aerlínte. Ritear aerfort chun tairbhe a scairshealbhóirí, agus sin mar is cóir. Mar sin,

is leasa tráchtála amháin atá ag aerlínte, agus ní féidir a rá go bhfuil a dtuairimí mar léiriú ar thuairimí a bpaisinéirí ná ar leasa na tíre.

Tá sé de chúram ar ÚABÁC na trí aerfort a fheidhmiú agus a fhorbairt thar ceann an Stáit, atá mar an scairshealbhóir deiridh. Mar oibreoír bonneagair, ní mór dúinn a chinntiú go bhfeidhmíonn ár dtrí aerfort in Éirinn go héifeachtúil, chomh maith le pleanáil dá bhforbairt fadtéarmach oiriúnach.

Tá sainordú láidir tráchtála ag ÚABÁC freisin, agus ní mór don chuideachta luach saothair cothrom a fháil ar an gcaipiteal a infheistímid. Ní fhaighimid aon mhaoiniú ón Stát agus, go deimhin, is amhlaidh a chuirimid airgead leis an Státchiste, mar gheall ar an gcáin agus na díbhinní a íocaimid.

Tá ár gclár infheistíochta reatha €1.2 billiún ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, atá á sheachadadh go héifeachtach ar an gcostas agus taobh istigh den bhuiséad, á mhaoiniú den chuid is mó ag iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ag margáí fiachais idirnáisiúnta. Ní mór don dá sholáthraí caipitil seo luach saothair cóir a fháil, chomh maith le haisioc iomlán.

Beidh filleadh na hÉireann ar fhás eacnamúil ag brath ar an tionscal onnmhairithe, infheistíocht dhíreach ó thíortha eile agus leathnú ar an ngeilleagar eolasbhunaithe. Tá bonneagar aerfort éifeachtúil nua-aimseartha a chuireann naisc dhíreacha ar fáil chuig comhpháirtithe trádála lárnacha na hÉireann – margáí traidisiúnta agus nua araon – riachtanach, agus is rómhinic nach bhféachtar ar leas na tíre sa réimeas rialacháin reatha.

Tá an t-ionchas pleanála i gcomhair infheistíochta i mbonneagar aerfort níos faide ná ionchas na n-aerlínte atá mar chustaiméirí againn. Ba chóir go mbeadh rialachán eacnamúil ag cinntiú go bhfeidhmítear Aerfort Bhaile Átha Cliath chomh héifeachtach agus is féidir, agus fáiltímid roimh rialachán den chineál seo.

Níor chóir an meathlú reatha agus an laghdú ar líon na bpaisinéirí mar thoradh air seo a úsáid mar leithscéal chun neamhaird a thabhairt ar, nó gan dóthain aird a thabhairt ar, riachtanais fadtéarmacha earnáil eitlíochta na hÉireann. Bhí brú tráchta an-dona agus laghdú ar chaighdeán na seirbhísí in Aerfort Bhaile Átha Cliath mar thoradh ar thréimhsí san am atá caite nach ndearnadh dóthain infheistíochta. Cuireadh isteach ar thaithí na bpaisinéirí agus ar chaighdeán na seirbhísí in Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus cuireadh isteach freisin ar iomaíocht idirnáisiúnta na hÉireann agus ar a chumas gnó a mhealladh ó thíortha eile, mar thoradh ar shaoráidí ar chaighdeán íseal, a raibh an iomarca brú orthu.

I rith na 1980í a rinneadh pleanáil agus tógáil ar an bpríomh-rúidbhealach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, a d'éascaigh 20 bliain fairs i dtrácht paisinéirí. Dá mbeadh an réimeas rialacháin reatha ann ag an am – agus an méid a bhraitheann sé ar dhearcaí aerlínte seachas dearcadh gach úsáideora aerfort – is beag an baol go gceadófaí infheistíocht den chineál sin, agus bheadh Baile Átha Cliath tar éis cailleadh amach ar go leor den fhás sin.





Cosúil le rúidbhealach na 1980í, tá Críochfort 2 á thógáil do na scórtha blianta amach romhainn agus beidh sé in úsáid ag paisinéirí i bhfad tar éis do thréimhse rathúnais nua teacht i gcomharba ar an gcor chun donais eacnamúil reatha, agus cuirfidh Críochfort 2 leis an rathúnas sin ar ndóigh. Is saoráid chostéifeachtach é Críochfort 2, a bheidh áisiúil d'úsáideoirí agus a bhunathróidh taithí gach paisinéara a bhainfidh úsáid as Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tiocfaidh fás ó Bhaile Átha Cliath, agus meallfaidh sé gnó nua, aerlínte nua agus aerbhealaí nua do Bhaile Átha Cliath. Tá Etihad Airways, mar shampla, tar éis a fhógairt le déanaí go leathnófar a sheirbhísí isteach go Baile Átha Cliath, agus tá sé dearbhaithe ag an aerlíne go bhfuil sé i gceist acu toglann gnó a oscailt sa gcríochfort nua. Leanfaidh aerlínte eile an sampla seo.

Bhí an feabhas ar thaithí na bpaisinéirí i gCríochfort 2 an-tábhachtach nuair a rinne Etihad cinneadh feabhas a chur ar a sheirbhísí ó Bhaile Átha Cliath. Tá an críochfort nua agus an tsaoráid Custam agus Cosaint Teorann (CCT) nua don Stáit Aontaithe a bheidh lonnaithe i bPíara E ag spreagadh aerlínte eile chun féachaint ar na deiseanna a bheidh ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, tá an tseirbhís nua CCT in Aerfort na Sionna ag cruthú margáí nua don tseirbhís. Tá British Airways ag baint úsáid as CCT in Aerfort na Sionna i gcomhair a sheirbhíse grád gnó ó Aerfort Chathair Londain go dtí JFK agus ba chóir go dtiocfadh gnó nua freisin ó leathnú amach an CCT d'eitlíocht ghinearálta. Tá an críochfort nua i gCorcaigh ag cruthú bunús freisin do sheirbhísí leathnaithe amach anseo.

Trí infheistíocht chríonna i saoráidí feabhsaithe, inár bhfoireann oibre agus inár gcórais bainistíochta, táimid ag leagan na bunchloiche d'fhás agus do rathúnas sa todhchaí, ní hamháin do ÚABÁC, ach do gheilleagar níos leithne na hÉireann. Leanfaidh ÚABÁC leis an iarracht atá ar bun aige an tseirbhís is fearr a chur ar fáil ag an bpraghas is ísle dár gcuid custaiméirí go léir. Leanfaimid freisin ag caitheamh go cóir agus go cothrom lenár gcustaiméirí go léir, in ainneoin éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann tús áite a thabhairt do chustaiméirí amháin thar chustaiméirí eile.

Ba mhór an onóir dom gur iarradh orm a bheith i mo Chathaoirleach ar ÚABÁC agus is pribhléid agus dúshlán é a bheith i gceannas ar fhoireann atá freagrach agus díocasach as bainistiú agus feidhmiú gnéithe riachtanacha den bhonneagar náisiúnta.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Iompair, Noel Dempsey TD agus le Tom O'Mahony, Ard-Rúnaí na Roinne Iompair agus lena gcomhghleacaithe go léir as ucht a gcabhrach, a gcomhairle agus a n-íonchuir chuidithigh le 12 mhí anuas. Mo bhuíochas freisin leis an Aire Airgeadais Brian Lenihan TD agus le Kevin Cardiff, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, agus lena gcomhghleacaithe go léir as ucht a gcabhrach go léir.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord as ucht a dtiomantais, a gcomhairle agus a dtacaíocht. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun aitheantas foirmiúil a thabhairt don mhéid

a rinne Des Cummins, Mary Davis, Marion Keating, agus Anthony Spollen, a bhfuil deireadh tagtha lena dtréimhsí mar stiúrthóirí na cuideachta ó ceapadh mé i mo Chathaoirleach.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann iomlán ÚABÁC as ucht a ngairmiúlacht agus a dtiomantas le 12 mhí anuas ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionna, ag Aer Rianta International agus ag a shuíomhanna go léir thar lear.

David Dilger, Cathaoirleach  
12 Márta 2010

**Bhí an-chosúlacht idir an titim sa líon paisinéirí ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionna agus an laghdú i miondíolachán ginearálta in Éirinn i rith 2009, ar tháinig laghdú de 14.1% orthu i rith na tréimhse sin.**

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Declan Collier

Bhí tionchar suntasach ag an meathlú geilleagair domhanda ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa in 2009. Bhí an cúlú seo, a bhí le brath ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh, an-dian ar fad i margadh na hÉireann agus bhí líon níos ísle paisinéirí agus caiteachas laghdaithe mar thoradh air.

Tá déine an chúlaithe le feiceáil sa laghdú suas le 7.5% a mheastar a tháinig ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann anuraidh, anuas ar laghdú 3% a tháinig uirthi in 2008. Bhí tionchar an-láidir ag an meathlú ar Éirinn, agus measann an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur tháinig laghdú de 4% ar aschur i Limistéar an Euro agus de 2.5% ar aschur sna Stáit Aontaithe i rith 2009.

Chuir an cúlú sa Ríocht Aontaithe agus láidreacht an Euro i gcoinne an phuint steirling, agus dhollar na Stát Aontaithe, leis na fadhbanna a bhí ag geilleagar na hÉireann, agus bhí tionchar tromchúiseach ag an dá rud ar fheidhmíocht iomaíoch an gheilleagair bhaile.

Bhí tionchar ag na droch-choinníollacha eacnamaíochta, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, ar an nGrúpa go léir, ós rud é go raibh tionchar suntasach ag líon paisinéirí níos ísle agus ag miondíolachán níos laige ar an ngnó ina iomláine.

Tháinig laghdú de beagnach 13% ar an líon paisinéirí inár dtrí aerfort in Éirinn go dtí 26.1 milliún i rith na bliana. Bhí an-chosúlacht idir an titim sa líon paisinéirí ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionna agus an laghdú i miondíolachán ginearálta in Éirinn i rith 2009, ar tháinig laghdú de 14.1% orthu i rith na tréimhse sin. Is léiriú láidir atá i miondíolachán ar ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn, os rud é go mbíonn timpeall leath de chaiteachas tomhaltóirí na hÉireann i gceist leis.

Tháinig laghdú de 13% go dtí €547 milliún ar láimhdeachas. Laghdaigh brabús an ghrúpa (míreanna eisceachtúla as an áireamh) de 51% go dtí €38 milliún, agus laghdaigh TRÚCDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh) de 19% go dtí €126 milliún. Mar thoradh ar thionchar na míreanna eisceachtúla, mar na costais a bhain le scéim téarfa dheonach agus táille bearnaithe shócmhainní, bhí cailteanas €13 milliún i ndiaidh cánach ag an nGrúpa don bhliain, i gcomparáid le brabús €47 milliún in 2008.

Tharla laghdú 10% go €417 milliún ar ollbhrabús an Ghrúpa i rith na bliana mar thoradh ar laghdú ar líon na bpaisinéirí agus drogall a bheith orthu airgead a chaitheamh.

Bhí bliain dhúshlánach ag an gcuid miondíola dár ngnó idirnáisiúnta, Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI), i rith 2009 freisin. Tharla laghdú ó thús na bliana ar líon na bpaisinéirí agus ar an méid airgid a bhí á chaitheamh acu ag na haerfoirt thar lear ina bhfuil lamhátais miondíola ag ARI, go mór mór sa Rúis agus san Úcráin. De bharr na dtosca sin chomh maith le forálacha maidir le clár comhardaithe ARI, tharla laghdú mór ar bhrabús i gcaitheamh na bliana.

Tá an Grúpa tar éis sraith bearta a chur i bhfeidhm mar thoradh ar na tosca geilleagracha athraithe, a laghdóidh a chostais bhunúsacha go suntasach. Laghdaíodh costais párolla, in éineacht le costais ábhar agus seirbhísí, de €18 milliún i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Tar éis

roinnt míonna idirbheartaíochta, aontaíodh Clár Gnóthaithe Costas a thug €38 milliún i gcoigiltis sa phárolla agus éifeachtachtaí eile le ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar thiomlach mór fostaithe an Ghrúpa ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i mí na Nollag.

Tá scéim téarfa dheonach, laghdú pá do gach ball foirne a thuileann níos mó ná €30,000 in aghaidh na bliana, agus réimse leathan de bhearta eile mar chuid den chlár seo. Mar aitheantas ar an méid suntasach atá na fostaithe ag déanamh thar ceann an Ghrúpa, d'fhéadfadh sé go dtabharfaí na leibhéil pá ar ais go hiomlán amach anseo, má bhaintear spriocanna airgeadais áirithe amach a aontaíodh.

Vótáil tromlach mhór na foirne i ndiaidh dheireadh na bliana glacadh leis an gClár Gnóthaithe Costas agus ghlac 71% díobh siúd a vótáil i mballóid ceardchumainn i dtrí aerfort an Ghrúpa in Éirinn leis an bplean. Is rud an-deacair é vótáil chun glacadh le laghdú pá, agus tá moladh agus meas ag dul do na fostaithe sin a thacaigh le hiarrachtaí an Ghrúpa tabhairt faoina chostais bhunúsacha.

Tá an Grúpa tiomanta do chur i bhfeidhm iomlán na moltaí gnóthaithe costas ar bhonn tráthúil, agus beidh tionchar iomlán na gcoigilteas seo le feiceáil i rith na bliana 2010. Cinnteoidh sé seo agus na coigiltí eile a dhéanfar i gcostais oibriúcháin go dtiocfaidh laghdú mór ar ár gcostais bhunúsacha. Cuireadh €46.5 milliún de chostas eisceachtúil chun dochair an chuntais brabúis agus cailteanais sa bhliain atá faoi athbhreithniú mar thoradh ar chostas measta an chláir, a bhaineann den chuid is mó leis an bpacáiste téarfa deonach.

Cé go bhfuil sé ciallmhar costais a laghdú i rith na tréimhse eacnamaíche dúshlánaí seo, leanann an Grúpa ag infheistiú leis go críonna agus saoráidí nua agus feabhsaithe dá chustaiméirí á dtógáil. Rachaidh na hinfheistíochtaí seo chun tairbhe an Ghrúpa go fadtéarmach agus cuirfidh siad leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, sa tSionainn agus go deimhin i ngeilleagar na hÉireann ar fad.

Ní fhaigheann ÚBÁC aon mhaoiniú ón Státchiste. Is ó mhuirir aerfort, ioncam tráchtála agus iasachtaí amháin a fhaigheann sé ioncam. Bhí ollfhiachas de €1.25 billiún ann ag deireadh na bliana chun cabhrú le maoiniú na n-infheistíochtaí caipitiúla riachtanacha i saoráidí nua agus feabhsaithe. Tá próifíl aibíochta atá dailte go maith ag an bhfiachas, le meán-aibíocht de naoi mbliana. Faoi láthair, tá an fiachas go léir atá tarraingthe anuas 100% seasta, le meán-ráta úis de 5.8% ag deireadh na bliana. Tá acmhainní neamhtharraingthe tiomnaithe de €560 milliún ag an nGrúpa, lena n-áirítear acmhainn €260 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Bunaithe ar na leibhéil infheistíochta atá pleanáilte don todhchaí, d'fhéadfadh na hacmhainní seo seasamh maoinithe an Ghrúpa a dhaingniú go dtí 2014.

Bhí iarmhéideanna airgid €638 milliún ag an nGrúpa ag deireadh na bliana i gcomparáid le €879 milliún 12 mhí roimhe sin. Léirigh an tsuim sin caiteachas caipitiúil €523 milliún a rinne an Grúpa i rith na bliana agus an €200 milliún a tharraing siad anuas ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Táthar ag súil go laghdóidh seasamh an airgid thirim go suntasach i rith an chuid eile de 2010 de réir mar a chuireann an Grúpa tógáil Chríochfort 2







ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus roinnt tionscadail eile i gcrích.

Tar éis dheireadh na bliana, d'athraigh Standard & Poor's Rating Services (S&P) rátáil chreidmheasa chorparáideach fhadtéarmach ÚABÁC ó A- go dtí BBB+, rud a tháinig leis na cinní a rinne siad le déanaí maidir le go leor aerfoirt Eorpacha eile. Léiríonn an rátáil seo measúnú S&P go dtiocfaidh lagú níos suntasaí ar phróifíl airgeadais ÚABÁC i gcaitheamh 2010 ná mar a bhíodas á thuair roimhe sin, agus go dtarlóidh sé sin den chuid is mó de bharr laghdú suntasach a thiocfaidh ar líon na bpaisinéirí i gcomparáid le haerfoirt eile a ndéanann S&P rátáil orthu agus de bharr an lagaithe atá ag teacht ar gheilleagar na hÉireann ó thaobh trácht paisinéirí de.

Léiríonn an dearcadh diúltach seo tuairim S&P nach léir faoi láthair go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí tráchta go mór mór i bhfianaise na baile atá ar gheilleagar na hÉireann faoi láthair.

Tá muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath arna rialáil go neamhspleách ag an gCoimisiún um Rialúchán Eitleoireachta. Thug an Coimisiún a chinneadh deiridh maidir le muirir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath do na blianta 2010-2014 i mí na Nollag, agus rinne sé soláthar i gcomhair méadú 33% i bpragsanna ar bhunús comhchosúil thar an tréimhse cúig bliana.

In ainneoin líomhaintí a dhéanann páirtithe leasmhara dílsithe áirithe i dtionscal na n-aerlínte, tá muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath an-íseal i gcomparáid le caighdeán na hEorpa. Is é an toradh a bheadh ag an méadú a leag an Coimisiún um Rialúchán Eitleoireachta síos don mheánmhuirear paisinéara is airde ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ná go n-ardódh sé meán-uasmhuirear go €9.97 i gcomhair na cúig bliana idir 2010 agus 2014. In 2008 ba é an meánmhuirear paisinéara a bhí á ghearradh ag comhpháirtithe Eorpacha Aerfort Bhaile Átha Cliath ná €12.50.

Ní thugann an méadú atá leagtha síos ag an rialtóir dóthain luach saothair do ÚABÁC i gcomhair na hinfheistíochta atá déanta aige i gCríochfort 2 agus sna tionscadail chaipitiúla eile in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar atá leagtha síos ag an rialtóir, is é €9.97 an meán-uasmhuirear paisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sna cúig bliana seo chugainn. Cabhraíonn an €9.97 sin le hinfheistíocht €1.2 billiún i mbonneagar feabhsaithe a mhaoiniú agus cuireann sé le feidhmiú sábháilte an deichiú aerfort is mó san Eoraip i gcomhair taisteal idirnáisiúnta. Is fiú a thabhairt faoi deara gur minic go mbíonn muirir níos airde á ngearradh ar phaisinéirí ar réimse seirbhísí ag na haerlínte sin a deir go bhfuil muirir arda ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar shampla, clárú ar líne, athphriontáil cárta bordála, úsáid chárta creidmheasa chun eitilt a chur in áirithe nó málaí a sheiceáil isteach.

### Aerfort Bhaile Átha Cliath a Bhunathrú chun Feabhais

Ba í an bhliain atá faoi athbhreithniú an bhliain ba ghnóthaí go dtí seo don Chlár Aerfort Bhaile Átha Cliath a Bhunathrú chun Feabhais. D'infheistigh ÚABÁC beagnach €470 milliún i rith 2009 sa chlár leanúnach chun saoráidí nua agus feabhsaithe a chur ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha

Cliath, agus caitheadh beagnach cúig mhiliún uair an chloig oibre ar na tionscadail éagsúla, an críochfort nua do phaisinéirí, Críochfort 2, atá le hoscailt i mí na Samhna 2010, ina measc.

Rinneadh dul chun cinn an-suntasach ar Chríochfort 2 i rith na tréimhse sin, mar atá le feiceáil anois ag cuairteoirí chuig an Aerfort agus iad ag tiomáint trí chroí an fhoirgnimh nua ar a mbealach chuig an gcríochfort atá ann cheana féin. Faoi dheireadh na bliana, bhí os cionn 85% den chlár tógála do Chríochfort 2 curtha i gcrích, agus bhí os cionn 2,200 tógálaí ar an suíomh, rud a d'fhág go raibh sé ar an tionscadal tógála ba mhó in Éirinn. Tacaíonn clár Chríochfort 2 le timpeall 6,500 post de bhreis in áiteanna eile freisin i ndéantúsaíocht, iompar agus seirbhísí éagsúla.

Tá tionscadal Chríochfort 2 ag dul de réir an sceidil agus ba chóir go mbeadh an fhoireann tógála réidh chun é aistriú chugainn in am in ainneoin na ndúshlán a bhí os a gcomhair mar stailc náisiúnta na leictreoirí an samhradh seo caite agus an drochaimsir.

Bunaíodh Foireann Ullmhachta agus Aistrithe Oibríochtúil ÚABÁC i lár 2009 agus is í an fhoireann sin a bheidh freagrach as an bhfoirgneamh ó dheireadh Aibreán 2010 ar aghaidh. Tá clár cuimsitheach oiliúna agus taithí ann dóibh siúd go léir a bheidh ag obair sa chríochfort nua i gceist leis an gclár réiteach oibríochta agus idirtréimhseacha, mar aon le coimisiúnú agus tástáil threalamh agus chórais an chríochfoirt. Beidh trialacha 'beo' den tsaoráid nua ar siúl san fhómhar agus tá sé i gceist go mbeadh Críochfort 2 ag feidhmiú go hiomlán ó mhí na Samhna ar aghaidh.

Cé go bhfuil Críochfort 2 ar an bpíosa bonneagair leis an bpróifíl is airde atá á sheachadadh ag Clár Aerfort Bhaile Átha Cliath a Bhunathrú chun Feabhais, tá dul chun cinn suntasach déanta ar go leor de na tionscadail eile atá deartha chun taithí na gcustaiméirí reatha ag an aerfort a fheabhsú agus chun cur ar a chumas os cionn 30 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a láimhseáil go héifeachtach amach anseo.

Sa gcomhthéacs seo, ní hamháin go raibh oscailt an tsínidh ar an gcríochfort atá ann cheana féin i mBealtaine seo caite ina chloch mhíle shuntasach uaidh féin, ach thug sé blaiseadh do phaisinéirí ar na caighdeáin mhórfheabhsaithe a bheidh ann dóibh nuair a osclófar Críochfort 2 don phobal.

Cuireann an síneadh €53 milliún seo ar Chríochfort 1, ar cuireadh i gcrích é ar chostas níos ísle ná a bhí buiséadaithe dó, spás cúrsaíochta breise ar fáil do phaisinéirí chomh maith le réimse nua saoráidí miandíola agus lónadóireachta do phaisinéirí atá ar a mbealach amach go dtí Piaráí A agus D. Anuraidh, feabhsaíodh na leibhéil compoird do phaisinéirí ag teacht isteach sna piaráí céanna freisin, agus cuireadh spás breise ar fáil ag saoráidí Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce.

I measc na réimsí eile ina ndearnadh dul chun cinn suntasach i rith 2009, tá bóithre inmheánacha champais an aerfoirt agus tionscadail uasghrádaithe fónais. Beidh bóithre nua, leathnaithe agus dromchla nua orthu ar fud champais an aerfoirt, agus líonra nua de phiopaí cumhachta, cumarsáide, uisce agus dramháiola curtha ar fáil roimh lár na bliana 2010.

Leanamar freisin leis an bpleanáil agus leis an obair réitithe i gcomhair rúidbhealach chomhthreomhar nua atá molta i gcomhair Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Anuas ar Chríochfort 2, caitheadh beagnach 500,000 uair an choig oibre san iomlán i rith 2009 ar thionscadail chaipitiúla eile ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ina measc seo bhí soláthar sheastáin aerárthaí uasghrádaithe ar an aerpháirc agus suiteálacha sábháilteachta nua ar an rúidbhealach; soláthar chlós cóistí nua taobh le séipéal an aerfoirt agus tionscnaimh comhshaoil cosúil leis an tionscadal maolaithe uisce atá ar siúl go leanúnach ar fud an champais.

Is príomhthosaíocht do ÚABÁC atá ina chlár sláinte agus sábháilteachta agus i soláthar cosanta den scoth do gach oibrí ar na láithreacha tógála éagsúla. Cé go dtuigeann ÚABÁC an gá a bheith ar an airdeall i gcónaí ina leith seo, tá sé sásta le taifead sláinte agus sábháilteachta chlár foriomlán Aerfort Bhaile Átha Cliath a Bhunathrú chun Feabhais go dtí seo.

Tagarmharc lárnach sa chomhthéacs seo is ea cóimheas minicíochta timpiste an chláir. Is éard atá i gceist leis seo ná an líon timpistí i ngach 100,000 uair an choig oibre a d'fhág go raibh ar an duine gortaithe fanacht den suíomh ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá. Ba é an cóimheas do chlár foriomlán Aerfort Bhaile Átha Cliath a Bhunathrú chun Feabhais i rith 2009 ná 0.28, atá cuid mhaith níos ísle ná an meán náisiúnta agus níos fearr ná meán na Ríochta Aontaithe don earnáil tógála freisin.

Tá sé de sprioc ag ÚABÁC an fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta seo a chothú agus a fheabhsú más féidir, anois agus an clár infheistíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag bogadh isteach sa chúigiú bliain agus muid ag bogadh i dtreo críochfort nua do phaisinéirí an aerfoirt a chur i gcrích agus a oscailt níos déanaí i mbliana.

### Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tháinig an chéad laghdú ar thrácht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mbliana ó bhí 1991 ann. Chuaigh 20.5 milliún paisinéirí breise tríd an aerfort anuraidh, agus is laghdú de 13% é sin.

Laghdaigh eitiltí chuig mór-roinn na hEorpa de 13% agus 10.4 milliún duine ag taisteal idir Baile Átha Cliath agus an Eoraip. Laghdaigh Ryanair go háirithe, Aer Lingus agus iompróirí eile an acmhainn iompair. Laghdaigh trácht chuig an Ríocht Aontaithe de 12% go dtí díreach faoi 7.6 milliún paisinéirí toisc gur laghdaigh Ryanair an acmhainn iompair, tharraing British Airways amach ó mhargadh Londain, agus ghearr BMI siar a sheirbhísí go dtí Heathrow.

Tharla laghdú 8% ar an margadh trasatlantach i rith 2009. Laghdaigh Aer Lingus a n-acmhainn iompair agus thaisteal 1.6 milliún paisinéirí idir Baile Átha Cliath agus Meiriceá Thuaidh.

Tharla laghdú 25% go díreach os cionn 630,000 paisinéirí ar an margadh náisiúnta mar thoradh ar an gcor chun donais i ngeilleagar na hÉireann agus de bharr iomaíocht bhreise ó iompar bóthair agus iarnróid. Laghdaigh an líon paisinéirí idir Baile Átha Cliath agus áiteanna idirnáisiúnta

eile cosúil leis an Afraic Thuaidh agus an Meánoirthear de 4% go dtí 240,000, mar thoradh den chuid is mó ar thitim i dtrácht cairtfhostaithe chuig an Afraic Thuaidh.

Bhí 63 aerlíne san iomlán ag eitilt chuig 190 ceann scríbe ó Aerfort Bhaile Átha Cliath anuraidh. Mhéadaigh Ryanair, an aerlíne is mó in Aerfort Bhaile Átha Cliath, a scair den mhargadh go dtí 43% anuraidh ó 42% in 2008, agus méadaigh Aer Lingus a scair den mhargadh ó 34% go dtí 36%. Is ón dá chustaiméir is mó a fhaigheann an t-aerfort 79% den trácht iomlán anois, sin méadú ó 76% in 2008. Tá an 21% breise roinnte idir an 61 aerlíne eile a fheidhmíonn seirbhísí ó Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh dhá thionscadal chun taithí an chustaiméara a fheabhsú i gcrích tar éis dheireadh na bliana: suiteáladh comharthaíocht treo nua ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath agus athainmníodh an 168 geata bordála le córas nua uimhriúil agus fuarthas réidh leis na sean-réimíreanna aibítreacha de gheataí A, B, C agus D.

### Aerfort Chorcaí

Laghdaigh an líon paisinéirí ag Aerfort Chorcaí de 15% go dtí díreach faoi 2.8 milliún anuraidh, an chéad laghdú bliantúil ó 1991 i leith. Bhí laghduithe le feiceáil i ngach cuid den mhargadh. Go náisiúnta, lean líon an tráchta idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh ag laghdú go suntasach, le laghdú 24% go dtí 336,000 paisinéirí taifeadta in 2009. Tá rochtain fheabhsaithe ar bhóthair agus iarnróid ag baint ó mhealltacht an bhealaigh seo i gcónaí. Tá mótarbhealach nua idir an dá chathair ceaptha a bheith curtha i gcrích i rith 2010, rud a mbeidh tionchar breise aige ar an mbealach seo.

Tháinig laghdú 17% ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, leis an laghdú ba mhó ag tarlú sna seirbhísí chuig cathracha réigiúnacha sa Bhreatain. Tháinig laghdú de 5% ar mhargadh Londain, lena mbaineann timpeall an tríú cuid de thrácht fhoriomlán Chorcaí, in 2009. Tháinig laghdú 8% ar thrácht na hEorpa go dtí 1.1 milliún paisinéirí. Méadaigh an trácht ar sheirbhísí sceidealta Eorpacha i rith na bliana; ach tháinig laghdú suntasach ar an margadh cairtfhostaithe saoire.

Mhéadaigh Aer Lingus, an aerlíne is mó in Aerfort Chorcaí, a scair den mhargadh ó 40% go dtí 47% i rith 2009. Laghdaigh scair Ryanair den mhargadh beagán go dtí 28%. Lean an t-iompróir ón bPolainn, Wizz Air, ag cur lena ghnó ó Chorcaigh, agus tá sé anois ar an tríú hiompróir is mó a fheidhmíonn ón aerfort.

Tar éis dheireadh na bliana, d'fhógair Aer Lingus agus Ryanair réimse eitiltí chuig ceannphointí gréine an tsamhraidh ó Chorcaigh, agus an dá aerlíne ag díriú ar an gcuid den mhargadh a bhí ag na heitleáin chairtfhostaithe go dtí seo. Fógraíodh freisin tar éis dheireadh na bliana go mbeidh seirbhís nua ó Chorcaigh go Glaschú á seoladh mar thoradh ar aontú saincheadúnais nua Aer Lingus le hAer Árainn.





Criochfort  
Terminal 2

daa 





### Aerfort na Sionna

Thaistil beagnach 2.8 milliún paisinéir trí Aerfort na Sionna anuraidh, sin laghdú 12% ar an mblain roimhe sin. Tháinig laghdú 14% go 2.4 milliún ar thrácht críochfoirt .i. paisinéirí a chuir tús lena n-aistear nó a chríochnaigh a n-aistear ag Aerfort na Sionna.

Tháinig laghdú 23% go 442,000 ar thrácht trasatlantach paisinéirí agus laghdaigh iompróirí a n-acmhainn iompair mar thoradh ar an gcor chun donais eacnamaíoch. Tháinig laghdú 13% go beagnach 900,000 paisinéirí ar an trácht Eorpach, agus tháinig laghdú 46% go 52,000 paisinéirí ar an trácht náisiúnta. Bhí laghdú 7%, go dtí beagnach 1.1 milliún, ar thrácht chuig an Ríocht Aontaithe.

D'oscail Aerfort na Sionna an chéad saoráid um Chustam agus Cosaint Teorann (CCT) de chuid na Stáit Aontaithe san Eoraip an samhradh seo caite, agus is féidir le paisinéirí atá ag dul chuig na Stáit Aontaithe dul trí gach scrúdú inimirce, custaim agus talmhaíochta riachtanach ag Aerfort na Sionna anois, roimh dóibh tús a chur lena dturas. Leathnaíodh amach an tseirbhís CCT d'eitlíocht ghinearálta tar éis dheireadh na bliana, rud a d'oscail margadh tábhachtach breise d'Aerfort na Sionna.

Tá gnó nua ag teacht chuig Aerfort na Sionna cheana féin mar gheall ar CCT, agus táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh méadaithe ar ghnó idirthurais an aerfoirt anois toisc go bhfuil CCT ar fáil. Baineann British Airways úsáid as an tsaoráid faoi dhó sa lá mar stop idirthurais ar a dturas nua gráid ghnó ó Aerfort Chathair Londain go dtí JFK i Nua-Eabhrac.

D'infheistigh ÚABÁC os cionn €28 milliún i dtionscadail chaipitiúla in Aerfort na Sionna anuraidh agus an tsaoráid nua do Chustam agus Cosaint Teorann don Stáit Aontaithe á cur i gcrích agus roinnt uasghrádaithe á dhéanamh i réimsí eile.

I rith na bliana, dhíúltaigh Aerfort na Sionna cloí le roinnt éilimh míreasúnta neamh-inchaibidle a rinne Ryanair agus comhaontú nua cúig bliana féideartha á phlé. Theip ar Ryanair cloí leis na tiomantais conarthacha a bhí sa chomhaontú a bhí ann cheana féin le hAerfort na Sionna, agus bhí téarmaí níos flaithiúla fós á lorg acu i gcomhair comhaontú nua. Ní mór do sheirbhísí a bheith imharthana ó thaobh tráchtála de don oibreoir aerfoirt agus don aerlíne araon, ach níor chomhlíon na héilimh neamh-inchaibidle a bhí á ndéanamh ag Ryanair leis na critéir seo. Tá sé ráite ag Ryanair go bhfuil sé i gceist acu a ngnó ag Aerfort na Sionna a laghdú go suntasach.

Síníodh comhthionscnamh margaióchta le Forbairt Shionainne le déanaí, atá dírithe ar eacnamaíocht an réigiúin a chur chun cinn. Díreoidh an cur chuige comhphárteach nua seo ar mhargaíocht agus ar fhorbairt seirbhísí aerlíne ó Aerfort na Sionna.

### Tráchtáil/Miondíol

Ioncam ó mhiondíol agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála eile ag na trí aerfort Éireannacha ab ea tuairim is 43% de láimhdeachas an Ghrúpa. Bhí tionchar ag an mothú diúltach i measc thomhaltóirí chomh maith le láidreacht an Euro i gcoinne an phuint steirling agus dhollar na Stát Aontaithe ar thrádáil i rith na bliana.

Tháinig laghdú de 17% ar an leibhéal miondíola iomlán, lamháltóirí san áireamh, ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionna go dtí €244 milliún. Dhírigh an Grúpa ar nuálaíocht agus ar luach: seoladh roinnt tionscnaimh nua agus cuireadh leis na tairiscintí a bhí ann cheana féin.

Rinneadh athbhrandáil ar mhiondíol aerfoirt ag ár dtrí aerfort in Éirinn mar an Loop i rith na bliana. Dírionn an Loop ar luach, caighdeán agus seirbhís den scoth do chustaiméirí agus tá gealltanais ar phraghas ann freisin go mbeidh praghsanna an Loop i gcónaí níos fearr ná praghsanna sa ghnócheantar. Tá paisinéirí tar éis fáilte a chur roimh an Loop agus seolfar tuilleadh tionscnaimh miondíola níos déanaí i mbliana.

Seoladh seirbhís nua i mBealtaine chun cur ar chumas chustaiméirí atá ag taisteal taobh istigh den AE siopadóireacht a dhéanamh ag ár n-aerfoirt roimh dóibh fágáil agus na nithe a cheannaigh siad a bhailiú nuair a fhilleann siad. Bhí an-tóir ag paisinéirí ar an tseirbhís 'Ceannaigh & Bailigh' agus faoi dheireadh mhí na Nollag bhí díolacháin os cionn €1 mhilliún bainte amach aici.

Tá rialacháin nua a bhainistíonn díol tháirgí tobac i bPoblacht na hÉireann tar éis míbhuntáiste iomaíoch suntasach a chur ar aerfoirt Éireannacha an Ghrúpa i gcomparáid leis na hiomaitheoirí idirnáisiúnta ina bhfuil na táirgí seo fós le feiceáil ar na seilfeanna.

Tá titim mhór ar dhíolachán agus cailteanas do Stáitchiste na hÉireann mar thoradh air seo, mar go bhfuil lucht taistil – Éireannach agus eachtrannach araon – ag ceannach a gcuid tháirgí tobac thar lear seachas ag aerfoirt na hÉireann.

Tháinig laghdú ar láimhdeachas ó pháirceáil carranna ag ár dtrí aerfort in Éirinn i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach le córas áirithinte ar líne de chuid na cuideachta maidir le páirceáil carranna in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tháinig méadú beagnach faoi chúig ar an líon áirithintí ar líne i rith na bliana agus tá bainistíocht táirgeachta réamhghníomhach tar éis cur leis an toradh ó oibríocht an charrchlóis freisin. Tá sé i gceist ag an nGrúpa córas áirithintí páirceála carranna ar líne a chur i bhfeidhm in aerfoirt Chorcaí agus na Sionna.

**Rinneadh athbhrandáil ar mhiondíol aerfoirt ag ár dtrí aerfort in Éirinn mar an Loop i rith na bliana. Díríonn an Loop ar luach, caighdeán agus seirbhís den scoth do chustaiméirí agus tá gealltanas ar phraghas ann freisin go mbeidh praghsanna an Loop i gcónaí níos fearr ná praghsanna sa ghnócheantar.**

### Cathair Aerfort Bhaile Átha Cliath

Lean ÚABÁC ag déanamh dul chun cinn anuraidh lena phleananna do Chathair Aerfort Bhaile Átha Cliath, zón tráchtála 350 acra atá molta a bheidh lonnaithe ar thalamh neamhoibríochtúil na cuideachta ar an taobh thoir d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cé go dtuigeann ÚABÁC go bhfuil an margadh maoinne tráchtála fós íslithe, creideann sé go mbeidh tairbhe suntasach ar fáil d'eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta agus d'aerfort Bhaile Átha Cliath go háirithe, mar thoradh ar an bhforbairt máistirphleanáilte den suíomh straitéiseach seo thar scála ama 25 bliana, mar go gcuirfidh sé foinse mhalartach ioncaim ar fáil.

Bhí an phríomhfhócas i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú ar chur chun cinn ghnéithe lárnacha de na socrúithe pleanála agus rialachais do Chathair Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ar chur chun cinn na dtairbhí a bhaineann le heagraíochtaí agus gníomhaíochtaí na glanteicneolaíochta a mhealladh isteach sa chéad chéim den fhorbairt.

Sa chomhthéacs seo, tá áthas ar ÚABÁC a thabhairt faoi deara go raibh moltaí glanteicneolaíochta Chathair Aerfort Bhaile Átha Cliath i dTuarascáil an Choiste Ardleibhéil ar Fhiontar Ghlas de chuid an Rialtais, a foilsíodh ag deireadh na bliana seo caite.

### Aer Rianta Idirnáisiúnta

Déanann Aer Rianta Idirnáisiúnta ("ARI"), fochuideachta atá faoi úinéireacht iomlán ÚABÁC, bainistiú ar oibríochtaí miondíola aerfoirt thar lear agus tá scairshealbh mionlaigh aici i roinnt aerfoirt thar lear.

Bhí bliain dhúshlánach airgeadais ag ARI in 2009 agus brabús €13.4 milliún acu (míreanna eisceachtúla as an áireamh). Ba laghdú 47% é seo ar an mbliain roimhe sin. Ina theannta sin, tabhaíodh muirear bearnaithe sócmhainní de €11.3 milliún i rith na bliana.

Léirigh an laghdú i mbrabús an tionchar a bhí ag an gcor chun donais domhanda agus an chaoi ar laghdaigh sé líon na bpaisinéirí agus an méid a bhí á chaitheamh acu. Bhí tionchar ag díluacháil na n-airgeadraí áitiúla ar ghnóthaí miondíola taistil ARI sa Rúis agus san Úcráin.

Cé go bhfuil roinnt feabhsuithe feicthe agann ó thaobh líon na bpaisinéirí agus caiteachas miondíola sa CIS de, d'fhéadfadh brabúsacht laghdaithe leanúnach a bheith mar thoradh ar bhrúna iomaíochta sa margadh sa réigiún seo.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, d'éirigh le ARI, i gcomhar lenár gcomhpháirtí áitiúil IDFS, ina thairiscint chun an príomhionad saor ó dhleacht ag Aerfort Idirnáisiúnta Deilí a bhainistiú. Nuair a chuirfear i gcrích é, beidh an críochfort ag Aerfort Idirnáisiúnta Deilí ar an dara ceann is mó sa domhan. Beidh 4,000 méadar cearnach de spás miondíolacháin á fheidhmiú i gcomhar leis an aerfort ag an gcomhfhiontar seo i gCríochfort 3 ar feadh tréimhse 15 bliana. Tá tús curtha leis an gcéad chéim den tionscadal seo, agus osclófar na siopaí níos déanaí i mbliana. Tá Críochfort 3 deartha chun suas le 34 milliún paisinéir a láimhseáil in aghaidh na bliana.

Sa Chipir, osclaíodh Aerfort Idirnáisiúnta nua Larnaka, atá á fheidhmiú ag cuibhreannas Aerfoirt Hermes, i mí na Samhna. Is le fochuideachta ARI, Aer Rianta Idirnáisiúnta (an Meánoirthear) 11% d'Aerfoirt Hermes, agus tá ról mór aige sna lamhátais miondíolacháin agus bia agus deochanna ag Aerfort Larnaka.

Cuireadh siar oscailt sceidealta Chríochfort D (ar ar tugadh SVO3 roimhe seo) ag Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo Mhoscó, ina bhfuil conradh seacht mbliana faighte ag ARI, i rith na bliana arís. Táthar ag súil anois go mbeidh an críochfort nua ag feidhmiú go hiomlán níos déanaí i mbliana.

### **Buíochas**

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le mo chomhghleacaithe go léir ag ÚABÁC as ucht a gcuid oibre agus gairmiúlacht den scoth sa bhliain seo a chuaigh thart. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Bhord ÚABÁC agus dá Chathaoirleach David Dilger freisin as ucht a gcuid tacaíochta agus spreagadh leanúnach.

Declan Collier, Príomhfheidhmeannach

12 Márta 2010





# Athbhreithniú Airgeadais 2009

Buaicphointí Airgeadais an Ghrúpa	2009	2008	2007
<b>Páisínéirí</b>			
Iomlán ('000)	26,067	29,895	30,088
Fás (%)	-13%	-1%	8%
<b>Brabúsacht (€'m)</b>			
Láimhdeachas	547	631	623
Fás (%)	-13%	1%	6%
TRÚCDA an Ghrúpa <sup>1</sup>	126	155	170
Fás (%)	-19%	-9%	17%
Brabús an Ghrúpa gan míreanna eisceachtúla san áireamh	38	78	109
(Cailteanas)/brabús an ghrúpa don bhliain	(13)	47	348
<b>Sreabhadh Airgid (€'m)</b>			
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	131	162	170
Sreabhadh airgid roimh mhaoiniú/acmhainní leachtacha	(429)	(222)	171
<b>Clár Comhardaithe (€'m)</b>			
Mórshócmhainní <sup>2</sup>	2,612	2,432	1,705
Cistí na Scairsealbhóirí	977	1,009	977
Ollfhíachas	1,254	1,067	481
Airgead tirim	638	879	516
Glanfhíachas/(cistí)	616	188	(35)
<b>Caiteachas Caipitiúil (€'m)</b>			
Breiseanna an chaiteachais chaipitiúil	522	406	272
<b>Eochair-Chóimheasa</b>			
TRÚCDA an Ghrúpa: Glanmhuirear úis <sup>3</sup>	11.4x	18.2x	21.4x
Glanfhíachas: TRÚCDA an Ghrúpa	4.9x	1.2x	n/a
TRÚCDA an Ghrúpa: Láimhdeachas	23%	25%	27%
Toradh ar mheánchothromas roimh mhíreanna eisceachtúla <sup>4</sup>	4%	8%	13%

<sup>1</sup> Is é tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin, dímhéas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla ó ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, cé is moite de rannchuidiú ó ghnóthais ghaolmhara agus comhfhiontair atá i TRÚCDA an ghrúpa.

<sup>2</sup> Is iad na sócmhainní seasta agus reatha atá sna mórshócmhainní.

<sup>3</sup> Tá an glanmhuirear úis comhdhéanta de ghlan-ús an Ghrúpa, cé is moite de ghnóthais ghaolmhara agus comhfhiontair.

<sup>4</sup> Tá an toradh ar mheánchothromas bunaithe ar bhrabús an Ghrúpa gan míreanna eisceachtúla san áireamh mar chéatádan de mheánchistí scairsealbhóirí.

## Brabúsacht

Ba é cailteanas an Ghrúpa i gcomhair na bliana airgeadais ná €13 milliún (tar éis cánach), i gcomparáid le brabús de €47 milliún in 2008. Nuair nach n'áirítear míreanna eisceachtúla (glan ó cháin) de €51 milliún (2008: €31 milliún), ba é brabús an Ghrúpa don bhliain ná €38 milliún (2008: €78 milliún). Tháinig laghdú de €29 milliún (-19%) ar TRÚCDA an Ghrúpa go €126 milliún. Ba léiriú a bhí anseo ar thitim in ranníocaíocht ollchorrlaigh de €47 milliún a bhain le cúisí eacnamaíochta níos laige lúide coigiltis ar chostais feidhmíochta (párolla agus eile) de €18 milliún.

## Líon agus fás na bpaisínéirí

Tháinig laghdú de 12.8% ar líon na bpaisínéirí sna trí aerfort go 26.1 milliún. Tháinig laghdú de 12.6% ar líon na bpaisínéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath go 20.5 milliún. Tháinig laghdú 11.8% go 2.8 milliún ar líon na bpaisínéirí in Aerfort na Sionna. Tháinig laghdú de 15.0% ar líon na bpaisínéirí in Aerfort Chorcaí go 2.8 milliún.

## Láimhdeachas

Ba é láimhdeachas an Ghrúpa ná €547 milliún, laghdú de €84 milliún (-13%) ar an mbliain roimhe sin. Tháinig €359 milliún den mhéid seo ó ghníomhaíochtaí tráchtála thar lear agus ag na trí aerfort, laghdú de €59 milliún (-14%) ar 2008. Tháinig laghdú de €25 milliún (-12%) ar láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí aerloingseoireachta.

## Costais oibriúcháin

Tháinig laghdú de €18 milliún (-6%) go dtí €291 milliún ar chostais oibriúcháin iomlána an Ghrúpa (cé is moite de chostais díolacháin, dímhéasa agus amúchta, agus míreanna eisceachtúla), agus ba léiriú a bhí anseo ar thionchar tosaigh na mbeart coigilte costais a thug an Grúpa isteach i rith na bliana 2009. Tháinig laghdú de €10 milliún (-5%) ar chostais párolla an Ghrúpa (gan míreanna eisceachtúla san áireamh) agus tháinig laghdú de €8 milliún (-6%) ar chostais neamh-párolla an Ghrúpa.

## Míreanna eisceachtúla

Tá míreanna eisceachtúla leagtha síos i nóta 4 agus tá soláthar de €46 milliún i leith clár gnóthaithe costas, atá aontaithe tar éis dul i gcomhairle le baill foirne agus ionadaithe do bhaill foirne i rith 2009, mar chuid de na míreanna seo. Tá muirear bearnaithe de €11 milliún mar chuid de na míreanna eisceachtúla freisin, tar éis athbhreithnithe a rinneadh ar luach iompair na sócmhainní seasta intadhaill i ngnóthas fochuideachta. Ba é glanluach iomlán na míreanna eisceachtúla tar éis cánach ná €51 milliún in 2009 (2008: €31 milliún).

## Dímhéas agus amúchadh

Laghdaigh costais dímhéasa agus amúchta (gan míreanna eisceachtúla san áireamh) de €4 mhilliún go dtí €63 milliún.

## Comhlaigh & comhfhiontair

Tháinig laghdú ar sciar an Ghrúpa de bhrabús oibriúcháin (roimh ús agus chánachas) ó ghnóthais chomhlacha agus comhfhiontair de €16 milliún go €14 milliún.

## Ús

Ba é glan-ús an Ghrúpa (gan chomhlaigh agus comhfhiontair san áireamh) do 2009 ná €11 milliún (2008: €8.5 milliún). Ba é méid iomlán an úis chaipitlithe ná €21 milliún (2008: €4 mhilliún). Tháinig laghdú ar sciar an Ghrúpa de ghlanchothas úis na gcomhlach agus na gcomhfhiontair de €0.6 milliún go €9 milliún.

## Cánachas

Laghdaigh muirear cánach an Ghrúpa ó €7 milliún go dtí €9 milliún. Gan cháin ar mhíreanna eisceachtúla san áireamh, laghdaigh an muirear cánach de €6 mhilliún, go dtí €15 milliún rud a léiríonn an meath sa bhrabús inchánach. Gan míreanna eisceachtúla san áireamh, ba é an ráta feidhmiúil cánach ná 27% (2008: 21%) rud a léiríonn go bhfuil rátaí cánach níos airde ag baint le hoibríochtaí idirnáisiúnta an Ghrúpa i gcomparáid lena ghníomhaíochtaí in Éirinn.

## Sreabhadh Airgid & Cistiú

Ba é €131 milliún an glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (2008: €162 milliún), agus ba TRÚCDA laghdaithe ba mhó ba chúis leis sin. Ag deireadh na bliana 2009, bhí glanfhíachas de €616 milliún ag an nGrúpa i gcomparáid le €188 milliún in 2008. Ba é €638 milliún an t-airgead tirim ag deireadh na bliana (2008: €879 milliún).

Ba é cumhdach úis an Ghrúpa ná faoi 11.4 uair (2008: faoi 18.2 uair) bunaithe ar TRÚCDA an Ghrúpa a roinnt ar ghlanmhuirear úis an Ghrúpa.

## Clár Comhardaithe

Tháinig laghdú ar chistí na scairsealbhóirí go €977 milliún (2008: €1,009 milliún). Ba é luach na mórshócmhainní ná €2.6 billiún (2008: €2.4 billiún). Ba é €1.9 billiún luach

na sócmhainní seasta agus airgeadais (2008: €1.5 billiún).

Tháinig laghdú de €28 milliún go dtí €630 milliún ar chuntas brabúis agus cailteanais charntha na Cuideachta, an bunús ar a ríomhtar cúlchiste indáilte na Cuideachta, an 31 Nollaig 2009.

### Cistíocht

Is iad na príomhrioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais an Ghrúpa ná riosca na leachtachta, riosca na rátaí úis, riosca na n airgeadraí coigríche agus riosca creidmheasa. Déanann an Bord athbhreithniú, agus aontaíonn sé ar bheartais le gach ceann de na rioscaí sin a bhainistiú, agus tugtar achoimre orthu thíos.

Baineann an Grúpa leas ó thráth go chéile as díorthaigh chun rioscaí na malairte coigríche agus rátaí úis a dhíothú nó a laghdú; rioscaí a eascraíonn ó oibríochtaí an Ghrúpa agus óna fhoinse airgeadais.

### Riosca Leachtachta

Is é beartas an Ghrúpa é leanúnachas an chistithe a chinntiú trí na bearta seo a leanas: (a) saoráidí ceangailte a chothú a chlúdaíonn caiteachas caipitiúil 12 mhí nó glan-riachtanais airgeadais 18 mí ar a laghad agus (b) cinntiú go mbeidh cion substainteach d'iasachtaí ag teacht chun aibíochta tar éis níos mó ná cúig bliana. Bhí timpeall 73% d'iasachtaí an Ghrúpa ag deireadh na bliana 2009 dlite chun aibíú tar éis ní ba mhó ná cúig bliana. Ba é €560 milliún luach na saoráidí saintiomanta neamhtharraingte ag ceann na bliana. Ag deireadh na bliana bhí tiomantais chaipitiúla (ar conradh agus gan chonradh) de €127 milliún (Cuideachta: €125 milliún) ag an nGrúpa. Ar an dáta céanna, ba é an leachtacht a bhí i gceist ná €1,198 milliún, a bhí comhdhéanta d'airgead tirim de €638 milliún agus saoráidí iasachta tiomanta neamhtharraingte de €560 milliún.

### Riosca na rátaí úis

Tá sé mar bheartas ag an nGrúpa an cuntas brabúis agus cailteanais agus sreabhadh airgid a chosaint ó ghluaiseachtaí ábhartha diúltacha i rátaí úis trí thabhairt faoi bhainistíocht rialaithe ar struchtúr an ráta úis ar iasachtaí agus infheistíochtaí an Ghrúpa. Ag deireadh 2009 bhí a fhiachas ainmnithe mar fhiachas fadtéarmach úis seasta ag an nGrúpa, agus an neamhchosaint do luaineachtaí sna rátaí úis á híoslaghdú dá réir. Áirítear leis seo fíachas liostaithe trí dhá eisiúint Eorabhanna agus iasachtaí fadtéarmacha ón mBanc Eorpach Infheistíochta. I rith 2009, ba é an meánráta úis ualaithe a bhí i gceist ar iasachtaí an Ghrúpa ná 6.0%. Tá sé mar bheartas ag an nGrúpa íoschóimheas seasta de 70% ar fíachas reatha a choinneáil.


### Bainistiú riosca an mhalartaithe coigríche

Is in euro a ainmnítear gnólachtaí Éireannacha an Ghrúpa go príomha. Tá roinnt gnóthais fochuideachtaí agus chomhlacha thar lear ag an nGrúpa óna ndéantar díbhinní agus muirir bhainistíochta a ainmniú in airgeadraí coigríche. Sna cásanna ina dtagann siad aníos, is é beartas an Ghrúpa é riosca idirbheartaithe airgeadraí a íoslaghdú, tríd an neamhchosaint d'idirbheartuithe malairte coigríche a fhálú, idirbheartuithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an mbrabús a thuairiscítear. Nochtar an neamhchosaint d'airgeadraí i Nóta 27. Ní iompraíonn an Grúpa neamhchosaint maidir le hairgeadraí coigríche ar aghaidh seachas i ngnáthchúrsa an ghnó.


### Riosca creidmheasa

Is iad éarlaisí in airgead tirim, infheistíochtaí gearrthéarmacha agus féichiúnaithe trádála príomhriosca creidmheasa an Ghrúpa. Ní chuirtear na farasbairr in airgead tirim i dtaisce ach le bainc agus le hinstiúidí d'acmhainneacht creidmheasa chúí. Tá an Grúpa tar éis nósanna imeachta a chur ar bhonn foirmiúil do na teorainneacha creidmheasa a leagan amach, lena n áirítear monatóireacht na bhféichiúnaithe trádála agus teorainneacha éarlaise.

### Líon Iomlán na bPaisinéirí (m)




### Laimhdeachas an Ghrúpa (€'m)




### TRÚCDA an Ghrúpa (€'m)



### Breisthe Sócmhainní Seasta (€'m)



### Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibrilúcháin (€'m)



### Glanfíach an Ghrúpa (€'m)










# Tuarascáil Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais comhdhlúthaithe 2009

35	Tuarascáil na stiúrthóirí
40	Ráiteas i dtaobh fhreagrachtaí na stiúrthóirí
41	Tuarascáil an iniúcháora neamhspleáigh
42	Ráiteas um beartais chuntasafóchta
45	Cuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa
46	Ráiteas um ghnóthacháin agus chailteanais aitheanta iomlána
46	Réiteach gluaiseachta i gcistí scairshealbhóirí
47	Clár comhardaithe an ghrúpa
48	Clár comhardaithe na cuideachta
49	Ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa
50	Nótaí faoi na ráitis airgeadais agus nótaí mar chuid de na ráitis airgid sin
75	Achoimrí cúig bliana



# Tuarascáil na stiúrthóirí

Is cúis sásaimh do na stiúrthóirí í a dtuarascáil bhliantúil a chur ar fáil i dteannta na ráiteas airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa ná forbairt, oibriú agus bainistiú aerfort, bainistiú miondóla in aerfoirt Éireannacha agus idirnáisiúnta agus infheistíocht in aerfoirt idirnáisiúnta.

## Athbhreithniú ar an nGnó agus ar Fhorbairtí na Todhchaí

Tá tráchtairreachtaí mionsonraithe ar fheidhmíocht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, lena n-áirítear faisnéis ar imeachtaí le déanaí, forbairtí dóchúla sa todhchaí, na príomhphriacail agus neamhchinnteachtaí a bheidh os comhair an ghnó agus na príomhtháscairí feidhmíochta, arna héileamh de bhun Ionstraim Reachtúil 116 de 2005: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta agus Leasuithe Ilghnéitheacha) 2005, le fáil i ráiteas an Chathaoirligh, in athbhreithniú an Phríomhfeidhmeannaigh agus san Athbhreithniú Airgeadais

Faoi mar atá leagtha amach thíos, taispeánann torthaí airgeadais an Ghrúpa don bhliain cailteanas de €13.3 milliún don bhliain airgeadais, i gcomparáid le brabús de €47.1 milliún don bhliain 2008:

	2009 € milliún	2008 € milliún
Brabús oibriúcháin an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla	62.7	87.7
Mír eisceachtúil – bearnú (2008: costais phinsin)	(11.3)	(36.0)
Brabús oibriúcháin an Ghrúpa tar éis mír eisceachtúil Sciar de bhrabús oibriúcháin chomhlach agus chomhfhiontar	51.4	51.7
Míreanna eisceachtúla – clár gnóthaithe costas agus eile	(45.6)	0.8
Brabús an Ghrúpa roimh ús agus chánachas	19.8	82.7
Ús (glan) 1- Grúpa, comhlaigh agus comhfhiontar	(20.1)	(17.1)
(Cailteanas)/brabús an Ghrúpa roimh chánachas	(0.3)	65.6
Cáin – Grúpa, comhlaigh agus comhfhiontar	(9.5)	(16.6)
(Cailteanas)/brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánachais	(9.8)	49.0
Leas mionlaigh	(3.5)	(1.9)
(Cailteanas)/brabús an ghrúpa don bhliain airgeadais	(13.3)	47.1

1. Áirítear leis seo ioncam ó shócmhainní airgeadais eile

Leagtar amach mionsonraí na dtorthaí don bhliain i gcontas brabúis agus cailteanas an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara.

Thaifead an Ghrúpa glanchoigeartú €51.2 milliún (€56.9 milliún roimh cháin) sa bhliain 2009 arna chomhdhéanamh de chostas aonuaire soláthair don chlár gnóthaithe costas €40.7 milliún (€46.5 milliún roimh cháin), muirear bearnaithe €11.3 milliún (Dada in 2008) agus glanchoigeartú €0.8 milliún (€0.9 milliún roimh cháin) i leith mír eisceachtúil ó bhliain roimhe sin. In 2008, thaifead an Grúpa glanchoigeartú €30.8 milliún a chuimsiún soláthar pinsean aonuaire €31.5 milliún (€36.0 milliún roimh cháin) agus glanchoigeartú €0.7 milliún (€0.8 milliún roimh cháin) i ndáil le míreanna eisceachtúla na bliana roimhe. Déantar plé breise ar mhíreanna eisceachtúla i Nóta 4 na ráiteas airgeadais.

## An tAcht um Aerfoirt Stáit 2004 agus Deighilt Aerfoirt Chorcaí agus na Sionna

D'fhógair an Rialtas in 2003 go raibh sé beartaithe acu athstruchtúrú a dhéanamh ar an gCuideachta, agus leagadh amach an bunús reachtúil riachtanach chuige sin san Acht um Aerfoirt Stáit ("Acht 2004"). De bhun an aicta sin ní bheidh aerfoirt na Sionna agus Chorcaí faoi úinéireacht an Ghrúpa sa todhchaí (an "tAthstruchtúrú"). I mí na Nollaig 2008, d'fhógair an tAire Iompair go raibh an tAthstruchtúrú curtha siar go dtí 2011.

Go dtí go gcuirfeadh an tAthstruchtúrú i gcrích, fanfaidh sócmhainní agus dliteanas aerfoirt Chorcaí agus na Sionna i lámha na Cuideachta faoi mar a fhanfaidh bainistiú, feidhmíocht agus forbairt na n-aerfort sin. Tá Údarás Aerfort Chorcaí cpt ("ÚAC") agus Údarás Aerfort na Sionna ("ÚAS") faoi úinéireacht an Aire Airgeadais agus ní cuid den Ghrúpa iad, ach tar éis an Athstruchtúraithe feidhmeoidh siad mar údarás aerfoirt a bheidh neamhspleách go hiomlán agus uathrialach go dlíthiúil i gcomhair aerfoirt Chorcaí agus aerfoirt na Sionna faoi seach. Arna fheitheamh sin, agus de bhun Acht 2004, rinne an Cuideachta comhaontú bainistíochta le ÚAC agus ÚAS maidir le feidhmeanna áirithe dá gcuid i ndáil le haerfoirt Chorcaí agus na Sionna faoi seach a chur i bhfeidhm.

## Rialachas Corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta do choinneáil na n-ardchaighdeán maidir le rialachas corparáideach. Leagtar amach thíos mionsonraí faoi conas a chuirtear na príonsabail bhainteacha maidir le dea-rialachas atá sa Chód Comhchuimsithe um Rialachas Corparáideach (Combined Code on Corporate Governance) (ar a dtugtar Cód Comhchuimsithe 2008) i bhfeidhm go deonach in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt. Creideann na stiúrthóirí go gcuidíonn feidhmíocht na bprionsabal sin leis an nGrúpa cloí leis na riachtanais eitiúla agus eile atá intuigthe sa Chód Cleachtas um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais.

Pléann na hailt seo a leanas géilliúlacht an Ghrúpa do Chód Comhchuimsithe 2008.

## An Bord agus Coistí

Tá Bord i gceannas ar an nGrúpa, ar a bhfuil ochtar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, ceathrar stiúrthóirí mar ionadaithe na bhfostaithe agus stiúrthóirí feidhmiúcháin amháin (an Príomhfeidhmeannach). Ní hionann ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfeidhmeannaigh. Is é an tAire Iompair, le comhthoilí an Aire Airgeadais, a cheapann Cathaoirleach agus stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ceaptar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar feadh téarmaí nach mó ná cúig bliana. Is é Bord Stiúrthóirí na Cuideachta a cheapann an Príomhfeidhmeannach, agus is ball de bhrí oifige de chuid an Bhoird é/i. Ceaptar stiúrthóirí na bhfostaithe ar feadh téarma chomh fada le ceithre bliana i ndiaidh próiseas ainmniúcháin agus toghcháin faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 2001.

Measann an Bord go bhfuil gach stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin (chun na críche seo is iad sin na stiúrthóirí go léir seachas an Príomhfeidhmeannach agus na stiúrthóirí atá ceaptha mar ionadaithe na bhfostaithe) neamhspleách agus tá nósanna imeachta sainiúla ag an mbord chun plé le coimhlíntí leasa féideartha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Measann an Bord go bhfuil gach stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ina charachtar agus ina bhreithiúnas, d'ainneoin gur ceapadh chuig an mbord iad le comhthoilí an Aire Airgeadais, an príomh-scairshealbhóir. Ag teacht le Cód Comhchuimsithe 2008, is beartas de chuid an Bhoird é go dtionóilann an Cathaoirleach cruinnithe leis na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin gan stiúrthóirí eile a bheith i láthair, ar a laghad uair amháin sa bhliain.

Stiúrann an Cathaoirleach an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Is é an Cathaoirleach a bhíonn freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirteachas éifeachtach na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin chomh maith le caidrimh dhearfacha idir an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, cinntíonn sé go bhfaigheann stiúrthóirí faisnéis chruinn thráthúil shoiléir, agus bainistíonn sé cumarsáid éifeachtach le scairshealbhóirí.

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord i gcaitheamh na bliana. Bíonn an Bord freagrach as bainistiú cuí an Ghrúpa, agus glacann sé gach cinneadh straitéiseach agus coinníonn sé smacht éifeachtach, iomlán ar chúrsaí ach dóthain solúbthachta a thabhairt don lucht bainistíochta chun an gnó a réachtáil go héifeachtúil laistigh de chreatlach láraithe tuairiscithe.

D'éirigh an tUasal Gary McGann (Cathaoirleach) agus an tUasal Brian Lynch as a bpost mar stiúrthóirí ar 12 Márta agus an 20 Márta 2009 faoi seach. Cheap an tAire Iompair, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, an tUasal David Dilger mar Chathaoirleach an Bhoird ar 22 Bealtaine 2009.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige na stiúrthóirí seo a leanas ar 30 Meán Fómhair 2009; an tUasal Bill Cullen, an tUasal Des Cummins, an tUasal Mary Davis, Sir Michael Hodgkinson, an tUasal Marion Keating, an tUasal Marie O'Connor agus an tUasal Anthony Spollen.

Cheap an tAire Iompair, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, an tUasal Gerard Collins agus an tUasal Gerry Walsh mar bhaill den Bhord ar 5 Samhain 2009, agus rinne sé an tUasal Bill Cullen, an tUasal Marie O'Connor agus Sir Michael Hodgkinson a athcheapadh mar bhaill den bhoird.

Cheap an tAire Iompair, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, an tUasal Brian O'Connell mar bhall den bhord ar 3 Nollaig 2009.

Tar éis próiseas ainmniúcháin agus toghcháin faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go dtí 2001, ghníomhaigh an tAire Iompair ar 1 Deireadh Fómhair, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, agus rinne sé An tUasal Mary McCabe agus an tUasal Barry Nevin a athcheapadh, agus an tUasal Michael Lenane, agus an tUasal Thomas Guilfoyle a cheapadh mar bhaill den bhoird.

Thionóil an Bord deich gcruinníú san iomlán i gcaitheamh na bliana agus is mar seo a leanas a freastalaíodh orthu:

Stiúrthóir	Tinreamh	Stiúrthóir	Tinreamh
An tUasal David Dilger	5/5	An tUasal Marion Keating	7/8
An tUasal Gary McGann	2/3	An tUasal Michael Lenane	2/2
An tUasal Declan Collier	10/10	An tUasal Brian Lynch	3/3
An tUasal Peter Barrett	10/10	An tUasal Barry Nevin	10/10
An tUasal Gerard Collins	2/2	An tUasal Mary McCabe	8/10
An tUasal Bill Cullen	10/10	An tUasal Brian O'Connell	1/1
An tUasal Des Cummins	7/8	An tUasal Marie O'Connor	10/10
An tUasal Mary Davis	5/8	An tUasal Anthony Spollen	6/8
An tUasal Thomas Guilfoyle	2/2	An tUasal Gerry Walsh	2/2
An Ridire Michael Hodgkinson	9/10		

Tá míreanna áirithe coimeáda siar ag an mBord dá athbhreithniú, lena n-áirítear, inter alia, faomhadh na ráiteas airgeadais bliantúla, buiséid bhliantúla, plean corparáideach, éadálacha suntasacha, diúscairtí, infheistíochtaí i gcomhfhiontair, conarthaí suntasacha, idirbhearta maoinne, infheistíochtaí an-mhór agus caiteachas caipitiúil an-mhór, agus ceapacháin agus luach saothair lucht na bainistíochta sinsearaí. Tá próiseas cuimsitheach

ag an nGrúpa chun faisnéis bainistíochta a thuairisciú don Bhord. Cuirtear faisnéis ar fáil go rialta don Bhord, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta i leith gach gné den ghnó. Scaiptear tuairiscí agus páipéir go rialta ar na stiúrthóirí ar bhealach thráthúil d'fhonn ullmhúchán a dhéanamh do chruinnithe Boird agus Coiste. Anuas ar na páipéir sin, cuirtear faisnéis bhreise ar fáil do na stiúrthóirí ó am go ham nuair a iarrann siad a leithéid go sonrach.

Faigheann na stiúrthóirí uile cuntais agus faisnéis airgeadais bhainistíochta go rialta a chuireann ar a gcumas feidhmiú an Ghrúpa agus an lucht bainistíochta a scrúdú i bhfianaise cuspóirí aontaithe.

Bíonn rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, atá freagrach don Bhord lena chinntiú go gcoítear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin infheidhmithe. Is féidir leis an mBord dul i gcomhairle le comhairleoirí gairmiúla na Cuideachta de réir mar is gá. Féadann stiúrthóirí aonair comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil, ag teacht le nósanna imeachta na Cuideachta, ar chostas na Cuideachta.

Tugtar cáipéisí eolais faoin nGrúpa agus a chuid oibríochtaí mar aon leis an oiliúint ábhartha do gach stiúrthóir nuair a cheapar é nó í.

Is é An tUasal Bill Cullen an Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Sinsearach Neamhspleách.

#### Measúnú Feidhmíochta

Tá measúnú foirmiúil déanta ag an mBord ar fheidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ag teacht le ceanglais Chód Comhchuisithe 2008.

#### Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach coistí curtha i bhfeidhm ag an mBord le cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá mionsonraí maidir leis an gCoiste Iniúchta agus leis an gCoiste Luach Saothair agus Ceapachán, lena n-áirítear baill reatha an Bhoird, leagtha amach thíos.

#### An Coiste Iniúchta

Is iad An tUasal Peter Barrett (Cathaoirleach), An tUasal Gerard Collins, An tUasal Marie O'Connor agus An tUasal Gerry Walsh baill an Choiste Iniúchta faoi láthair. Is iondúil go mbuaileann an coiste seo le chéile ceithre huair ar a laghad in aghaidh na bliana, agus oibríonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus faoi chairt iniúchta. Féadann an coiste aon ní a bhaineann le gnóthaí airgeadais agus socrúithe rialúcháin inmheánaigh an Ghrúpa a athbhreithniú. Tá an coiste freagrach don Bhord as athbhreithniú a dhéanamh ar na rialúcháin inmheánacha, ar athbhreithniú na ndrécachtráiteas airgeadais agus ar scóip agus fheidhmiú Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.

Déanann sé athbhreithniú freisin ar scóip agus ar thorthaí an iniúchta sheachtraigh agus ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúcháirí seachtracha. Cothaíonn an Bord caidreamh oibiachtúil gairmiúil le hiniúcháirí an Ghrúpa. Bíonn nósanna imeachta um athbhreithniú ann chun oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an iniúcháir a chosaint nuair a sholáthraíonn an t-iniúcháir seachtrach seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad. Tugann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc don Bhord faoi gach saincheist shuntasach a ndéanann an coiste breithniú uirthi.

Tá nósanna imeachta leagtha síos ag an gCuideachta lena chinntiú go bhfuil socrúithe cuí i bhfeidhm le go bhféadfaidh fostaithe ceisteanna a bhaineann le hiompar míchuí a tharraingt anuas faoi rún, agus tá socrúithe ann le cinntiú go leanfar ar aghaidh leis an scéal ina dhiaidh sin.

**An Coiste Luach Saothair agus Ceapachán**

Is iad An tUasal David Dilger (Cathaoirleach), An tUasal Bill Cullen, An Ridire Michael Hodgkinson agus An tUasal Marie O'Connor baill an Choiste Luach Saothair agus Ceapachán faoi láthair. Tugann an coiste seo comhairle don Bhord faoi cheapacháin nua chuig an mBord agus chuig an mbainistíocht shinsearach, agus cinneann agus ceadaíonn sé socrúithe faoi luach saothair agus bónaís don Phríomhfheidhmeannach agus do bhaill eile na bainistíochta sinsearaí.

Ní raibh cruinniú ar bith ag an gCoiste Iniúchta ná ag an gCoiste Luach Saothair agus Ceapachán reatha i rith na bliana. Tionóladh ceithre chruinniú den Iar-Choiste Iniúchta agus cruinniú amháin den Iar-Choiste Luach Saothair agus Ceapachán i rith na bliana. Is iad seo a leanas sonraí tinrimh na stiúrthóirí aonair ag na cruinnithe sin:

An Coiste Iniúchta		An Coiste Luach Saothair agus Ceapachán	
Stiúrthóir	Tinreamh	Stiúrthóir	Tinreamh
An tUasal Anthony Spollen	4/4	An tUasal Gary McGann	1/1
An tUasal Des Cummins	4/4	An tUasal Marie O'Connor	1/1
An tUasal Mary Davis	4/4	An Ridire Michael Hodgkinson	1/1

Chomh maith leis an gCoiste Iniúchta agus an Coiste Luach Saothair agus Ceapachán, is amhlaidh atá roinnt coistí eile ag an mBord le cuidiú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ina measc sin atá Coiste Forbartha an Aerfoirt, an Coiste um Shláinte, um Shábháilteacht, um Shlándaíl agus um Sheirbhísí do Chustaiméirí, Coiste Sonrúcháin Chríochfort 2, Coiste Tagarmharcála Chríochfort 2, agus an Coiste Séalaithe.

**Leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí**

Ní raibh aon leas tairbheach ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scaireanna ná i stoc iasachta na Cuideachta ná a fochuideachtaí ag aon am i gcaitheamh na bliana ná sa bhliain airgeadais roimhe sin ach amháin An Cathaoirleach, An tUasal David Dilger, a raibh, ar an 22 Bealtaine 2009, nuair a ceapadh chun an Bhoird é agus ar 31 Nollaig 2009, leas tairbheach de €500,000 aige i nótaí iasachta liostáilte 6.5872% iníochta in 2018 arna n-eisiúint ag fochuideachta na Cuideachta, DAA Finance cpt.

Tá an Bord sásta go bhfuil a stiúrthóirí saor ó aon chaidreamh gnó nó eile a d'fhéadfadh cur isteach go hábhartha, nó lena ndealrúfaí go gcuirfí isteach, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleáigh. Is féidir le comhaltaí an Bhoird stiúrthóireachtaí a bheith acu nó (i gcás stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) poist feidhmiúcháin a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, a d'fhéadfadh cuid acu sin (nó a gcuid cleamhnuithe) idirbhearta a bheith acu sa ghnáthchúrsa ar bhunús fhad rí leis an nGrúpa.

Is nós cleachtais é, de réir fhorálacha alt 34 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998 agus an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, go ndéanfaidh gach stiúrthóir leas ar bith a éilítear a nochtadh agus gan a bheith i láthair ag díospóireachtaí an Bhoird a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an leas sin. Déantar nochtadh, faoi mar a éilítear, i nóta 29 "Nochtadh Páirtithe Gaolmhara" maidir le hidirbhearta le páirtithe bainteacha nuair atá leas ábhartha ag stiúrthóir in aonán a bhaineann le hábhar. De réir dhlí na gcuideachtaí, déantar sonraí na stiúrthóireachtaí atá ag comhaltaí an Bhoird a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

**Luach Saothair na Stiúrthóirí**

Is é an tAire Iompair a chinneann táillí na stiúrthóirí, le comthoilíú an Aire Airgeadais. Cinntear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na socrúcháin arna n-eisiúint ag an Roinn Iompair chun luach saothair Phríomhfheidhmeannaigh an Ghrúpa Chomhlachtaí Tráchtála Stáit atá faoina choimirce a chinneadh, agus é sin ar an gcoinníoll go bhfaightear tuairim fhabhrach ón gCoiste Luach Saothair agus Ceapachán agus ón Aire Iompair. Baineann sciar áirithe de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le feidhmíocht, agus bíonn sí ceangailte ar an mbealach sin le cuspóirí agus le straitéisí an Ghrúpa.

Leagtar amach sonraí tháillí agus luach saothair na stiúrthóirí i nóta 6 de na ráitis airgeadais de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 agus an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

**Freagracht, Bainistiú Rioscaí agus Iniúchadh**

Aithníonn na stiúrthóirí a bhfreagracht fhoriomlán as bunú agus cothabháil an chórais rialúcháin inmheánaigh ar fud an Ghrúpa.

Is éard atá sa chóras rialúcháin inmheánaigh ná na próisis leanúnacha sin chun na priacail shuntasacha atá os comhair an Ghrúpa a mheas agus a bhainistiú le linn dó a bheith ag saothrú a chuspóirí gnó. Tá córas den sórt sin leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar phriacail na teipe, seachas deireadh a chur leis, agus mar sin ní féidir leis ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a chur ar fáil go mbainfidh an Grúpa amach na cuspóirí sin nó nach bhfulaingeoideadh sé ó mhíríteas ábhartha ná cailteanas ábhartha.

Tá struchtúr eagrúcháin soiléir ag an nGrúpa faoi threoir laethúil an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá línte sainithe maidir le freagracht agus tarmlígean údaráis bunaithe sa chuideachta.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as na priacail shuntasacha a bhaineann lena limistéir ghnó a aithint agus a mheasúnú i dteannta le rialacháin inmheánacha oiriúnacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tá na priacail mhóra aitheanta ag an lucht bainistíochta a d'fhéadfadh cur isteach go hábhartha ar dhálaí airgeadaíochta nó ghnó an Ghrúpa nó ar thorthaí a chuid oibríochtaí, agus tá sé sin déanta acu mar chuid den phróiseas aitheanta seo. Déantar measúnú ar na priacail sin ar bhonn leanúnach, agus tugann an lucht bainistíochta tuairisc don Bhord faoi aon athruithe suntasacha a tharlaíonn i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí seachtracha, a mbeadh tionchar acu ar na priacail mhóra a aithníodh.

Tá roinnt príomhnósanna imeachta bunaithe ag na stiúrthóirí chun córas éifeachtach rialacháin inmheánaigh a sholáthar, lena n-áirítear athbheithníú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialacháin inmheánaigh. Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta, a dtacaíonn rialacháin agus próisis mhionsonraithe leo:

- baint ghníomhach a bheith ag an mBord i measúnú na bpríomhphriacal atá os comhair an Ghrúpa, agus i gceapadh bealaí oiriúnacha chuí chun na priacail sin a bhainistiú;
- sceideal míreanna a choinnítear le haghaidh fhaomhadh an Bhoird;
- struchtúr eagrúcháin atá sainithe go soiléir le deighilt iomchuí idir dualgais agus tarmigeán na freagrachta agus an údarás inar féidir gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a fheidhmiú, a rialáil agus a fhaire le go mbeifear amach na cuspóirí straitéiseacha sin ar ghlac an Bord leo ar son an Ghrúpa;
- córas foirmiúil um tuairisciú priacal;
- cód foirmiúil maidir le heitic gnó;
- córas cuimsitheach maidir le bainistiú agus tuairisciú airgeadais, cuntasáíocht, bainistiú cistí agus measúnú tionscadal;
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir ó thaobh caiteachas airgeadais lena n-áirítear fáil agus caiteachas caipitiúil;
- buiséid bhliantúla agus pleananna airgeadais bliantúla don Ghrúpa agus d'aonaid ghnó;
- ionadaíocht a bheith i bpríomhchomhlaigh agus i gcomhfhiontair an Ghrúpa ag leibhéal an Bhoird trína feidhmeannaigh shinsearacha a bheith i láthair air.
- monatóireacht na feidhmíochta i bhfianaise bhuiséid an Ghrúpa agus a phríomhchomhlach agus a chomhfhiontar agus tuairisciú don Bhard ar bhonn míósúil;
- rannóg Iniúchta Inmheánaigh a athbheithníonn príomhchórais agus rialacháin;
- Coiste Iniúchta, ar a bhfuil ceathrar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, a athbheithníonn pleananna iniúcháireachta agus a dhéileálann le saincheisteanna rialála suntasacha a ardaíonn na hiniúcháirí inmheánacha nó seachtracha, agus a bhuaileann le chéile go tréimhsiúil leis na hiniúcháirí inmheánacha agus leis na hiniúcháirí seachtracha;
- rochtain iomlán neamhsrianta ar an gCoiste Iniúchta don iniúcháireacht inmheánach agus sheachtrach;
- struchtúr gníomhach d'fhochoistí an Bhoird;
- feidhmeanna bainistíochta um Shlándaíl, Sábháilteacht agus Caighdeán Eitlíochta a dhéanann monatóireacht ar chaighdeán na sábháilteachta agus na slándála eitlíochta agus ar nósanna imeachta oibriúcháin sna haerfoirt, agus a thuairiscíonn fúthu;
- Coiste um Shlándaíl, um Shábháilteacht agus um Chaighdeán Eitlíochta de chuid an Bhoird a dhéanann monatóireacht ar chaighdeán na sábháilteachta agus na slándála eitlíochta agus ar nósanna imeachta oibriúcháin sna haerfoirt, agus a thuairiscíonn fúthu;

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil próiseas leanúnach an Ghrúpa maidir le haithint, measúnú agus bainistiú na bpríacal suntasach atá os a chomhair de réir na treorach in Internal Control: Guidance for Directors on the Combined Code (Turnbull). Déanann an Coiste Iniúchta athbheithníú thar cheann an Bhoird ar an bpróiseas chun na priacail mhóra a chuireann isteach ar an ngnó a aithint agus a mheas chomh maith leis na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar bainistiú ar na priacail sin. Lena chois sin faomhann an

Coiste Iniúchta creatlach um bainistiú riosca an Ghrúpa agus déanann athbheithníú air ó am go céile. Cuirtear tuairisc faoi obair an Choiste Iniúchta chuig an mBord. Déantar athbheithníú ar infheistithe i gcuideachtaí comhlachaithe agus i gcomhfhiontair mar chuid de phróiseas leanúnach an Bhoird um athbheithníú priacal.

#### Cumarsáid leis an Scairshealbhóir

Coinníonn an Bord comhrá leanúnach ar bun le scairshealbhóir na Cuideachta faoi shaincheisteanna straitéiseacha, lena n-áirítear an t-athstruchtúru molta don Ghrúpa dá bhforáiltear san Acht um Aerfoirt Stáit, 2004, agus déanann sé é sin trí bheith i dteagmháil rialta leis na Ranna Rialtais ábhartha.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an mBord lena chinntiú go bhfuil tuiscint ag comhaltaí an Bhoird ar dhearcadh an scairshealbhóra.

#### Ráiteas Géilliúlachta

Chloígh an Grúpa le forálacha ábhartha an Chóid Dea-Chleachtais atá sa Chód Comhchuimsithe ar feadh na bliana airgeadais faoi athbheithníú agus anuas go dáta na tuarascála seo seachas sna cásanna seo a leanas:

- Is é an tAire Iompair, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, a cheapann Cathaoirleach agus stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ceapann an tAire stiúrthóirí na bhfostaithe ar feadh téarma chomh fada le ceithre bliana i ndiaidh próiseas ainmniúcháin agus toghcháin faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Reáchtáladh na toghcháin dheireanacha in 2009. Is é an Bord a cheapann an Príomhfheidhmeannach, agus is ball den Bhard é nó í de bhrí oifige. Tá an Bord sásta dá bharr sin nach bhfuil feidhm leis na forálacha maidir le Coiste Ainmniúcháin agus atoghadh stiúrthóirí.
- Bíonn Cathaoirleach an Bhoird ina chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Ceapachán ós rud é gurb é an tAire Iompair le comhthoilíú an Aire Airgeadais a chinneann táillí do stiúrthóirí, lena n-áirítear an Cathaoirleach.
- Déantar lán-nochtadh sna ráitis airgeadais seo faoi luach saothair agus rannócaíochtaí pinsin na stiúrthóirí de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 de chuid na hÉireann, agus de réir riachtanais na Roinne Airgeadais. Mar sin féin, ní chuimsíonn an nochtadh seo na riachtanais atá i gCód Comhchuimsithe 2008.

#### Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Is mar gheall air sin a leanann siad orthu ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

#### Taifid Chuntasáíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chloígh siad le riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 ó thaobh na leabhar cuntais de, trí fhoireann cuntasáíochta a fhostú leis an saineolas iomchuí agus trí dóthain acmhainní a chur ar fáil d'fheidhm an airgeadais. Is ag áitreabh na Cuideachta in aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionna agus Chorcaí a choinnítear na leabhair chuntais.



**Sláinte agus Sábháilteacht**

Tugtar cosaint do leas fhostaithe an Ghrúpa trí chloí go docht le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 roinnt riachtanas ar fhostóirí, agus tá gach cuideachta bhainteach sa Ghrúpa ag déanamh gach rud cuí lena chinntiú go gcloítear leis an Acht.

**Gnóthais Fhochuideachtaí, Chomhlachaithe agus Chomhfhiontair**

Leagtar amach i Nóta 11 an fhaisnéis atá riachtanach faoi Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 i ndáil le gnóthais fhochuideachtaí, chomhlachaithe agus comhfhiontair.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas**

Is é beartas Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath é cloí le forálacha Rialúcháin na gComhphobal Eorpach (íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002 agus forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997. Is é 30 lá téarmaí creidmheasa caighdeánacha an Ghrúpa mura léirítear a mhalairt i socrúcháin chonartha faoi leith. Tá rialacháin inmheánacha airgeadais iomchuí i bhfeidhm, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir agus athbhreithniú rialta ar na cleachtais íocaíochta. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo cinnteacht réasúnta, ach ní cinnteacht absalóideach, i gcoinne neamh-ghéilliúlachta leis na rialúcháin. Mar a bhí sna blianta a chuaigh thart, rinneadh bunús gach íocaíochta laistigh den tréimhse chreidmheasa chuí de réir mar is gá.

**An tAcht Toghcháin, 1997**

Níor thug an Grúpa aon síntiús polaitiúil le linn na bliana.

**Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe**

Níor tharla aon rud suntasach tar éis don Chlár Comhardaithe a bheith ullmhaithe a thabharfadh orainn na ráitis airgeadais a choigeartú nó nótaí a sholáthar ina dtaobh.

**Iníúcháirí**

De réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh in oifig.

---

*Thar ceann an Bhoird*

David Dilger, Cathaoirleach

Peter Barrett, Stiúrthóir

12 Márta 2010

## Ráiteas i dtaobh fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir an dlí agus na rialúchán infheidhmithe.

Éilíonn dlí cuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthair-chuideachta a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin is ea a thogh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthair-chuideachta a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasáiochta a nGlactar go Ginearálta in Éirinn leo, ina bhfuil dlí infheidhmithe agus na caighdeáin chuntasáiochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasáiochta agus arna leithdháileadh ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthair-chuideachta de réir an dlí léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar staid gnóthaí an Ghrúpa agus na máthair-chuideachta agus ar bhrabús nó ar chailteanas an ghrúpa don tréimhse sin. Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthair-chuideachta á n-ullmhú, iarrtar ar na stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha chuntasáiochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach dá réir;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus críonna; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus an mháthair-chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na máthair-chuideachta agus lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann a chuid ráiteas airgeadais ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tá siad freagrach freisin as pé céim a ghlacadh is a bheidh ar oscailt go réasúnta dóibh chun sócmhainní an ghrúpa a shlánú agus chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar mhírialtachtaí eile agus chun iad siúd a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Roghnaigh na Stiúrthóirí freisin tuarascáil a ullmhú ar Rialachas Corparáideach atá ar fáil i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Tá na stiúrthóirí freagrach as coinneáil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá curtha ar fáil ar láithreán gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus leithdháileadh ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

---

*Thar ceann an Bhoird*

David Dilger, Cathaoirleach

Peter Barrett, Stiúrthóir

12 Márta 2010

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh do chomhaltaí Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais (na “ráitis airgeadais”) an Ghrúpa agus na Cuideachta, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar leathanaigh 42 go dtí 74 a chuimsíonn Ráiteas um Beartais Chuntasáiochta, Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa, Ráiteas um ghnóthacháin agus chaillteanais aitheanta iomlána, Réiteach Gluaiseachta i gcistí Scairsealbhóirí, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus nótaí ábhartha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin faoi na beartais chuntasáiochta atá leagtha amach ann.

Tá an tuarascáil seo ceaptha i gcomhair chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chuideachta, de réir alt 193 d’Acht na gCuideachtaí, 1990. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóirí agus chun na críche sin amháin. A mhéid is féidir, arna cheadú le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht d’aon duine eile ach amháin don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí a shroicheamar.

## Freagrachtaí Stiúrthóirí agus Iniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí as an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ghrúpa a ullmhú de réir an dlí infheidhmithe agus caighdeán chuntasáiochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasáiochta agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a nGlactar go Ginearálta Leis in Éirinn), leagtha amach sa Ráiteas i dtaobh fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 40.

Táimid freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais dlí agus rialála cuí agus Caighdeán Idirnáisiúnta Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid tuairisc duit ar ár dtuairimne an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor, cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tugaimid tuairisc duit freisin, inár dtuairimne: an bhfuil leabhair chuntais chearta coimeáda ag an gcuideachta; an bhfuil staid airgeadais ann ag dáta an chláir comhardaithe a éilíonn cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól nó nach bhfuil; agus an bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, luaimid an bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn chun críche ár n-iniúchta faighte againn, agus an bhfuil clár comhardaithe na cuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaimid tuairisc duit freisin más rud é, inár dtuairimne, nár nochtadh aon fhaisnéis arna sonrú ag an dlí maidir le luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta stiúrthóirí agus, sa chás go mbíonn sé praiticiúil, faisnéis den sórt sin a chur san áireamh inár dtuarascáilne.

Déanaimid athbhreithniú ag féachaint an léiríonn na ráitis faoi rialú inmheánach airgeadais a éilíonn an Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus atá ar na leathanaigh ó 35 go 38, géilleadh an Ghrúpa d’fhorálacha bainteacha an Chóid agus tugaimid tuairisc faoi mura ndéanann. Déanaimid athbhreithniú, nuair a iarrann na stiúrthóirí sin orainn, ag féachaint an léiríonn an ráiteas deonach ar leathanach 38 géilliúlacht na Cuideachta le naoi bhforáil Chód Comhchuisithe 2008 arna shonrú dá n-athbhreithniú iniúchóra ag Rialacha Liostaithe Stocmhartaí na hÉireann, agus tugaimid tuairisc mura léiríonn sé amhlaidh. Ní gá dúinn a mheas an gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar smacht inmheánach na priacail agus na smachta go léir, ná tuairim a thabhairt ar éifeacht nósanna imeachta an ghrúpa maidir le rialachas corparáideach nó a nósanna imeachta um priacail agus smacht.

Léimid an fhaisnéis eile a fhaightear sa tuarascáil bhliantúil agus breithnímid an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Níl san fhaisnéis eile ach Tuarascáil na Stiúrthóirí, rannóg Bhord na Stiúrthóirí, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, Athbhreithniú Airgeadais 2009, rannóg Struchtúir Foirne agus Foireann Bainistíochta, Achoimrí Chúig Bliana agus Gnó Ginearálta agus Eolas Aerloingseoireachta. Measaimid na himpleachtaí dár dtuarascáilne má thugaimid faoi deara mí-ráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Nílimid freagrach as aon fhaisnéis eile.

## Bunús na tuairime iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais mhóra a rinne stiúrthóirí le linn dóibh na ráitis airgeadais a ullmhú, agus an bhfuil na beartais chuntasáiochta oiriúnach d’imthosca an Ghrúpa agus na Cuideachta, an gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhréireach, agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaíos nó mírialtacht eile nó earráid ba chúis leis. Le linn dúinn ár dtuairim a fhoirmiú, rinneamar meastóireacht freisin ar leordhóthanach fhoriomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairimne:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasáiochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2009, agus de chaillteanas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin;
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim gur choimeáid an Comhlacht leabhair chuntais chearta. Tá clár comhardaithe na Cuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta ar leathanach 48, níos mó ná leath den tsuim scairchaipitil ghlaite; agus is é ár dtuairimne, ar an mbunús sin, nach raibh staid airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2009 faoi Alt 40 (1) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 a d’éileodh cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól.

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Iniúchóir Cláraithe

1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

15 Aibreán 2010

# Ráiteas um beartais chuntasaíochta

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasaíochta seo a leanas a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach leis an mbliain seo caite.

## Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeán tuairiscithe airgeadais de chuid an Bhoird um Chaighdeán Chuntasaíochta, arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Leagann an tAcht um Aerfort Stáit, 2004 amach an bunús reachtúil riachtanach don Athstruchtúrú a bhfuil cur síos breise faoi i dTuarascáil na Stiúrtóirí. Ní féidir leis na stiúrtóirí, ag an bpointe seo, tuairim chinnte a thabhairt faoin tionchar a bheidh ag críochnú an athstruchtúraithe mholta ar staid airgeadais an Ghrúpa agus níor cuireadh aon socrú nua atá molta san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## Bunús Comhdhlúthúcháin

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a gnóthas fochuideachta (fochuideachtaí) a rinneadh anuas go dtí an 31 Nollaig 2009.

Is iad na gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) na gnóthais sin a rialaíonn an Grúpa i gcomhpháirt le páirtí amháin nó níos mó. Is iad na gnóthais chomhlachaithe (comhlaigh) na gnóthais sin ina mbíonn leas rannpháirteach ag an nGrúpa sa chaipiteal cothromais agus ar féidir leis tionchar suntasach a imirt tharstu.

Áiríonn an Grúpa a sciar de bhrabúis agus de chailteanais a chomhlach agus a chomhfhiontar, agus déanann a sciar de láimhdeachas a chomhfhiontar a fhaisnéisiú ar leithligh sa chuntas brabúis agus cailteanais chomhdhlúthaithe. I gcás na gcomhlach áiríonn an Grúpa a sciar de ghlan sócmhainní sa chlár comhardaithe comhdhlúthaithe. Áiríonn an Grúpa a sciar de mhórhó sócmhainní agus d'ollfhiachais na gcomhfhiontar sa chlár comhardaithe comhdhlúthaithe.

Áirítear leis an gcountas comhdhlúthaithe brabúis agus cailteanais torthaí na bhfochuideachtaí, na gcomhlach agus na gcomhfhiontar a sealbhaíodh nó a diúscaíodh ó dháta an tsealbhaithe nó anuas go dáta na diúscairthe.

## Sócmhainní Airgeadais

Taispeántar i gclár comhardaithe na Cuideachta na hinfeistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhfhiontar agus i gcomhlaigh mar shócmhainní seasta, agus déantar iad a luacháil ag costas lúide forálacha do bhearnú luacha. Tugtar na sócmhainní seasta eile airgeadais (seachas infheistíochtaí liostáilte) i gclár comhardaithe na Cuideachta agus an Ghrúpa araon ar an mbunús céanna, le hioncam ó na sócmhainní sin á aithint ar bhonn infhaighte sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Sonraítear na hinfeistíochtaí liostaithe ag a bpraghsanna costais nó a nglanluacha inréadaithe cibé acu is ísle.

## Láimhdeachas

Is ionann láimhdeachas agus luach cothrom earraí agus seirbhísí, glan ar lascaí, arna sheachadadh do chustaiméirí seachtracha le linn na tréimhse cuntasaíochta seachas díolachán laistigh den Ghrúpa agus cáin bhreisluacha. I gcás gníomhaíochtaí tráchtála

áirithe, nuair a sholáthraítear seirbhís ar feadh achair áirithe, aithnítear láimhdeachas i gcomhréir leis an achar atá imithe.

## Airgeadra Coigríche

Aistrítear na hidirbhearta a eascraíonn as airgeadraí coigríche go euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ag dáta na n-idirbheart nó ag rátaí conartha. Tiontaítear na sócmhainní agus na fiachais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche go euro ag na rátaí conartha nó ag na rátaí malairte ceann bliana. Pléitear leis na brabúis agus na cailteanais a eascraíonn uathu sin i mbrabús na bliana.

Tiontaítear glan-infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair thar lear ar an ráta atá i réim ag dáta an chláir chomhardaithe nuair is infheidhmíthe é sin. Áirítear torthaí na bhfochuideachtaí, na gcomhlach agus na gcomhfhiontar thar lear, nuair is infheidhmíthe, ar an meánráta malairte. Tugtar na héagsúlachtaí aistrithe a eascraíonn as sin chun na gcúlchistí, agus léirítear iad sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta.

## Sócmhainní Seasta Intadhaill agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta intadhaill ag costas, lúide dímeas carntha agus cailteanais bhearnaithe ar bith. Ríomhtar an dímeas chun costas sócmhainní seasta intadhaill, seachas talamh agus sócmhainní a mbítear i mbun a dtógála, a dhíscríobh ar bhunús líne díri thar bheatha mheasta a n-úsáideachta mar seo a leanas:

Foirgnimh chríochfoirt	10 – 50 bliain
Aerpháirceanna	10 – 50 bliain
Fearas agus trealamh	2 – 20 bliain
Maoín eile	10 – 50 bliain

Aistrítear sócmhainní atá i mbun tógála go sócmhainní comhlánaithe nuair atá tromlach na gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm leis an sócmhainn a ullmhú le húsáid.

Maidir leis na costais a thabhaítear ar iasachtaí anuas go dtí an t-am a bhíonn mórthionscadail chaipitil (atá inaitheanta ar leithligh) réidh don tseirbhís déantar iad a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní. Nuair is cuí, cuimsítear costais saothair na tógála féin a bhaineann le seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta agus forchostais atá inchurtha go díreach ina leith.

Nuair atá sócmhainn sheasta intadhaill le haistarraingt ó úsáid, luathaítear an muirear dímeasa don tsócmhainn sin chun fuilleach beatha úsáidigh na sócmhainne a léiriú, bunaithe ar an tréimhse idir dáta an chinnidh an tsócmhainn a aistarraingt agus an dáta réamh-mheasta ar a dhéanfar an aistarraingt.

Déanann an Grúpa meastachán ar bhonn bliantúil ar mhéid in-athshlánaithe a shócmhainní seasta intadhaill, bunaithe ar an gceann is airde dá nglanluachanna inréadaithe nó de luachanna reatha an tsreafa airgid amach anseo a mbítear ag súil leis mar thoradh ar a n-úsáid. Chun críoch an athbhreithnithe seo, meastar Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionna agus Chorcaí a bheith ina n-aonad giniúna ioncaim amháin. Aithníonn an Grúpa cailteanas bearnaithe sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn an tsuim in-athshlánaithe níos lú ná méid iompair na sócmhainní.

### Sócmhainní Doláimhsithe agus Cáilmheas

Maidir leis an gcáilmheas ceannaithe a eascraíonn ar éadáil (a léiríonn farasbarr luach cothrom na comaoine a tugadh i gcomparáid le luach cothrom na nglansócmhainní faoi leith a sealbhaíodh) déantar é a chaipitliú agus a amúchadh ar bhunús líne díri thar a bheatha úsáideach mheasta, .i. an tréimhse ina mbítear ag súil go bhfabhróidh na sochair.

Nuair a ghlactar ceannas gnóthais fhochuideachta i gcéimeanna, de réir Caighdeán um Thuairiscíú Airgeadais 2 (FRS 2) "Ghnóthais Fochuideachta", ag baint leasa ag cuntas cothrom, fíor, déantar cáilmheas ceannaithe a ríomh mar shuím cáilmheasa a eascraíonn ar gach ceannach scaireanna, agus an difríocht ar dháta gach ceannach scaireanna idir luach cóir na comaoine tugtha agus luach cóir na sócmhainní inaitheanta agus dliteanais atá inchurtha i leith an leasa ceannaithe. Is athrú é seo ar dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, faoina ndéantar cáilmheas a ríomh mar an difríocht idir costais shealbhaithe iomlán na leasanna sealbhaithe agus luach cóir na sócmhainní agus dliteanais inaitheanta ar an dáta ina ndéantar gnóthas fochuideachta den aonán sin.

Déantar cáilmheas ceannaithe a amúchadh thar thréimhse fiche bliain, nó nuair is tréimhse níos giorra a bhíonn i gceist, thar thréimhse an chomhaontaithe lamháiltais inar iontráiladh san aonán sealbhaithe.

Sa chás ina mbíonn eachtraí nó cúinsí ann a thugann le fios nach bhféadfadh méid iompair an cháilmheasa a athshlánú, déanann an Grúpa meastachán ar an méid in-athshlánaithe bunaithe ar luach reatha an tsreafa airgid a bhfuiltear ag súil leis amach anseo ó úsáid na sócmhainne agus ó dhíúscairt na sócmhainne ar deireadh thiar. Sa chás ina mbíonn an méid sin níos lú ná méid iompair na sócmhainne, aithneoidh an Grúpa cailteanas bearnaithe.

Tá cáilmheas díultach a eascraíonn ar éadálacha na ngnóthas comhlaigh curtha san áireamh sna sócmhainní airgeadais agus curtha ar aghaidh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanas sna tréimhsí ina ndéantar luachanna cóir na sócmhainní neamhairgeadaíochta a ceannaíodh ar an éadáil chéanna a aisghabháil.

Taifeadtar sócmhainní doláimhsithe eile ag costas fála, toisc gur luachanna cothroma iad ag dáta an tsealbhaithe, lúide na méideanna a amúchadh don chuntas brabúis agus cailteanas. Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe sin thar a mbeatha eacnamaíochta, toisc gur téarmaí lamháiltais éagsúil iad a mbíonn idir trí bliana agus aon bhliain déag i gceist leo faoi láthair.

### Stoic

Sonraítear luach na stoc ar a bpraghas costais nó ar a nglanluacha inréadaithe, cibé acu is lú. Bunáitear an costas ar luach an tsonraic ar an mbonn meánach nó ar bhonn 'an ceann is túisce isteach is túisce amach' ag brath ar chatagóir an stoic. Ríomhtar an glanluach inréadaithe mar phraghas measta díola lúide costais díola.

### Cánachas

Soláthraítear cáin chorparáideach i ndáil leis an gCuideachta agus a gnóthais fochuideachta ar na rátaí reatha, agus ríomhtar iad ar bhonn a dtorthaí i rith na bliana, arna gcoigeartú chun críche chánachais. Áirítear leis an muirear cánachais sa chuntas brabúis agus cailteanas cánachas ar sciar brabúis an Ghrúpa de ghnóthais chomhlacha agus comhfhiontair.

Déantar foráil iomlán, gan lascaine, do na difríochtaí uainiúcháin go léir, seachas na cinn sin a eascraíonn as tuilleamh neamhloghtha na bhfochuideachtaí agus na gcomhlach thar lear, ag dáta an chláir chomhardaithe de réir Caighdeán um Thuairiscíú Airgeadais 19 (FRS 19) "Cáin Iarchurtha". Déantar foráil ar na rátaí cánach lena mbítear ag súil le cur i bhfeidhm sna tréimhsí a mbítear ag súil le haisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin. Níor aithníodh aon cháin iarchurtha ar thuilleamh neamhloghtha ar fochuideachtaí agus comhlaigh áirithe thar lear toisc nach meastar go mbeadh aon cháin iníoctha orthu agus níl aon chomhaontú conartha le díbhinní a íoc. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go meastar gur sócmhainní in athshlánaithe iad, bunaithe ar an dóchúlacht go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánach ann ónar féidir iompar na mbundifríochtaí uainiúcháin amach anseo a asbhaint.

### Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid reatha (dlíthiúil nó tógalach) ag an nGrúpa de thoradh imeachta a tharla roimhe seo. Is dóchúil go mbeidh eisreabhadh acmhainní ina gcorpraitear leasanna eacnamaíocha ag teastáil leis an oibleagáid a réiteach agus is féidir réamh-mheastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Déantar soláthairtí a thomhas mar an réamh-mheastachán caiteachais is fearr atá ag teastáil chun oibleagáid a réiteach ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú go dtí luach reatha nuair atá an tionchar ábhartha.

### Oibleagáidí Pinsin agus Oibleagáidí Iar-Scoir Eile

Oibríonn an Grúpa nó tá an Grúpa rannpháirteach i scéimeanna pinsin ranníocaigh, agus tromlach a bhfostaithe á chlúdach iontu. Is iontaobhaithe a bhíonn i mbun riaradh na scéimeanna, agus iad neamhspleách ón nGrúpa.

Maidir le scéimeanna a áirítear mar scéimeanna sainithe ranníocaíochta déantar na ranníocaíochtaí a fhabhrú agus a aithint mar bhrabúis oibriúcháin sa tréimhse ina dtuillteann na fostaithe ábhartha iad.

Maidir le scéimeanna a chuntasaítear mar scéimeanna sainmhínte sochair:

- I gcás na difríochta idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanais na scéimeanna, a ndearna achtúire measúnú uirthi, agus a ríomhadh le húsáid mhodh creidmheasa an aonaid mheasta; nochtar í mar shócmhainn/dhliteanas ar ghlancháin iarchurtha an chláir chomhardaithe (a mhéid is atá sé in-athshlánaithe).
- Is é an costas a ghearrfar ar an mbrabúis oibriúcháin ná costas na sochair pinsin a chinneann an t-achtúire go ngeallfar d'fhostaithe agus a tuilleadh i rith na bliana, móide aon fheabhsuithe sochair a deonaíodh do bhaill i rith na bliana.
- Léirítear an fáiltas measta ar shócmhainní na scéimeanna pinsin i rith na bliana agus an méadú ar dhliteanais na scéimeanna mar thoradh ar scaoileadh na lascaine i rith na bliana sa chostais airgeadais/ioncaim ar an gcuntas brabúis agus cailteanas.
- Aon difríochtaí idir an fáiltas measta ar shócmhainní agus an méid a gnóthaíodh ar deireadh thiar agus aon athruithe ar na dliteanais mar thoradh ar athruithe ar thiomhdithe nó toisc nach raibh cúrsaí iarbhir i rith na bliana mar a measadh roimh ré; aithnítear na difríochtaí sin mar ghnóthachain agus cailteanas achtúireacha sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus cailteanas aitheanta.

Tá dliteanais sochair scoir neamhmaoinithe áirithe ag an nGrúpa a chuirtear san áireamh mar shocruithe sochair sainithe.

### **Léasanna Oibriúcháin**

Gearrtar an caiteachas ar léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailíteanais ar bhunús a fhreagraíonn don tairbhe a díorthaíodh ón tsócmhainn, ar bhunús líne díri, de ghnáth, i rith thréimhse an léasa.

### **Deontais Chaipitil**

Caitear le deontais chaipitil mar ioncam iarchurtha agus amúchta i rith bheatha dhóchúil na sócmhainní seasta gaolmhara.

### **Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh**

Is é an príomhchuspóir a bhaineann le húsáid na n-ionstraimí airgeadais díorthaithe, lena n-áirítear réamhchonartháí malairte, réamh-chomhaontuithe ráta agus malartuithe ráta úis, ná fálú a dhéanamh ar neamhchosaint ráta úis agus airgeadra an Ghrúpa. Sa chás ina bhfálaíonn na hionstraimí airgeadais díorthaithe seo costas sócmhainne, dlíteanais nó úis a léirítear sna ráitis airgeadais; áirítear costas na hionstraime fálaithe leis an tsuim iompair in éineacht leis an ioncam agus na speansais a bhaineann leis an tsócmhainn agus an dlíteanas. Nuair is fálú ar shreabhadh airgid amach anseo é an díorthú, ní aithnítear na gnóthachain agus cailíteanais ar na hionstraimí fálaithe nó go dtarlaíonn idirbheart fálaithe amach anseo.

### **Acmhainní Airgid Thirim agus Leachtacha**

Sainmhínítear airgead tirim i ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa mar airgead tirim, éarlaisí atá iníoctha ar éileamh agus rótharraingtí. Rangaítear éarlaisí eile le tréimhsí aibíochta fógra níos mó ná lá oibre amháin, ach níos lú ná bliain amháin, mar acmhainní leachtacha.

### **Costais Fiachais agus Airgeadais**

Sonraítear fiachas ar dtús mar mhéid na nglanfháltas tar éis asbhaint na gcostas airgeadais/eisiúna. Gearrtar costais airgeadais agus eisiúna ar chuntas brabúis agus cailíteanais i rith théarma an fhiachais ag ráta seasta ar an tsuim iompair.

# Cuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Nóta	2009			2008		
	Réamh- eisceachtúil	Eisceachtúil	Iomlán	Réamh- eisceachtúil	Eisceachtúil	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Láimhdeachas</b>						
Grúpa agus sciar na gcomhfhiontar	547,351	-	547,351	631,627	-	631,627
Lúide: sciar de láimhdeachas an chomhfhiontar	(635)	-	(635)	(687)	-	(687)
<b>Láimhdeachas an Ghrúpa – oibríochtaí leanúnacha</b> 1	<b>546,716</b>	<b>-</b>	<b>546,716</b>	<b>630,940</b>	<b>-</b>	<b>630,940</b>
<b>Costais oibríúcháin</b>						
Costas earraí lena n-athdhíol	(129,986)	-	(129,986)	(167,242)	-	(167,242)
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(172,945)	-	(172,945)	(182,562)	-	(182,562)
Ábhair agus seirbhísí	(118,273)	-	(118,273)	(126,479)	-	(126,479)
Dímheas, amúchadh agus bearnú	(62,820)	(11,300)	(74,120)	(67,000)	-	(67,000)
Mír eisceachtúil – costais phinsean	-	-	-	-	(36,000)	(36,000)
	<b>(484,024)</b>	<b>(11,300)</b>	<b>(495,324)</b>	<b>(543,283)</b>	<b>(36,000)</b>	<b>(579,283)</b>
<b>Brabús oibríúcháin an ghrúpa – oibríochtaí leanúnacha</b>	<b>62,692</b>	<b>(11,300)</b>	<b>51,392</b>	<b>87,657</b>	<b>(36,000)</b>	<b>51,657</b>
<b>Sciar de bhrabús/(cailteanais) oibríúcháin</b>						
Gnóthas comhfhiontar	(5,442)	-	(5,442)	(6,920)	-	(6,920)
Gnóthais chomhlacha	19,449	-	19,449	37,192	-	37,192
<b>Míreanna eisceachtúla</b>						
Costais an chláir gnóthaithe costas/athstruchtúraithe						
- oibríochtaí leanúnacha	-	(46,498)	(46,498)	-	(550)	(550)
Brabús ar dhíol na n-oibríochtaí scortha	-	882	882	-	1,356	1,356
<b>Brabús an Ghrúpa roimh ús agus cáin</b>	<b>76,699</b>	<b>(56,916)</b>	<b>19,783</b>	<b>117,929</b>	<b>(35,194)</b>	<b>82,735</b>
<b>Ioncam as sócmhainní airgeadais eile</b>	<b>255</b>	<b>-</b>	<b>255</b>	<b>126</b>	<b>-</b>	<b>126</b>
<b>Ús infhaighte</b>						
Grúpa	40,006	-	40,006	33,282	-	33,282
Gnóthas comhfhiontar	-	-	-	1	-	1
Gnóthais chomhlacha	10	-	10	289	-	289
<b>Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla</b>						
Grúpa	(51,035)	-	(51,035)	(41,781)	-	(41,781)
Gnóthas comhfhiontar	(997)	-	(997)	(979)	-	(979)
Gnóthais chomhlacha	(8,357)	-	(8,357)	(8,055)	-	(8,055)
<b>(Cailteanas)/brabús an Ghrúpa ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin</b>						
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	(15,161)	5,702	(9,459)	(20,941)	4,369	(16,572)
<b>Brabús an Ghrúpa ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach</b>						
Leas mionlaigh	41,420	(51,214)	(9,794)	79,871	(30,825)	49,046
	(3,473)	-	(3,473)	(1,972)	-	(1,972)
<b>(Cailteanas)/brabús an ghrúpa don bhliain airgeadais</b> 22	<b>37,947</b>	<b>(51,214)</b>	<b>(13,267)</b>	<b>77,899</b>	<b>(30,825)</b>	<b>47,074</b>

Thar ceann an Bhoird

David Dilger, Cathaoirleach

Peter Barrett, Stiúrthóir

12 Márta 2010

## Ráiteas um ghnóthacháin agus chaillteanas aitheanta iomlána

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
<b>(Caillteanas)/brabús an ghrúpa don bhliain airgeadais</b>		<b>(13,267)</b>	47,074
Difríochtaí malartaithe um aistriú infheistíochtaí thar lear (a eascraíonn as glansócmhainní)			
Gnóthais fhochuideachtaí	22	(106)	(2,328)
Gnóthais chomhlacha	22	(966)	2,842
Gnóthachán/(caillteanas) achtúireach aitheanta i scéimeanna pinsin			
Grúpa	21	1,524	(18,070)
(Muirear)/creidmheas cánach iarchurtha air sin			
Grúpa	21	(191)	2,259
<b>Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta don bhliain</b>		<b>(13,006)</b>	31,777

## Réiteach gluaiseachta i gcistí scairshealbhóirí

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

		2009 €000	2008 €000
Amhail ar 1 Eanáir		1,009,123	977,346
Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta don bhliain		(13,006)	31,777
Díbhinní a íocadh	22	(19,400)	-
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>		<b>976,717</b>	1,009,123



# Clár comhardaithe an Ghrúpa

ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009		2008	
		€000	€000	€000	€000
<b>Sócmhainní seasta</b>					
Sócmhainní intadhaill	9		<b>1,791,497</b>		1,344,260
Sócmhainní doláimhsithe	10		<b>10,527</b>		11,509
			<b>1,802,024</b>		1,355,769
<b>Sócmhainní airgeadais</b>					
Infheistíochtaí i ngnóthas comhfhiontair					
Sciar de mhórshócmhainní		<b>23,805</b>		24,834	
Sciar d'ollfhiachas		<b>(40,015)</b>		(34,605)	
Iasachtaí do ghnóthais chomhfhiontair		<b>4,882</b>		4,882	
Iomlán na n-infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair agus iomlán na bhfiachas a bhaineann leo					
			<b>(11,328)</b>		(4,889)
Infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha					
			<b>91,209</b>		104,157
Sócmhainní eile airgeadais					
			<b>3,697</b>		4,713
<b>Iomlán na sócmhainní airgeadais</b>	<b>11</b>		<b>83,578</b>		103,981
<b>Iomlán na sócmhainní seasta</b>			<b>1,885,602</b>		1,459,750
<b>Sócmhainní reatha</b>					
Stoic	12	<b>21,767</b>		29,225	
Féichiúnaithe	13	<b>66,223</b>		64,182	
Airgead sa bhanc agus ar láimh	26	<b>638,223</b>		878,522	
		<b>726,213</b>		971,929	
<b>Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>	<b>15</b>	<b>(242,921)</b>		(271,947)	
<b>Glansócmhainní reatha</b>			<b>483,292</b>		699,982
<b>Iomlán na sócmhainní líide fiachais reatha</b>			<b>2,368,894</b>		2,159,732
<b>Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis breis agus bliain amháin</b>	<b>16</b>		<b>(1,260,698)</b>		(1,067,138)
<b>Deontais Chaipitil</b>	<b>18</b>		<b>(15,863)</b>		(16,909)
<b>Forálacha i gcomhair fiachas</b>	<b>19</b>		<b>(85,952)</b>		(38,156)
<b>Glansócmhainní seachas glanfhiachas pinsin</b>			<b>1,006,381</b>		1,037,529
Glanfhiachas pinsin	21		<b>(19,820)</b>		(19,002)
<b>Glansócmhainní</b>			<b>986,561</b>		1,018,527
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>					
Scairchaipiteal glaoite	20		<b>186,337</b>		186,337
Cuntas brabúis agus cailteanais	22		<b>792,208</b>		823,542
Cúlchistí eile	22		<b>(1,828)</b>		(756)
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>			<b>976,717</b>		1,009,123
Leas mionlaigh	30		<b>9,844</b>		9,404
			<b>986,561</b>		1,018,527

Thar ceann an Bhoird

David Dilger, Cathaoirleach

Peter Barrett, Stiúrthóir

12 Márta 2010

# Clár comhardaithe na cuideachta

ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní intadhaill	9	<b>1,778,733</b>	1,331,565
Sócmhainní airgeadais	11	<b>33,733</b>	34,547
		<b>1,812,466</b>	1,366,112
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	12	<b>8,752</b>	10,527
Féichiúnaithe	13	<b>55,492</b>	61,242
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<b>618,838</b>	857,930
		<b>683,082</b>	929,699
<b>Creidiúnaithe:</b> Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	15	<b>(289,350)</b>	(308,412)
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>393,732</b>	621,287
<b>Iomlán na sócmhainní líúide fiachais reatha</b>		<b>2,206,198</b>	1,987,399
<b>Creidiúnaithe:</b> Suimeanna dlite tar éis breis agus bliain	16	<b>(1,271,052)</b>	(1,069,470)
<b>Deontais chaipitil</b>	18	<b>(15,863)</b>	(16,909)
<b>Forálacha i gcomhair fiachas</b>	19	<b>(83,143)</b>	(38,156)
<b>Glansócmhainní seachas glanfhiachas pinsin</b>		<b>836,140</b>	862,864
Glanfhiachas pinsin	21	<b>(19,820)</b>	(19,002)
<b>Glansócmhainní</b>		<b>816,320</b>	843,862
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	20	<b>186,337</b>	186,337
Cuntas brabúis agus cailtleanais	22	<b>629,983</b>	657,525
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>		<b>816,320</b>	843,862

Thar ceann an Bhoird

David Dilger, Cathaoirleach

Peter Barrett, Stiúrthóir

12 Márta 2010

## Ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
<b>Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	23	<b>131,368</b>	161,624
Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chomhlacha	11	19,025	13,567
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísí airgeadais	24	(27,238)	(13,750)
Íocaíochtaí i ndáil le cláir gnóthaithe costas agus athstruchtúraithe	19	(1,558)	(9,028)
Íocaíochtaí i ndáil le soláthar pinsean	19	(360)	-
Cáin a íocadh		(2,986)	(15,342)
		<b>118,251</b>	137,071
Caiteachas caipitiúil	24	(522,771)	(349,152)
Éadálacha agus diúscairtí	24	(562)	(9,588)
Díbhinní a íocadh	24	(24,110)	-
<b>Eisreabhadh airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus maoiniú</b>		<b>(429,192)</b>	(221,669)
<b>Bainistiú acmhainní leachtacha</b>			
Glansuim airgid a aistríodh ó/(go) hacmhainní leachtacha	26	263,219	(381,252)
<b>Maoiniú</b>	24	<b>188,681</b>	585,295
<b>Méadú/(laghdú) airgid sa bhliain</b>	25	<b>22,708</b>	(17,626)

# Nótaí faoi na ráitis airgeadais agus nótaí mar chuid de na ráitis airgid sin

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

## 1. Láimhdeachas

	Grúpa	
	2009	2008
	€000	€000
<b>Éire</b>		
Ioncam aerloingseoireachta	188,175	213,425
Gníomhaíochtaí tráchtála	232,470	282,642
Iomlán Éire	420,645	496,067
Thar lear - gníomhaíochtaí tráchtála	126,071	134,873
	546,716	630,940

Níor cuireadh anailís deighleánach torthaí agus glansócmhainní ar fáil toisc gurb é tuairim na stiúrthóirí go mbeadh a leithéid d'fhaisnéis thar a bheith díobhálach do leas an Ghrúpa.

## 2. Párolla agus costais ghaolmhara

	Grúpa	
	2009	2008
	€000	€000
Pá agus tuarastail	153,155	161,237
Costais leasa shóisialaigh	13,885	14,367
Costais phinsin (Nóta 21)	8,423	7,537
Costais fhoirne eile	2,317	2,361
	177,780	185,502
Costais fhoirne chaipitlithe mar shócmhainní seasta	(4,835)	(2,940)
Párolla agus costais ghaolmhara (réamheisceachtúla)	172,945	182,562
Clár gnóthaithe costas eisceachtúil (Nótaí 4 agus 19)	46,498	-
Costais phinsin eisceachtúla (Nótaí 4 agus 21)	-	36,000
<b>Iomlán na gcostas foirne a cuireadh chun dochair an chuntais bhrabúis agus chaillteanaís</b>	<b>219,443</b>	<b>218,562</b>
	2009	2008
<b>Bhí líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha) an Ghrúpa mar seo a leanas ar an meán</b>		
Aerfoirt	2,519	2,665
Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta	584	572
	3,103	3,237

### 3. Sciar de bhrabús oibríocháin na ngnóthas comhlach

Baineann sé seo le sciar an Ghrúpa de bhrabúis roimh ús agus cánachas don bhliain ina ghnóthais chomhlacha (Nóta 11) faoi mar a shainmhíneáir sa Ráiteas um beartais chuntasaíochta. Áirítear táillí bainistíochta agus ioncam díreach eile ó na gnóthais seo le láimhdeachas an Ghrúpa.

### 4. Míreanna Eisceachtúla

#### a. Costais an Chláir Gnóthaithe Costas (“CRP”) /athstruchtúraithe

B'iomáí dúshlán mór a bhí le sárú i gcúrsaí gnó i rith 2009 agus tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le hionadaithe na foirne ceapadh CRP chun aghaidh a thabhairt ar athruithe bunúsacha sna bunchostais. Rinneadh comhaontú faoi CRP a bhfuil scéim téarfa dheonach, laghdúithe pá, tuilleadh sosta pá agus athruithe ar chleachtais oibre san áireamh ann. Ba é €46.5 milliún costas measta an chláir (roimh cháin) agus cuireadh chun dochair chuntais bhrabúis agus cailteanais na bliana reatha é. Ba é an tionchar a bhí aige ar an muirear cánach ná laghdú €5.8 milliún a dhéanamh air. Tá tús curtha le cur i bhfeidhm an chláir seo agus táthar ag súil go gcríochnófar in 2010 é agus go mbeidh gnéithe áirithe de chostais an CRP iníoctha sna blianta amach anseo.

I rith 2008, tar éis measúnú athbhreithnithe ar chostas gaolmhar, cuireadh €0.550 milliún breise roimh cháin chun dochar an chuntais bhrabúis agus cailteanais i ndáil le hathstruchtúrú bunúsach a rinneadh ag Aerfort na Sionna roimhe sin. Ba é an tionchar a bhí aige ar chúrsaí cánach ná laghdú €0.1 milliún a dhéanamh ar mhuirear cánach na bliana sin.

#### b. Bearnú

Taifeadadh muirear bearnaithe €11.3 milliún sa chuntas brabúis agus cailteanais in 2009 maidir le hathbhreithniú a rinneadh ar luach iompair na sócmhainní seasta i ngnóthas fochuideachta ar 31 Nollaig 2009. Tharla an muirear bearnaithe seo mar gheall ar an sreabhadh airgid a rabhtas ag súil leis ó thaobh na hinfheistíochta sin a lascainiú thar thréimhse na hinfheistíochta. Ní raibh tionchar ar bith ag an muirear bearnaithe ar mhuirear cánach na bliana.

#### c. Costais pinsean

I rith 2008, faoi mar atá mínithe níos iomláine i Nóta 21, tháinig an Chuideachta ar réiteach leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar fhorhmór na foirne oibre maidir le socrúithe áirithe breise pinsean a chur i bhfeidhm, faoi réir cheadú an Aire, go neamhspleách ar an scéim reatha. De thoradh an chomhaontaithe seo, tá sé ar intinn ag an gCuideachta ranníocaíocht pinsean aonuaire a dhéanamh i leith seirbhíse san am atá thart. Cuireadh €36.0 milliún chun dochair an chuntais bhrabúis agus cailteanais in 2008. Ba é an tionchar a bhí aige ar chúrsaí cánach in 2008 ná laghdú €4.5 milliún a dhéanamh ar an muirear.

#### d. Brabús ar dhíol na n-oibríochtaí scortha

I rith 2009, cuireadh €0.882 milliún (€1.356 milliún in 2008) chuig an gcountas brabúis agus cailteanais de thoradh athbhreithnithe ar réamh-mheastacháin costais i ndáil le díúscairt iar-ghnólacht óstáin an Ghrúpa. Ba é an tionchar a bhí aige sin ar chúrsaí cánach ná méadú €0.1 milliún a dhéanamh ar an muirear cánach in 2009 (€0.2 milliún in 2008).

**5. Ús iníochta agus muirir chomhchosúla**

	<b>Grúpa</b>	
	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Ús iníochta ar iasachtaí in-aisíochta go hiomlán i dtráthchodanna:		
laistigh de chúig bliana	<b>235</b>	385
tar éis cúig bliana	<b>14,126</b>	10,107
Ús ar nótaí iasachta	<b>54,898</b>	34,277
Amúchadh ar chostais eisiúna/costais mhaoinithe eile	<b>699</b>	791
Suímeanna díscríofa ó shócmhainní airgeadais	-	550
Ús eile iníochta	<b>167</b>	6
Costais eile airgeadais	<b>1,562</b>	97
	<b>71,687</b>	46,213
Ús caipitlithe	<b>(20,652)</b>	(4,432)
<b>Ús iomlán iníochta – Grúpa</b>	<b>51,035</b>	41,781
<b>Gnóthais chomhfhiontair:</b>		
Ús ar iasachtaí in-aisíochta i dtráthchodanna laistigh de chúig bliana	<b>997</b>	1,353
Ús caipitlithe	-	(374)
<b>Ús iomlán iníochta – gnóthais chomhfhiontair</b>	<b>997</b>	979
<b>Gnóthais chomhlacha:</b>		
Ús iníochta ar iasachtaí in-aisíochta i dtráthchodanna laistigh de chúig bliana	<b>2,102</b>	1,681
Ús iníochta ar iasachtaí in-aisíochta i dtráthchodanna tar éis cúig bliana	<b>6,255</b>	6,374
	<b>8,357</b>	8,055

**6. Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile**

Brabús an ghrúpa ar ghnáthghníomhaíochtaí sula luaitear cáin tar éis chur chun dochair/(chur chun sochair):

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
AudLuach saothair na n-iniúcháirí (lena n-áirítear speansais):		
Le haghaidh seirbhísí iniúchta	<b>369</b>	437
Le haghaidh seirbhísí eile	<b>353</b>	704
	<b>722</b>	1,141
Cíosanna léasa oibriúcháin		
Trealamh	<b>1,410</b>	1,246
Foirgnimh	<b>7,285</b>	7,277
Dímheas	<b>62,937</b>	65,795
Bearnú de shócmhainní seasta intadhaill	<b>11,300</b>	-
Cailteanas ar scor agus ar dhiúscairt sócmhainní seasta intadhaill	<b>599</b>	1,308
Amúchadh deontas caipitil	<b>(1,046)</b>	(1,115)
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe agus an cháilmheasa dhiúltaigh/dhearfa		
Grúpa (Nóta 10)	<b>1,232</b>	1,266
Gnóthais chomhlacha	<b>(447)</b>	(254)
	<b>785</b>	1,012

**6. Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)****Luach Saothair na Stiúrthóirí**

Leagtar amach thíos na suimeanna a íocadh leis na stiúrthóirí de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Táillí		
— David Dilger	<b>19.2</b>	-
— Gary McGann	<b>7.0</b>	35.0
— Peter Barrett	<b>16.3</b>	1.5
— Colm Barrington	-	11.7
— Declan Collier	<b>16.3</b>	17.5
— Gerard Collins	<b>2.4</b>	-
— Bill Cullen	<b>14.8</b>	17.5
— Des Cummins	-	-
— Mary Davis	<b>12.4</b>	17.5
— Thomas Guilfoyle	<b>3.9</b>	-
— Sir Michael Hodgkinson	<b>14.8</b>	17.5
— Marion Keating	<b>12.4</b>	17.5
— Michael Lenane	<b>3.9</b>	-
— Brian Lynch	<b>3.9</b>	17.5
— Mary McCabe	<b>16.3</b>	1.5
— Ian McDonnell	-	11.0
— Barry Nevin	<b>16.3</b>	17.5
— Brian O'Connell	-	-
— Marie O'Connor	<b>14.8</b>	17.5
— Anthony Spollen	<b>12.4</b>	17.5
— Gerry Walsh	-	-
I leith seirbhísí mar stiúrthóir	<b>187.1</b>	218.2
Sochair eile oifige (ach amháin maidir le hoifig an stiúrthóra)	<b>778.3</b>	902.3
Cúiteamh nó íocaíochtaí eile tar éis scoir nó tar éis post a chailliúint-seachas i ndáil leis an oifig an stiúrthóra	<b>255.4</b>	-
	<b>1,220.8</b>	1,120.5

Tá luach saothair stiúrthóirí na bhfostaithe a toghadh de bhun Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001, a eascraíonn as a ngnáthchonarthaí fostaíochta i leith na tréimhse sin bliana a raibh siad ina stiúrthóirí, san áireamh thuas i sochair eile oifige agus cúiteamh nó íocaíochtaí eile tar éis scoir nó tar éis post a chailliúint.

Tugtar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, a nochtáitear de réir threoirlínte oiriúnacha na roinne rialtais a bhaineann le socrúithe luach saothair do Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Tráchtála Stáit.

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Táillí	<b>16.3</b>	17.5
Tuarastal <sup>a</sup>	<b>320.4</b>	347.9
Luach saothair a bhaineann le feidhmíocht	<b>50.9</b>	88.9
Ranníocaíochtaí pinsin agus tairbhí inchánacha eile – seachas i ndáil leis an oifig an stiúrthóra	<b>180.5</b>	184.2
	<b>568.1</b>	638.5

**a.** De bhun a chonartha, ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh ag 31 Nollaig 2009 agus 2008 ná €350,556. I gcomhair 2009, d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an mBord, laghdú deonach pá a thógáil.

Ba é €3,058 na speansais a íocadh le baill an bhoird (€2,412 in 2008) ó thaobh a seirbhísí mar stiúrthóirí agus tá sé á nochtadh de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Bhain na suimeanna sin den chuid is mo le taisteal, cothabháil agus speansais teileafóin.

**7. Cáin ar (cailteanas)/bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí**

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
<b>Cáin reatha:</b>		
Cáin chorparáide – Éire	<b>(1,512)</b>	8,325
Cáin chorparáide thar lear ar ghnóthais fhochuideachtaí	<b>4,230</b>	3,626
Cáin ghnóthachan caipitiúil – Éire	<b>55</b>	491
Rósholáthar i ndáil le tréimhsí roimhe sin	<b>(964)</b>	(207)
Cáin inchurtha i leith an Ghrúpa	<b>1,809</b>	12,235
Sciar de cháin thar lear ar ghnóthais chomhlacha	<b>4,499</b>	8,014
Sciar de cháin Éireannach ar ghnóthais chomhlacha	<b>7</b>	(9)
Cáin inchurtha i leith ghnóthais chomhlacha	<b>4,506</b>	8,005
Muirear cánach reatha	<b>6,315</b>	20,240
<b>Cáin iarchurtha:</b>		
Bunús/aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin		
Inchurtha i leith an Ghrúpa (Nóta 19)	<b>3,499</b>	(3,617)
Inchurtha i leith sciar an Ghrúpa de ghnóthais chomhlacha	-	(18)
Coigeartú i ndáil le blianta roimhe seo (Nóta 14)	<b>(44)</b>	96
Difríochtaí uainiúcháin a bhaineann le dlíteanais phinsean FRS 17	<b>(311)</b>	(129)
Muirear/(creidmheas) cánach iarchurtha	<b>3,144</b>	(3,668)
<b>Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí</b>	<b>9,459</b>	16,572

Tá creidmheas cánach iarchurtha breise €0.2 milliún (creidmheas cánach iarchurtha: €2.3 milliún in 2008) curtha san áireamh sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta maidir le difríochtaí uainiúcháin a bhaineann le dlíteanais FRS 17.

Bíonn oibríochtaí an Ghrúpa in Éirinn faoi réir rátaí éagsúla cánach corparáide, de réir, inter alia, na gcineál gníomhaíochtaí a bhíonn i gceist. Bhí na rátaí sin idir 12.5% agus 25% le linn 2008 agus 2009, agus ba é 12.5% an ráta caighdeánach cánach corparáide.

Tá muirear reatha cánach na tréimhse níos airde ná an ceann sin atá bunaithe ar an ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann. Tugtar na difríochtaí sa réiteach cánach thíos:

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
(Cailteanas)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	<b>(335)</b>	65,618
(Cailteanas)/Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí ar an ráta caighdeánach cánach corparáide de 12.5% i bPoblacht na hÉireann (12.5% in 2008)	<b>(42)</b>	8,202
<b>Tionchair:</b>		
Difríochtaí idir liúntais chaipitil don tréimhse agus dímhéas	<b>(3,412)</b>	(1,829)
Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach (difríochtaí uainiúcháin)	<b>1,673</b>	3,644
Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críche cánach (buandifríochtaí)	<b>2,439</b>	2,312
Brabús as gnóthais thar lear atá incháinithe ar rátaí níos airde	<b>5,952</b>	7,065
Brabús in Éirinn atá incháinithe ar rátaí níos airde	<b>705</b>	1,323
Rósholáthar i ndáil le tréimhsí roimhe sin	<b>(964)</b>	(207)
Eile	<b>(36)</b>	(270)
<b>Muirear Cánach reatha na bliana</b>	<b>6,315</b>	20,240

**8. Brabús don bhliain airgeadais**

Níor cuireadh cuntas brabús agus cailteanas ar leithligh don Chuideachta i láthair, mar a dhéantar foráil dó faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, Alt 148(8). Déileáladh le cailteanas €9.5 milliún don bhliain airgeadais i ráitis airgeadais na Cuideachta (Rinneadh brabús €33.8 milliún in 2008).



### 9. Sócmhainní seasta intadhaill

Grúpa	Coimpléisc na gcríochfort €000	Tailte & Aer-pháirceanna €000	Fearas & trealamh €000	Maoin eile €000	Sócmhainní atá á dtógáil €000	Iomlán €000
<b>Costas</b>						
Amhail ar 1 Eanáir 2009	479,689	301,244	355,624	242,762	428,521	1,807,840
Breisithe	1,013	8,921	23,252	29,033	459,647	521,866
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	55,392	10,397	15,403	1,274	(82,466)	-
Diúscairtí	-	-	(4,883)	-	-	(4,883)
Dul ar Scor	(1,398)	(2,193)	(6,910)	(1,034)	-	(11,535)
Cúlchistí aistriúcháin	-	-	724	-	-	724
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>534,696</b>	<b>318,369</b>	<b>383,210</b>	<b>272,035</b>	<b>805,702</b>	<b>2,314,012</b>
<b>Dímheas</b>						
Amhail ar 1 Eanáir 2009	129,432	80,112	169,011	85,025	-	463,580
Muirear don bhliain	13,515	9,506	31,544	8,372	-	62,937
Bearnú	-	-	11,300	-	-	11,300
Diúscairtí	-	-	(4,824)	-	-	(4,824)
Dul ar scor	(1,154)	(2,193)	(6,662)	(947)	-	(10,956)
Cúlchistí aistriúcháin	-	-	478	-	-	478
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>141,793</b>	<b>87,425</b>	<b>200,847</b>	<b>92,450</b>	<b>-</b>	<b>522,515</b>
<b>Glanluach leabhar</b>						
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>392,903</b>	<b>230,944</b>	<b>182,363</b>	<b>179,585</b>	<b>805,702</b>	<b>1,791,497</b>
Amhail ar 31 Nollaig 2008	350,257	221,132	186,613	157,737	428,521	1,344,260
<b>Cuideachta</b>						
Grúpa	Coimpléisc na gcríochfort €000	Tailte & Aer-pháirceanna €000	Fearas & equipment €000	Maoin eile €000	Sócmhainní atá á dtógáil €000	Total €000
<b>Costas</b>						
Amhail ar 1 Eanáir 2009	479,689	294,358	342,090	236,736	428,521	1,781,394
Breisithe	1,013	8,921	10,477	29,033	459,647	509,091
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	55,392	10,397	15,403	1,274	(82,466)	-
Diúscairtí	-	-	(126)	-	-	(126)
Dul ar Scor	(1,398)	(2,193)	(6,910)	(1,034)	-	(11,535)
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>534,696</b>	<b>311,483</b>	<b>360,934</b>	<b>266,009</b>	<b>805,702</b>	<b>2,278,824</b>
<b>Dímheas</b>						
Amhail ar 1 Eanáir 2009	129,432	80,112	159,387	80,898	-	449,829
Muirear don bhliain	13,515	9,506	29,944	8,320	-	61,285
Diúscairtí	-	-	(67)	-	-	(67)
Dul ar scor	(1,154)	(2,193)	(6,662)	(947)	-	(10,956)
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>141,793</b>	<b>87,425</b>	<b>182,602</b>	<b>88,271</b>	<b>-</b>	<b>500,091</b>
<b>Glanluach leabhar</b>						
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>392,903</b>	<b>224,058</b>	<b>178,332</b>	<b>177,738</b>	<b>805,702</b>	<b>1,778,733</b>
Amhail ar 31 Nollaig 2008	350,257	214,246	182,703	155,838	428,521	1,331,565

Áirítear talamh aerfoirt ar chostas €20.0 milliún (€19.2 milliún in 2008) mar chuid de thailte agus aerpháirceanna. Áirítear costais inmheánacha ailtireachta agus innealtóireachta €4.8 milliún (€2.9 milliún in 2008) ar bhreiseáin sócmhainní seasta. Áirítear ús carnach caipitlithe €40.1 milliún (€19.4 milliún in 2008) le costas na sócmhainní seasta. Rinneadh ús €20.7 milliún (€4.4 milliún in 2008) a chaipitliú i rith na bliana ar mheánráta 5.9% (5.7% in 2008) in aghaidh na bliana.

**10. Sócmhainní doláimhsithe**

<b>Grúpa</b>	<b>Cáilmheas</b>	<b>Cearta lamháltas</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Costas</b>			
Amhail ar 1 Eanáir 2009	10,373	14,423	<b>24,796</b>
Gluaiseacht malairte	-	1,965	<b>1,965</b>
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>10,373</b>	<b>16,388</b>	<b>26,761</b>
<b>Amúchadh</b>			
Amhail ar 1 Eanáir 2009	823	12,464	<b>13,287</b>
Muirear don bhliain	979	253	<b>1,232</b>
Gluaiseacht malairte	-	1,715	<b>1,715</b>
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>1,802</b>	<b>14,432</b>	<b>16,234</b>
<b>Glanluach leabhar</b>			
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>8,571</b>	<b>1,956</b>	<b>10,527</b>
Amhail ar 31 Nollaig 2008	9,550	1,959	11,509

D'éascair an cáilmheas in 2008 de thoradh cheannach Aer Rianta Idirnáisiúnta (An Meánoirthear) WLL ("ARIME") agus amúchfar é thar thréimhse deich mbliana. Is é sin meántearma na gcomhaontuithe lamháltais atá ag ARIME.

**11. Sócmhainní seasta – airgeadas**

Grúpa	1 Eanáir 2009 €000	Breiseáin / méaduithe eile i rith na bliana €000	Diúscairtí / gluaiseachtaí eile i rith na bliana €000	31 Nollaig 2009 €000
<b>Gnóthais chomhfhiontair</b>				
Sciar de mhórsócmhainní	24,834	-	(1,029) <sup>a</sup>	23,805
Sciar d'ollfhiachais	(34,605)	-	(5,410) <sup>a</sup>	(40,015)
lasachtaí do ghnóthais chomhfhiontair	4,882	-	-	4,882
	<b>(4,889)</b>	<b>-</b>	<b>(6,439)</b>	<b>(11,328)</b>
<b>Gnóthais chomhlacha</b>				
Ús cothromais ag costas	71,221	-	-	71,221
Cáilmheas	376	-	(115)	261
Cáilmheas diúltach	(2,391)	-	562	(1,829)
lasachtaí do ghnóthais chomhlacha	563	-	-	563
Sciar de bhrabús iar-éadála	108,885	6,596	-	115,481
Díbhinní a íocadh	(79,621)	-	(19,025)	(98,646)
Cúlchiste aistriúcháin	5,124	-	(966)	4,158
	<b>104,157</b>	<b>6,596</b>	<b>(19,544)</b>	<b>91,209</b>
<b>Sócmhainní eile airgeadais</b>				
Infheistíochtaí liostaithe ag costas	4,713	17	(1,033) <sup>b</sup>	3,697
<b>Sócmhainní airgeadais iomlána</b>	<b>103,981</b>	<b>6,613</b>	<b>(27,016)</b>	<b>83,578</b>
<b>Cuideachta</b>				
Gnáthscaireanna i ngnóthais fhochuideachtaí ag costas	22,614	-	-	22,614
Ranníocaíochtaí caipitil do ghnóthais fhochuideachtaí	5,938	-	(814) <sup>c</sup>	5,124
lasacht do ghnóthas fochuideachta	550	-	-	550
lasacht do ghnóthas comhlach	563	-	-	563
lasacht do ghnóthas comhfhiontair	4,882	-	-	4,882
	<b>34,547</b>	<b>-</b>	<b>(814)</b>	<b>33,733</b>

a. Cuireann na gluaiseachtaí i ngnóthais chomhfhiontair sciar na sócmhainní agus na ndlíteanas in iúl, mar atá coigeartaithe do sciar cailíteanas na gcomhfhiontar €6.4 milliún don bhliain. Cuireann an comhardú comhfhiontair diúltach luach reatha na sócmhainní comhfhiontair agus dlíteanas ghaolmhara in iúl – fiachas go príomha.

b. Tá infheistíochtaí liostaithe coinnithe ag gnóthas fochuideachta agus sonraithe ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

c. Cuireadh muirear amúchta €0.8 milliún i bhfeidhm ar infheistíocht i ngnóthas fochuideachta a rinne an Chuideachta.

Is é tuairim na stiúrthóirí nach bhfuil glanluach inréadaithe na n-infheistíochtaí níos lú ná na suimeanna de réir na leabhar a thaispeántar thuas. Leagtar amach an bunús ar a gcuirtear sócmhainní seasta in iúl sa Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta.

## 11. Sócmhainní seasta – airgeadas ar lean

Leagtar amach thíos na príomhghnóthais oibriúcháin de chuid fhochuideachtaí, chomhlaigh agus chomhfhiontair an Ghrúpa, a bhfuil gach ceann acu san áireamh i ráitis airgeadais an Ghrúpa, mar aon le céatadán sealúchas tairbhiúil na ngnáthscaireanna:

Gnóthas	Oifig chláráithe	Cineál gnó	%
<b>Gnóthais fhochuideachtaí</b>			
Aer Rianta International cpt	An tSionainn, Éire	Seirbhísí bainistíochta idirnáisiúnta agus infheisteoir aerfoirt	100
Aer Rianta Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh) Inc.	Montréal, Canada	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	100
Aer Rianta Idirnáisiúnta An Chosaiv LLC	Pristine, An Chosaiv	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	100
DAA Finance cpt	Baile Átha Cliath, Éire	Cuideachta maoinithe	100
Derryquin Hotels Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Iar-oibrítheoir óstáin	100
Aer Rianta Idirnáisiúnta Saor ó Dhleacht LLC	Moscó, An Rúis	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	100
Kievrianta LLC	Cív, Ukraine	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	99
Aer Rianta Idirnáisiúnta (An Meánoirthear) WLL	Manama, Bahrain	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	61.25
<b>Gnóthais chomhlacha</b>			
Arial CJSC <sup>1</sup>	Moscó, An Rúis	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	50
Caribbean ARI Inc. <sup>1</sup>	Bridgetown, Barbados	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	50
Lenrianta CJSC	Cathair Pheadair, An Rúis	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	48.3
ZAO MediaPort	Moscó, An Rúis	Fógraíocht	40
Brooklyn Properties Limited	Corcaigh, Éire	Forbairt ag Lárionad Gnó Aerfort Chorcaí	37.5
Aerofirst CJSC	Moscó, An Rúis	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	33.3
CTC – ARI Airports Limited	An Niocóis, An Chipir	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	30.63
CTC – ARI (F&B) Limited	An Niocóis, An Chipir	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	30.63
Oman Sales & Services LLC	Muscat, Oman	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	30.63
Delhi Duty Free Services Private Limited <sup>2</sup>	Deilí, An India	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	25.55
Flughafen Düsseldorf GmbH	Düsseldorf, An Ghearmáin	Oibreoir aerfoirt	20
Rex Trading LLC	Moscó, An Rúis	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	19.9
Phoenicia Aer Rianta Co. SAL	Béiriút, An Liobáin	Siopadóireacht shaor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	9.99
<b>Gnóthais chomhfhiontair</b>			
Gatland Property Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt sealúchais	50
Turckton Developments Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt lárionad gnó	50

1. Is í tuairim na stiúrthóirí gur chóir déileáil leis an infheistíocht mar ghnóthas comhlach faoi mar a shainítear é sa Chaighdeán um Thuairiscíú Airgeadais 9 (FRS 9) "Comhlaigh agus Comhfhiontair" ar an mbonn go bhfuil tionchar suntasach seachas tionchar ceannasach á chleachtach ag an nGrúpa ar na haonáin sin.

**11. Sócmhainní seasta – airgeadas ar lean**

2. Tá 33.1% de na scaireanna i Delhi Duty Free Services Private Limited ag ARI International cpt. agus tá 7.55% de na scaireanna sin á sealbhú ar iontaobhas ar son tríú páirtí.

Tagann ráitis airgeadais na ngnóthas ar fad idir fhochuideachtaí, ghnóthais chomhlacha agus chomhfhiontair chun críche ag an am céanna le deireadh bliana an Ghrúpa ach amháin i gcás DAA Finance cpt. a ullmhaíonn a gcuid ráiteas airgeadais i gcomhair dheireadh na bliana ar 28 Feabhra. Ullmhaíodh cuntais bhainistíochta go dtí an 31 Nollaig 2009 le go bhféadfaí torthaí na cuideachta sin a chur isteach mar chuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa. Tugtar mionsonraí faoi na hidirbhearta idir an Grúpa agus a chuid gnóthas comhlach agus comhfhiontar i Nóta 29.

**12. Stoic**

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
Earraí le hathdhíol	<b>19,287</b>	26,880	<b>6,272</b>	8,184
Cothabháil	<b>2,480</b>	2,345	<b>2,480</b>	2,343
	<b>21,767</b>	29,225	<b>8,752</b>	10,527

Níl difríocht shuntasach idir luach athsholáthair na stoc agus na suimeanna iompair.

**13. Féichiúnaithe**

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
Féichiúnaithe trádála	<b>32,528</b>	32,779	<b>22,082</b>	23,397
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<b>1,981</b>	3,306	<b>1,218</b>	1,419
Dlite ó ghnóthais fhochuideachtaí	-	-	<b>8,985</b>	14,325
Dlite ó ghnóthais chomhlacha	<b>8,498</b>	6,356	-	-
CBL	-	13	-	5
Cáin chorparáide	<b>3,097</b>	2,316	<b>3,097</b>	2,316
Sócmhainn cánach iarchurtha (Nóta 19)	-	239	-	922
Féichiúnaithe eile	<b>20,119</b>	19,173	<b>20,110</b>	18,858
	<b>66,223</b>	64,182	<b>55,492</b>	61,242

Tá féichiúnaithe €7.2 milliún sa Ghrúpa (€7.3 milliún in 2008) agus féichiúnaithe €12.6 milliún sa Cuideachta (€20.5 milliún in 2008), agus iad dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

**14. (Dlíteanas)/Sócmhainn cánach iarchurtha**

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
Sócmhainn/(dlíteanas) amhail ar 1 Eanáir (Muirear)/creidiúint don bhliain	<b>239</b>	(3,282)	<b>922</b>	(2,551)
Coigeartú i ndáil le blianta roimhe seo	<b>44</b>	(96)	<b>44</b>	(96)
(Dlíteanas)/sócmhainn amhail ar 31 Nollaig	<b>(3,216)</b>	239	<b>(2,299)</b>	922

**Cáin iarchurtha**

Arna comhdhéanamh de na nithe seo a leanas:

Difríochtaí uainiúcháin ar liúntais chaipitil	<b>(9,835)</b>	(6,148)	<b>(8,918)</b>	(5,465)
Suimeanna neamh asbhainteacha le haghaidh cáin chorparáide sa bhliain reatha	<b>6,619</b>	6,387	<b>6,619</b>	6,387
<b>Sócmhainn cánach iarchurtha/(dlíteanas)</b>	<b>(3,216)</b>	239	<b>(2,299)</b>	922

Níl an sócmhainn cánach iarchurtha a bhaineann le dlíteanas pinsin curtha san áireamh thuas agus tá sé nochtaithe go leithleach i Nóta 21.

**15. Creidiúnaithe:** suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
lasachtaí bainc (Nóta 17)	13,377	11,319	6,389	4,669
Creidiúnaithe trádála	25,314	27,826	5,978	12,046
Dlíte do ghnóthais fhochuideachta	-	-	105,878	97,765
Dlíte do ghnóthais chomhlacha	499	296	-	-
Creidiúnaithe eile	10,462	13,214	9,858	11,616
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	110,833	112,885	82,699	75,909
Fabhruithe caipítíl	82,436	106,407	78,548	106,407
	<b>242,921</b>	<b>271,947</b>	<b>289,350</b>	<b>308,412</b>
<b>Cáin a áirítear le creidiúnaithe eile:</b>				
Cáin chorparáide	2,904	3,298	2,216	2,216
Cáin ghnóthachan caipitiúil	55	-	55	-
ÍMAT	2,064	3,521	1,868	3,521
ÁSPC	1,740	2,200	1,740	2,200
CBL	891	-	1,204	-
Cánacha eile	553	587	550	587

**16. Creidiúnaithe:** suimeanna dlíte tar éis breis agus bliain

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
lasachtaí bainc (Nóta 17)	395,197	208,575	301,873	108,262
Nótaí iaschta (Note 17)	845,635	845,104	-	-
lasacht ó leas mionlaigh chuig gnóthais fhochuideachta	-	1,564	-	-
Creidiúnaithe eile	13,866	8,270	13,866	8,270
Dlíte chuig gnóthais fhochuideachta	-	-	949,313	949,313
Fabhruithe caipítíl	6,000	3,625	6,000	3,625
	<b>1,260,698</b>	<b>1,067,138</b>	<b>1,271,052</b>	<b>1,069,470</b>

Tá creidiúnaithe eile €9.1 milliún sa Ghrúpa agus sa Chuideachta (€5.1 milliún in 2008), agus iad dlíte tar éis breis is cúig bliana.

17. Dliteanais airgeadais

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
<b>In-aisíochta i dtráthchodanna:</b>				
In-aisíochta laistigh de bhliain amháin	13,377	11,319	6,389	4,669
In-aisíochta idir bhliain amháin agus dhá bhliain	13,915	13,377	6,565	6,389
In-aisíochta idir dhá bhliain agus cúig bliana	61,566	43,557	37,129	20,255
In-aisíochta tar éis breis agus cúig bliana				
	<b>319,716</b>	153,205	<b>258,179</b>	81,618
	<b>408,574</b>	221,458	<b>308,262</b>	112,931
<b>In-aisíochta ar mhodh eile seachas i dtráthchodanna:</b>				
In-aisíochta idir bhliain amháin agus dhá bhliain	249,789	-	-	-
In-aisíochta idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	249,612	-	-
In-aisíochta tar éis breis agus cúig bliana	595,846	595,492	-	-
	<b>1,254,209</b>	1,066,562	<b>308,262</b>	112,931
<b>Tá siad roinnte mar seo a leanas:</b>				
Iasachtaí bainc	408,574	219,894	308,262	112,931
Nótaí iasachta	845,635	845,104	-	-
Iasacht ó leas mionlaigh	-	1,564	-	-
	<b>1,254,209</b>	1,066,562	<b>308,262</b>	112,931
Curtha san áireamh le creidiúnaithe dlíte laistigh de bhliain amháin	13,377	11,319	6,389	4,669
Curtha san áireamh le creidiúnaithe dlíte tar éis breis agus bliain amháin	<b>1,240,832</b>	1,055,243	<b>301,873</b>	108,262

Áirítear leis na nótaí iasachta €600 milliún in-aisíochta faoi 2018 agus nótaí iasachta €250 milliún in-aisíochta faoi 2011 (lúide suimeanna amúchta). Coinnítear iad sin trí bhíthin fochuideachta de chuid na Cuideachta, DAA Finance cpt. Liostaítear na nótaí iasachta €600 milliún seo ar Liosta Oifigiúil Stocmhalartán na hÉireann agus tá nótaí iasachta €250 milliún liostaithe ar Liostaí Oifigiúla Stocmhalartán na hÉireann agus Londain. Ráthaíonn Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt. na suimeanna ar fad. Tá tuilleadh anailíse déanta ar rátaí úis agus ar phróifíl riosca na ndliteanas airgeadais i Nóta 27. Tá iasacht bainc €100.3 milliún ag DAA Finance cpt. ón mBanc Eorpach Infheistíochta (€107.0 milliún in 2008) a ndéanann Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath cpt. ráthú air.

Níl iasachtaí bainc na Cuideachta féin urraithe. B'fhiú €308.3 milliún iad amhail ar 31 Nollaig 2009 (€112.9 milliún in 2008) agus tá siad in-aisíochta i dtráthchodanna.

**Saoráidí iasachta**

Tá saoráidí iasachta éagsúla tiomnaithe don Ghrúpa nár tarraingíodh astu fós. Amhail ar 31 Nollaig 2009, bhí €560 milliún de shaoráidí tiomnaithe nár tarraingíodh astu fós le fáil a shásaigh na coinníollacha ar fad thuas. Rachaidh €260 milliún díobh in éag laistigh de thréimhse breis agus bliain amháin ach nach mó ná dhá bhliain, agus tá €300 milliún eile a rachaidh in éag laistigh de bheis agus dhá bhliain.

**18. Deontais chaipitil**

	Grúpa		Cuideachta	
	2009	2008	2009	2008
	€000	€000	€000	€000
Amhail ar 1 Eanáir	16,909	18,024	16,909	18,024
Amúchta chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais	(1,046)	(1,115)	(1,046)	(1,115)
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>15,863</b>	<b>16,909</b>	<b>15,863</b>	<b>16,909</b>

**19. Forálacha i gcomhair dliteanas**

	Costas Pinsean (Nótaí 4 and Nótaí 21) €000	Cáin inchurtha (Nóta 14) €000	Clár gnóthaithe costas/ athstruchtúraithe (Nóta 4) €000	Iomlán €000
<b>Grúpa</b>				
Amhail ar 1 Eanáir	36,000	-	2,156	38,156
Muirear don bhliain	-	3,499	46,498	49,997
Coigeartú i ndáil le blianta roimhe seo	-	(44)	-	(44)
Úsáidte i rith na bliana	(360)	-	(1,558)	(1,918)
Aistriú ó fhéichiúnaithe (Nóta 13)	-	(239)	-	(239)
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>35,640</b>	<b>3,216</b>	<b>47,096</b>	<b>85,952</b>
<b>Cuideachta</b>				
Amhail ar 1 Eanáir	36,000	-	2,156	38,156
Muirear don bhliain	-	3,265	44,000	47,265
Coigeartú i ndáil le blianta roimhe seo	-	(44)	-	(44)
Úsáidte i rith na bliana	(360)	-	(952)	(1,312)
Aistriú ó fhéichiúnaithe (Nóta 13)	-	(922)	-	(922)
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>35,640</b>	<b>2,299</b>	<b>45,204</b>	<b>83,143</b>

**20. Scairchaipiteal glaoite**

	Grúpa agus Cuideachta	
	2009	2008
	€000	€000
<b>Údaraithe:</b>		
317,500,000 gnáthscair ar €1 an ceann	317,500	317,500
<b>Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:</b>		
186,336,813 gnáthscair ar €1 an ceann	186,337	186,337

Coinníonn Aire Airgeadais Rialtas na hÉireann na gnáthscuireanna uile go tairbhiúil.



## 21. Pinsin

Oibríonn an Grúpa, nó bíonn sé rannpháirteach i scéimeanna pinsin i ndáil leis an máthair-chuideachta agus a príomhfhochuideachtaí a chumhdaíonn mórán bhfostaithe. Bíonn sócmhainní na scéime pinsin i seilbh cistí ar leithligh, atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus arna riaradh ag cistí iontaobhaithe.

Tá an Grúpa freagrach as pinsin de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair Scoir".

### Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt.

#### Scéim Aoisliúntais na nAerlínte Éireannacha (Fostaithe Ginearálta)

Tá tromlach fostaithe an Ghrúpa fostaithe ag an máthair-chuideachta, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt. agus tá fostaithe buana an Údaráis atá os cionn fiche bliain d'aois ina mbaill de Scéim Aoisliúntais na nAerlínte Éireannacha (Fostaithe Ginearálta) ("Scéim IAS" nó "an IAS"). Maidir le fostaithe reatha agus iarfhostaithe na Cuideachta atá ina mbaill de Scéim IAS, is lú ná trian de bhallaíocht iomlán na Scéime iad de réir an dáta luachála is déanaí. Is iad Aer Lingus, arb iad a chuid fostaithe reatha agus iarfhostaithe tromlach ballraíochta an IAS, agus SR Technics na fostóirí eile atá ina mbaill den IAS.

Tá na sochair agus na ranníocaíochtaí leagtha síos i rialacha na Scéime IAS. Cinntear na sochair ar infíochta iad trí thagairt a dhéanamh don tuarastal deiridh, agus tá an Scéim IAS cláraithe mar scéim shochair shonraithe leis an mBord Pinsean. Faoin ngníomhas iontaobha a rialaíonn an scéim, áfach, sainítear na gnáth-ranníocaíochtaí don fhostóir agus d'fhostaithe araon, ar ráta 6.375% den tuarastal inphinsin. Ní féidir ranníocaíochtaí na bhfostóirí a athrú gan comhthoil gach fostóra atá rannpháirteach, bíodh easnamh ann nó ar chúinsí eile, agus is é tuairim ÚABÁC nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó conartha ar an údarás a ráta ranníocaíochta a athrú. Dá réir sin, tá an Scéim IAS curtha san áireamh mar scéim ranníoca shainithe faoi FRS 17, agus is iad na ranníocaíochtaí a íocann an Chuideachta leis an Scéim le linn na bliana ná an muirear bliantúil a chuirtear chun dochair an chuntais bhrabúis agus chaillteanais.

Thug iontaobhaí na Scéime IAS le fios do na fostóirí agus do na baill rannpháirteacha in 2009 go raibh titim shuntasach tagtha ar luacha na sócmhainní amhail ar 31 Márta 2009, agus go raibh easnamh ábhartha ann ó thaobh chaighdeáin íosmhéid maoinithe na scéime. Tá sé de dhualgas ar an iontaobhaí de bhun Acht na bPinsean, 1990 moladh comhaontaithe faoi mhaoiniú a chur faoi bhráid an Bhoird Pinsean roimh an 30 Meitheamh 2010 ag tabhairt le fios conas a chuirfear deireadh leis an easnamh. Tá an próiseas seo ar siúl faoi láthair agus ní léir cén toradh a bheidh air.

Lena chois sin thug fostóirí eile atá rannpháirteach san IAS le fios go raibh athruithe tagtha ar a dtosca gnó agus go bhféadfadh sé tarlú dá bharr sin go n-éireodh a gcuid fostaithe go léir, nó siar mór díobh, as a bheith ina mbaill ghníomhacha den IAS.

Beidh tionchar mór ag na nithe seo atá tarlaithe ar fheidhmiú agus ar shócmhainneacht na Scéime IAS amach anseo, lena n-áirítear an cheist an mbeidh go leor acmhainní ag an Scéim IAS chun ionchas pinsean na mball a shásamh go hiomlán, go mór mór ionchas na mball gníomhach.

B'fhéidir go mbeidh socrúithe eile pinsean riachtanach amach anseo de thoradh na héiginnteachta seo. D'fhéadfadh sé tarlú go roinfeá an IAS ina chodanna agus go gcuirfear socrúithe neamhspleácha nua aonfhostóra pinsean i bhfeidhm ina áit, ach bheadh ceadú an Aire ag teastáil, inter alia, chuige sin. Rinne na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar thromlach fhostaithe na Cuideachta iarratas le deireanas go ndéanfaí scrúdú d'fhonn féachaint an mbeadh sé indéanta an IAS a roinnt ina scéimeanna faoi leith i gcomhair fostóirí faoi leith agus d'aontaigh an Chuideachta leis sin.

In ainneoin go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar shocrúithe reatha na Scéime IAS i leith soláthar pinsean san am atá le teacht i gcomhair fostaithe reatha agus iarfhostaithe na Cuideachta, ní sé ar chumas na Stiúrthóirí faoi láthair a rá cad iad go baileach na socrúithe malartacha a d'fhéadfaí teacht ar chomhaontú fúthu amach anseo, nó an ndéanadh siad sin athruithe ar shocrúithe reatha pinsean na Cuideachta nó méid na n-athruithe a bheadh i gceist (féach ar "Socrúithe Eile na Cuideachta um Pinsin" thíos). Ní léir dóibh ach oiread na hathruithe a bheadh le déanamh sa chóras cuntasaíochta a bhaineann le pinsin i ráitis airgeadais an Ghrúpa.

#### Socrúithe Eile na Cuideachta um Pinsin

Tháinig an Chuideachta ar chomhaontú in 2008 leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar thromlach na foirne chun na nithe a leanas a bhunú, faoi réir fhaomhadh an Aire: (a) socrúithe lánroghnacha faoi ranníocaíochtaí breise seasta pinsean i gcomhair chomhaltá ÚABÁC na Scéime ilfhostóra IAS ("Cistí Breise Ranníocaíochta Seasta d'Fhostaithe Reatha") agus (b) socrúithe scéime pinsin "hibride" nua (.i. sochar páirt-shainithe agus ranníocaíocht páirt-shainithe), d'fhostaithe nua ("Scéim Hibride d'Fhostaithe Nua"). Beidh na socrúithe nua, i ngach cás, neamhspleách ar an Scéim IAS.

Is é cuspóir na gCistí Breise Ranníocaíochta Seasta d'Fhostaithe Reatha ná foráil a dhéanamh d'fhostaithe incháilithe, chomh fada agus a cheadaíonn na cistí atá ar fáil agus faoi réir dhiscreid na n-iontaobhaithe, pinsin bhreise á íoc leo siúd atá á n-íoc ag an Scéim IAS.

De thoradh an chomhaontaithe seo leis na ceardchumainn:

- tá sé ar intinn ag an gCuideachta ranníocaíocht aonuaire a dhéanamh le Cistí Breise Ranníocaíochta Seasta d'Fhostaithe Reatha i ndáil le seirbhís roimhe seo (féach Nótaí 4(c) agus 19), a bhraithfidh, i measc nithe eile, ar rogha an fhostaí a bheith páirteach agus ranníocaíocht a dhéanamh leis na cistí. Measadh ar an 31 Nollaig 2008 go mbeadh costas €36 milliún ag baint leis seo.
- íocfaidh an Chuideachta, agus fostaithe incháilithe reatha a roghnaíonn a bheith mar chomhaltá na gcistí, ranníocaíochtaí sainithe bliantúla freisin ar bhonn leanúnach. Faoi mar atá i gceist le Scéim IAS, tá na cistí seo á mbunú ar an mbonn nach féidir dualgas a chur ar an gCuideachta ná ar fhostaí rannpháirteach níos mó ná an ranníocaíocht shainithe a íoc leis na cistí gan toiliú chuige sin i scríbhinn. Dá réir sin, cuirfear san áireamh iad mar scéimeanna ranníoca shainithe faoi FRS 17.

**21. Pinsin ar lean**

Tá sé beartaithe go mbeidh an Scéim Hibride d'Fhostaithe Nua maoinithe ag ranníocaíochtaí bliantúla leanúnacha ón gCuideachta agus ó chomhaltaí fostaithe incháilithe na scéime.

Déanann an Cuideachta ranníocaíochtaí le socrúithe pinsin áirithe eile freisin, a chuirtear san áireamh mar scéimeanna sochair sainithe faoi FRS 17. Is í an phríomhscéim acu sin ná Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta ("Scéim Fhorlíontach AR"), scéim do chatagóirí áirithe d'fhostaithe na cuideachta chun sochair phinsin scoir áirithe a sholáthar mar fhorlíonadh ar chinn atá iníoctha faoin Scéim IAS.

Tá oibleagáid neamh-mhaoinithe ar an gCuideachta freisin chun soláthar a dhéanamh do chostais luathscoir a bhaineann le catagóirí fostaithe áirithe (an "Oibleagáid Luathscoir") mar thoradh ar chomhaontuithe a rinneadh roimhe seo go dtí 2008 agus nach raibh costas suntasach ar bith ar an nGrúpa dá mbarr. Tharla athrú ar thiomhdí achtúireacha ábhartha le linn 2008, agus dá thoradh sin go príomha d'aithin an Grúpa dliteanas pinsin €17.0 milliún i ndáil le hOibleagáid Luathscoir €18.5 milliún ar 31 Nollaig 2009, (€17.0 milliún in 2008) agus taifeadadh €2.0 milliún den mhéid sin sa chuntas brabúis agus cailteanas, (€0.4 milliún in 2008) a léiríonn costais seirbhíse reatha agus glanchostais airgeadais, mar aon le creidiúint €0.5 milliún, (bhí muirear €16.6 milliún i gceist in 2008) agus cuireadh é sin in iúl i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlána, a léiríonn gnóthachain/cailteanas achtúireacha.

**Aer Rianta Idirnáisiúnta cpt.**

Tá scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe i bhfeidhm ag Aer Rianta Idirnáisiúnta cpt. ("ARI"), nó déanann sé an ranníocaíocht reachtúil riachtanach maidir le ARI agus a phríomhghnóthais fhochuideachta, a chlúdaíonn tromlach a chuid fostaithe. Tá scéim shochair shonraithe i bhfeidhm ag Aer Rianta Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh) Inc., fochuideachta de chuid ARI, ach ní bhaineann sé sin go hábhartha le comhthéacs an Ghrúpa. Tá mionsonraí iomlána na scéime leagtha amach i ráitis airgeadais na cuideachta sin.

**Faisnéisiú "Sochair Scoir" FRS 17**

B'ionann an costas pinsin don Ghrúpa a cuireadh chun dochair an bhrabúis oibriúcháin faoi FRS 17 don bhliain airgeadais agus €8.4 milliún (€43.5 milliún a bhí i gceist in 2008 lena n-áirítear €36.0 milliún de chostas eisceachtúil pinsin).

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Soéimeanna sochair shonraithe	<b>1,724</b>	1,474
Soéimeanna ranníoca sainithe - réamheisceachtúí	<b>6,699</b>	6,063
- eisceachtúil	-	36,000
	<b>8,423</b>	43,537

Is mar seo a leanas a bhí glandliteanas comhcheangailte pinsean na gcomhaontuithe, atá curtha san áireamh mar scéimeanna sochair shonraithe faoi FRS 17, a chuimsíonn go príomha an Oibleagáid Luathscoir agus Scéim Fhorlíontach AR:

<b>Grúpa agus Cuideachta</b>	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Glandliteanas pinsin	<b>19,820</b>	19,002

Déanann achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil luacháil achtúireach ar Scéim Fhorlíontach AR gach trí bliana. De réir FRS 17 ag gach dáta tuairiscithe, is amhlaidh a thugann an t-achtúire an luacháil is nuashonraithe mar léiriú ar na toimhdí airgeadais a nglactar leo ag dáta an chláir chomhardaithe. Tá an Oibleagáid Luathscoir luacháilte ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil ag dáta an chláir chomhardaithe.

B'ionann glandliteanas pinsean an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar 31 Nollaig 2009 agus €19.820 milliún (€19.002 milliún in 2008). Chuimsigh sé sin luach €6.038 milliún de shócmhainní (€4.106 milliún in 2008) agus luach reatha €28.692 milliún de dhliteanas fabhráithe na scéime (€25.822 milliún in 2008) glan ar shócmhainn cánach iarchurtha €2.834 milliún (€2.714 milliún in 2008).

**21. Pinsin ar lean**

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí airgeadais, atá tugtha ar bhonn comhcheangailte, a d'úsáid achtúirí na gcomhaontuithe seo chun dliteanais a luacháil:

	<b>Amhail ar 31/12/2009</b>	Amhail ar 31/12/2008
	<b>Aonad Réamh-mheasta</b>	Aonad Réamh-mheasta
Modh luachála		
Ráta méadaithe i dtuarastal	<b>3.0 – 3.25%</b>	3.25 – 3.75%
Ráta méadaithe in íocaíocht pinsin	<b>0.00%</b>	0.00%
Ráta lascaine	<b>5.50%</b>	5.75%
Toimhde boilscithe	<b>2.00%</b>	2.00%

**Ionchas saoil**

Ball fireannach ag aois 61 (ionchas saoil reatha)	<b>24.4</b>	24.4
Ball fireannach ag aois 40 (ionchas saoil ag aois 61)	<b>25.1</b>	25.1
Ball baineanach ag aois 59 (ionchas saoil reatha)	<b>29.4</b>	29.4
Ball baineanach ag aois 40 (ionchas saoil ag aois 59)	<b>30.3</b>	30.3

Tá an ráta lascaine 5.50% bunaithe ar Bhannaí Rátaithe Corparáide AA atá oiriúnach do thréimhse dliteanais na scéimeanna.

Mar seo a leanas a bhí leithdháiltí sócmhainne agus an ráta fadtéarmach tuartha ar thoradh sócmhainní ag deireadh na bliana:

	<b>2009</b>		2008	
	<b>Céatadán de</b>	<b>Toradh</b>	Céatadán de	Toradh
	<b>shócmhainní</b>	<b>tuartha</b>	shócmhainní	tuartha
	<b>plean</b>		plean	
Gnáthscaireanna	<b>69.9%</b>	<b>6.95%</b>	64.2%	8.5%
Bannaí	<b>19.6%</b>	<b>3.65%</b>	21.6%	4.0%
Maoin	<b>3.8%</b>	<b>6.5%</b>	4.7%	7.0%
Eile	<b>6.7%</b>	<b>2.0%</b>	9.5%	3.0%
	<b>100.0%</b>		100.0%	

Chun meánráta fadtéarmach tuartha a fhorbairt ar thoradh an toimhde sócmhainní, bhreithnigh an Chuideachta an leibhéal reatha de thorthaí tuartha ar infheistíochtaí gan riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicme sócmhainne eile ina bhfuil an punann infheistithe agus na hionchais maidir le torthaí amach anseo i gcás gach aicme sócmhainne. Rinneadh an toradh tuartha do gach aicme sócmhainne a ualú ansin bunaithe ar an dáileadh sprioc-sócmhainne chun ráta fadtéarmach tuartha a fhorbairt ar thoirmech sócmhainní don phunann. Dá thoradh sin, roghnaíodh toimhde de mheánráta ualaithe fadtéarmach 5.95% mar thoradh na sócmhainní (2008: 6.87%).

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
<b>Méideanna aitheanta sa chlár comhordaithe</b>		
Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe	<b>(10,192)</b>	(8,822)
Luach cóir sócmhainní an phlean	<b>6,038</b>	4,106
Easnamh do phleananna maoinithe	<b>(4,154)</b>	(4,716)
Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-maoinithe	<b>(18,500)</b>	(17,000)
<b>Dlíteanas comhlán</b>	<b>(22,654)</b>	(21,716)
Sócmhainn cánach iarchurtha ghaolmhar	<b>2,834</b>	2,714
<b>Glandlíteanas</b>	<b>(19,820)</b>	(19,002)

**Athrú in oibleagáidí sochair**

Oibleagáidí sochair ag tús na bliana	<b>(25,822)</b>	(8,034)
Costas seirbhíse	<b>(1,724)</b>	(1,297)
Costas seirbhíse roimhe seo	-	(177)
Costas Úis	<b>(1,562)</b>	(508)
Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean	<b>(359)</b>	(367)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	<b>691</b>	(15,580)
Sochair íochta	<b>84</b>	141
<b>Oibleagáidí sochair (maoinithe agus neamh-maoinithe) ag deireadh na bliana</b>	<b>(28,692)</b>	(25,822)

21. Pinsin ar lean

	2009 €000	2008 €000
<b>Athruithe ar shócmhainní an phlean</b>		
Luach cóir de shócmhainní an phlean ag tús na bliana	4,106	5,428
Toradh tuartha ar shócmhainní an phlean	311	412
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach	833	(2,490)
Ranníocaíochtaí fostóra	513	530
Ranníocaíochtaí comhaltaí	359	367
Sochair íochta ón bplean	(84)	(141)
<b>Luach cóir de shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana</b>	<b>6,038</b>	<b>4,106</b>
<b>Míreanna éagsúla an chostais pinsean</b>		
<i>Méideanna tairfeada sa chuntas brabúis agus cailteanais</i>		
Costas seirbhíse reatha	1,724	1,297
Costas seirbhíse roimhe seo	-	177
Costas Úis	1,562	508
Toradh tuartha ar shócmhainní an phlean	(311)	(412)
<b>Caiteachas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas brabúis agus cailteanais</b>	<b>2,975</b>	<b>1,570</b>
(Gnóthachan)/cailteanas achtúireach aitheanta láithreach	(1,524)	18,070
<b>(Gnóthachan)/cailteanas iomlán pinsean aitheanta sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta ("RGCA")</b>	<b>(1,524)</b>	<b>18,070</b>
<b>Méid charnach an chailteanais achtúirigh aitheanta láithreach</b>	<b>15,667</b>	<b>17,191</b>

Táthar ag súil go n-íocfaidh an Grúpa ranníocaíochtaí €0.5 milliún sa tréimhse cuntasáíochta romhainn i gcomhair socrúithe sochair shonraithe.

	An bhliain dar críoch 31 Nollaig				
	2009 €000	2008 €000	2007 €000	2006 €000	2005 €000
<b>Stair na gcoigeartuithe taithí</b>					
An difríocht idir toradh ionchasach agus iarbhír ar shócmhainní	833	(2,490)	(679)	138	181
Léirithe mar chéatadán de shócmhainní na scéime	13.8%	60.6%	12.5%	3.4%	6.0%
Gnóthachain agus cailteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéimeanna		770	490	(987)	(172)(11)
Léirithe mar chéatadán de dhliteanais na scéime	2.7%	1.9%	12.3%	2.6%	-
Gnóthachain agus cailteanais achtúireacha iomlána	1,524	(18,070)	(89)	157	(567)
Léirithe mar chéatadán de dhliteanais na scéime	5.3%	70.0%	1.1%	2.3%	10.6%
<b>Stair na n-easnamh scéime</b>					
Luach cóir de shócmhainní na scéime	6,038	4,106	5,428	4,315	3,041
Luach reatha de dhliteanais na scéime	(28,692)	(25,822)	(8,034)	(6,979)	(5,366)
<b>Easnamh i scéimeanna</b>	<b>(22,654)</b>	<b>(21,716)</b>	<b>(2,606)</b>	<b>(2,664)</b>	<b>(2,325)</b>

	2009 €000	2008 €000
<b>Sócmhainn cánach iarchurtha - a bhaineann le pinsean</b>		
Ag tús na bliana	2,714	326
Creidmheas do bhrabús	311	129
(Muirrear)/creidmheas do RIGCA	(191)	2,259
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>2,834</b>	<b>2,714</b>

**22. Cúlchistí**

	Cuntas			2009	2008
	brabúis agus cailteanais	Cúlchiste aistriúcháin	Cúlchistí eile	iomlán na gcúlchistí	iomlán na gcúlchistí
	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Grúpa</b>					
Amhail ar 1 Eanáir	823,542	(1,002)	246	822,786	791,009
(Cailteanas)/brabús don bhliain airgeadais	(13,267)	-	-	(13,267)	47,074
Coigeartuithe aistriúcháin airgeadra	-	(1,072)	-	(1,072)	514
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach i scéimeanna pinsean	1,524	-	-	1,524	(18,070)
(Muirear)/creidmheas cánach iarchurtha air sin	(191)	-	-	(191)	2,259
Díbhinní a íocadh	(19,400)	-	-	(19,400)	-
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>792,208</b>	<b>(2,074)</b>	<b>246</b>	<b>790,380</b>	<b>822,786</b>
<b>Is mar seo a leanas a choinnítear cúlchistí:</b>					
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt	629,983	-	-	629,983	657,525
Gnóthais fhochuideachtaí	163,970	(2,919)	-	161,051	146,528
Gnóthais chomhfhiontair	(12,879)	-	-	(12,879)	(6,440)
Gnóthais chomhlacha	15,606	845	246	16,697	29,645
Coigeartú comhdhlúthaithe	(4,472)	-	-	(4,472)	(4,472)
	<b>792,208</b>	<b>(2,074)</b>	<b>246</b>	<b>790,380</b>	<b>822,786</b>

	2009	2008
	€000	€000
<b>Cuideachta</b>		
<b>Cuntas brabúis agus cailteanais</b>		
Amhail ar 1 Eanáir	657,525	639,558
(Cailteanas)/brabús don bhliain airgeadais	(9,475)	33,778
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach i scéimeanna pinsean	1,524	(18,070)
(Muirear)/creidmheas cánach iarchurtha air sin	(191)	2,259
Díbhinní a íocadh	(19,400)	-
<b>Amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>629,983</b>	<b>657,525</b>

D'íoc an tAire Airgeadais díbhinn €0.10411 in aghaidh gach sciar in 2009. B'ionann é agus €19.4 milliún san iomlán (2008: Níor íocadh faic).

**23. Réiteach brabúis oibriúcháin le hinsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin**

	<b>Grúpa</b>	
	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Brabús oibriúcháin	<b>51,392</b>	51,657
Muirear dímhéasa	<b>62,937</b>	65,795
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	<b>253</b>	744
Amúchadh cáilmhéasa/cáilmhéasa diúltaigh	<b>531</b>	268
Lagú agus díscríobh na sócmhainní seasta intadhaill	<b>12,912</b>	1,276
Amúchadh deontas caipitil	<b>(1,046)</b>	(1,115)
Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta intadhaill	<b>20</b>	32
Laghdú stoc	<b>7,422</b>	2,931
(Laghdú)/méadú i bhféichiúnaithe	<b>71</b>	(1,050)
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe	<b>(4,335)</b>	4,172
Méadú ar sholáthairtí	<b>-</b>	36,000
Méadú i ndlíteanas pinsin	<b>1,211</b>	914
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<b>131,368</b>	161,624

**24. Anailís ar cheanteidil atá grúpáilte le chéile sa ráiteas faoi shreabhadh airgid**

	<b>Grúpa</b>	
	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
<b>Torthaí ó infheistíocht agus ó sheirbhísiú airgeadais</b>		
Ús faighte	<b>37,679</b>	29,406
Ús íoctha	<b>(65,172)</b>	(43,282)
Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile	<b>255</b>	126
	<b>(27,238)</b>	(13,750)
<b>Caiteachas caipitiúil</b>		
Ceannach sócmhainní seasta intadhaill	<b>(522,810)</b>	(349,232)
Díol sócmhainní seasta intadhaill	<b>39</b>	80
	<b>(522,771)</b>	(349,152)
<b>Éadálacha agus diúscairtí</b>		
Éadail ghnóthais fhochuideachta	<b>-</b>	(12,154)
Diúscairt ghnóthais fhochuideachta	<b>(562)</b>	-
Glanairgead faighte le gnóthas fochuideachta	<b>-</b>	3,811
Éadail an ghnóthais chomhlaigh	<b>-</b>	(695)
Iasacht do ghnóthas comhfhiontair	<b>-</b>	(550)
	<b>(562)</b>	(9,588)
<b>Díbhinní a d'íoc</b>		
An mháthair-chuideachta	<b>(19,400)</b>	-
Gnóthais fhochuideachta chuig leasanna mionlaigh	<b>(4,710)</b>	-
	<b>(24,110)</b>	-
<b>Maoiniú</b>		
Iasachtaí nua bainc	<b>200,000</b>	-
Aisíoc iasachtaí bainc	<b>(11,319)</b>	(10,033)
Fáltais ó eisiúint na nótaí iasachta nua	<b>-</b>	600,000
Costais a bhaineann le heisiúint na nótaí iasachta nua	<b>-</b>	(4,672)
	<b>188,681</b>	585,295

## 25. Réiteach glansreafa airgid le gluaiseacht i nglanfhiachas

	Grúpa	
	2009	2008
	€000	€000
Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain	22,708	(17,626)
(Laghdú)/méadú sna hacmhainní leachtacha	(263,219)	381,252
Méadú fiachais	(188,681)	(585,295)
Athrú i nglanfhiachas mar thoradh ar shreabhadh airgid	(429,192)	(221,669)
Diúscairt ghnóthais fhochuideachta	1,575	-
Amúchadh costas eisiúna	(530)	(330)
Gluaiseacht malairte coigríche	201	(845)
Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain	(427,946)	(222,844)
(Glanfhiachas)/glanchistí amhail ar 1 Eanáir	(188,040)	34,804
<b>Glanfhiachas amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>(615,986)</b>	<b>(188,040)</b>

## 26. Anailís ar ghlanfhiachas

	Amhail ar 1 Eanáir 2009	Sreabhadh airgid	Gluaiseachtaí neamhairgid	Gluaiseacht malairte coigríche	Amhail ar 31 Nollaig 2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Airgead tirim	16,233	22,708	-	212	39,153
Acmhainní leachtacha	862,289	(263,219)	-	-	599,070
	878,522	(240,511)	-	212	638,223
Fiachas dlíte laistigh de bhliain amháin	(11,319)	11,319	(13,377)	-	(13,377)
Fiachas dlíte tar éis bliana	(1,055,243)	(200,000)	14,422	(11)	(1,240,832)
	(1,066,562)	(188,681)	1,045	(11)	(1,254,209)
<b>Iomlán</b>	<b>(188,040)</b>	<b>(429,192)</b>	<b>1,045</b>	<b>201</b>	<b>(615,986)</b>

**27. Ionstraimí Airgeadais**

Tá cur síos ar bheartas agus bhainistíocht cistíochta na Cuideachta le fáil san Athbhreithniú Airgeadais. Déantar an nochtadh atá riachtanach i leith na sócmhainní agus na ndlíteanas airgeadais chúí (mar a sainíodh iad) de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 13 (FRS 13) "Díorthaigh agus Ionstraimí Airgeadais Eile" anseo thíos. Ní áirítear mar shócmhainní/dhlíteanas airgeadais chúí féichiúnaithe ná creidiúnaithe gearrthéarmacha ná infheistíocht i bhfochuideachtaí, i ngnóthais chomhlacha ná i gnóthais chomhfhiontair.

**i. Próifíl riosca ráta úis na ndlíteanas agus na sócmhainní airgeadais**

Tar éis do na malairtí éagsúla úsrátaí agus na réamhchonartháí airgeadra coigríche a bhaineann leis an nGrúpa a bheith curtha san áireamh, bhí próifíl úsrátaí na ndlíteanas airgeadais ábhartha agus na sócmhainní airgeadais le hús mar seo a leanas ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2009:

	2009			2008		
	Iomlán	Ráta	Ráta	Iomlán	Ráta	Ráta
	Comhlúthach	Seasta	Seasta	Comhlúthach	Seasta	Seasta
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Dlíteanas airgeadais</b>						
Euro	1,254,209	-	1,254,209	1,064,998	-	1,064,998
Dollar na Stát Aontaithe	-	-	-	1,564	-	1,564
	<b>1,254,209</b>	<b>-</b>	<b>1,254,209</b>	<b>1,066,562</b>	<b>-</b>	<b>1,066,562</b>
<b>Sócmhainní airgeadais</b>						
Euro	631,047	396,047	235,000	866,728	187,728	679,000
Punt steirling	1,831	1,831	-	770	770	-
Dollar na Stát Aontaithe	3,923	3,923	-	8,860	8,860	-
Dollar Cheanada	997	997	-	1,571	1,571	-
Hryvnia na hÚcráine	246	246	-	368	368	-
Rúbal na Rúise	101	101	-	-	-	-
Franc na hÉilvéise	74	74	-	157	157	-
Airgeadraí eile	4	4	-	68	68	-
	<b>638,223</b>	<b>403,223</b>	<b>235,000</b>	<b>878,522</b>	<b>199,522</b>	<b>679,000</b>

Ba é an meánráta úis ualaithe le haghaidh dlíteanas airgeadais airgeadra seasta Euro ná 6.0% (2008: 5.7%) agus ba í an mheántréimhse ualaithe dá seastar an ráta ná 9.4 bliain (2008: 8.6 bliain). Ní raibh aon dlíteanas airgeadais ann nár íocadh ús orthu. Chuimsigh na sócmhainní airgeadais ar ráta seasta taiscí bainc a raibh torthaí úis seasta comhaontaithe orthu. Is éard a bhí sna sócmhainní airgeadais ar ráta comhlúthach ná thaiscí bainc téarma agus taiscí bainc glaoigh ar ghiorra ná tréimhse bliana iad a ghin ús ar rátaí an mhargaidh. Ní bhfuarthas aon ús ar iasachtaí €5.4 milliún (2008: €5.4 milliún) chuig gnóthais chomhlacha agus gnóthais chomhfhiontair.



**27. Ionstraimí Airgeadais ar lean****ii. Neamhchosaintí airgeadra**

Taispeánann an clár thíos neamhchosaintí airgeadra an Ghrúpa, is iad sin na sócmhainní agus na dliteanais úd (nó neamhchosaintí neamhstruchtúracha) óna eascraíonn glanbhrabúis agus glanchailteanais airgeadais aitheanta sa chuntas brabúis agus cailteanais. Is éard atá sa neamhchosaintí sin ná sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta an Ghrúpa nár ainmníodh in airgeadra feidhmiúil an aonaid i gceist. Bhí na neamhchosaintí sin mar seo a leanas:

	Glansócmhainní airgeadaíochta airgeadraí coigríche €000						
	Euro	Punt Steirling	Dollar SAM	Dollar Ceanada	Hryvnia na hÚcráine	Rúba na Rúisena	Franc hEilvéise
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2009</b>							
<b>Airgeadra feidhmiúil oibríochtaí an Ghrúpa</b>							
Euro	-	1,908	3,858	183	251	101	18
Dollar Ceanada	-	-	17	-	-	-	-
Dollar na Stát Aontaithe	5,176	68	-	-	-	-	56
	<b>5,176</b>	<b>1,976</b>	<b>3,875</b>	<b>183</b>	<b>251</b>	<b>101</b>	<b>74</b>
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2008</b>							
<b>Airgeadra feidhmiúil oibríochtaí an Ghrúpa</b>							
Euro	-	744	8,917	1,014	368	64	7
Dollar Ceanada	-	-	16	-	-	-	-
Dollar na Stát Aontaithe	3,927	160	-	11	-	-	150
	<b>3,927</b>	<b>904</b>	<b>8,933</b>	<b>1,025</b>	<b>368</b>	<b>64</b>	<b>157</b>

San áireamh sna suimeanna sa tábla thuas tá tionchar babhtála airgeadraí, réamhchonartháí agus díorthaigh a glacadh chun na neamhchosaintí airgeadraí seo a bhainistiú.

**iii. Luachanna córa de dhliteanais agus shócmhainní airgeadais**

Is éard atá le fáil thíos ná comparáid de réir catagóirí idir luach de réir na leabhar agus luachanna córa faoi fhiachais bhainteacha airgeadais an Ghrúpa amhail ar 31 Nollaig 2009.

	2009		2008	
	Luach Leabhar €000	Luach Cóir €000	Luach Leabhar €000	Luach Cóir €000
<b>Príomhionstraimí airgeadais arna sealbhú nó arna n-eisiúint chun oibríochtaí an Ghrúpa a mhaoiniú</b>				
Dlíteanais airgeadais ghearrthéarmacha agus cion reatha d'iasachtaí fadtéarmacha (Nóta 17)	<b>13,377</b>	<b>14,476</b>	11,319	12,407
Iasachtaí fadtéarmacha (Nóta 17)	<b>1,240,832</b>	<b>1,257,444</b>	1,055,243	1,069,630
	<b>1,254,209</b>	<b>1,271,920</b>	1,066,562	1,082,037
<b>Ionstraimí airgeadais díorthacha coinnithe chun an phróifíl ráta úis agus airgeadra a bhainistiú</b>				
	-	<b>4,170</b>	-	10,478
<b>Ionstraimí airgeadais díorthaithe arna sealbhú nó arna n-eisiúint chun neamhchosaintí airgeadra ar dhíolachán ionchasach na todhchaí a fháil:</b>				
Conartháí malairte coigríche amach anseo	-	<b>19</b>	-	(667)

Baineadh úsáid, de réir mar is féidir, as luachanna an mhargaidh chun luachanna córa a chinneadh. Nuair nach raibh luachanna an mhargaidh le fáil, rinneadh luachanna córa a áireamh trí shreabhadh airgid amach anseo a lascainní ar na rátaí úis a bhí ann ag an am.

B'amlaidh nach raibh luachanna córa na sócmhainní airgeadais cuí ná na creidiúnaithe eile dlite tar éis breis agus bliain amháin difriúil go hábhartha óna gcuid luachanna iompair ar dháta an chláir chomhardaithe.

## 27. Ionstraimí Airgeadais ar lean

### iv. Fáluithe

Faoi mar a tugadh le fios san Athbhreithniú Airgeadais, téann an Grúpa isteach i réamhchonarthaí airgeadraí coigríche chun deireadh a chur leis an neamhchosaint airgeadra a eascraíonn as sreabhadh airgid a ainmnítear in airgeadraí thar lear. Féadann sé babhtáil rátaí úis agus comhaontuithe rátaí amach anseo a úsáid chun a phróifíl rátaí úis a bhainistiú. Faoi mar a tugadh le fios sa Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta, ní aithnítear athruithe i luachanna córa ionstraimí a n-úsáidtear iad mar fháluithe sna ráitis airgeadais go dtí go dtagann an suíomh fálaithe chun aibíochta. Is mar seo a leanas atá anailís na ngnóthachan agus na gcaillteanas neamhaitheanta seo:

	Gnóthachain €000	Cailteanais €000	Glanghnóthachain/ (chailteanais) €000
<b>Gnóthachain agus cailteanais neamhaitheanta ar fháluithe amhail ar 1 Eanáir 2009</b>	<b>11,003</b>	<b>(1,192)</b>	<b>9,811</b>
Gnóthachain agus cailteanais a tháinig chun cinn sna blianta roimhe seo a aithníodh i 2009	(7,441)	1,192	(6,249)
<b>Gnóthachain agus cailteanais a tharla roimh 1 Eanáir 2009 nár aithníodh i 2009</b>	<b>3,562</b>	-	<b>3,562</b>
Gnóthachain agus cailteanais a tharla in 2009 nár aithníodh i 2009	627	-	627
<b>Gnóthachain agus cailteanais neamhaitheanta ar fháluithe amhail ar 31 Nollaig 2009</b>	<b>4,189</b>	-	<b>4,189</b>
Astu sin:			
Gnóthachain agus cailteanais a bhfuil coinne lena n-aithint i 2010	4,189	-	4,189

## 28. Ceangaltais agus ábhair bhainteacha

	Grúpa		Cuideachta	
	2009 €000	2008 €000	2009 €000	2008 €000
<b>i. Ceangaltais chaipitil</b>				
Ar conradh	70,257	377,128	70,257	377,128
Údaraithe ag na stiúrthóirí ach nach bhfuil ar conradh	56,438	183,900	54,646	157,740
	<b>126,695</b>	561,028	<b>124,903</b>	534,868

Amhail ar 31 Nollaig 2009, bhí luach €2.0 milliún de cheangaltais chaipitil (€2.0 milliún in 2008) faighte trí bhannaí feidhmiúcháin eisithe ag bainc agus ráthú déanta ag gnóthais fhochuideachta orthu. Lena chois sin bhí ceangaltas €6.7 milliún de cothromas suibscríbhíne (2008: €6.7 milliún) ag gnóthais fochuideachta i ndáil le hinfeistiú a rinneadh roimhe sin san aerfort.

### ii. Comhaontaithe idirnáisiúnta faoi lamhátais

Tá socrúithe ann i gcás cuid de ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta miondíola an Ghrúpa lena n-áirítear socrúithe a ráthaíonn táillí íosta lamhátais.

Is mar seo a leanas atá na táillí lamhátais atá iníoctha i rith an chéad dhá mhí dhéag eile:

	Grúpa		Cuideachta	
	2009 €000	2008 €000	2009 €000	2008 €000
Iníoctha ar chomhaontaithe lamhátais a rachaidh in éag:				
laistigh de bhliain amháin	252	221	-	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	3,889	5,576	-	-
Tar éis breis agus cúig bliana	32,553	50	-	-
	<b>36,694</b>	5,847	-	-

Amhail ar 31 Nollaig 2009, bhí luach €16.3 milliún de na ceangaltais seo (2008: €5.0 milliún) faighte trí bhannaí feidhmiúcháin eisithe ag bainc agus ráthú déanta orthu ag gnóthais fochuideachta na Cuideachta, Aer Rianta International cpt.

iii. Léasanna Oibríocháin

Is mar seo a leanas atá na ceangaltais léasa atá iníoctha i gcaitheamh an chéad dhá mhí dhéag eile:

	Grúpa		Cuideachta	
	2009 €000	2008 €000	2009 €000	2008 €000
<b>Foirgnimh</b>				
Iníoctha ar léasanna a rachaidh in éag:				
Laistigh de bhliain amháin	89	31	-	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	440	225	-	-
Tar éis breis agus cúig bliana	344	208	-	-
	<b>873</b>	<b>464</b>	<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Fearas agus trealamh</b>				
Iníoctha ar léasanna a rachaidh in éag:				
Laistigh de bhliain amháin	-	-	-	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	1,162	983	1,162	983
	<b>1,162</b>	<b>983</b>	<b>1,162</b>	<b>983</b>

iv. Ceangaltais eile

I ngnáthchúrsa an ghnó tá ceangaltais déanta ag an nGrúpa maidir le gás agus leictreachas a sholáthar amach anseo ag a chuid aerfort. Amhail ar 31 Nollaig 2009 b'fhíú €8.3 milliún na ceangaltais cheannaigh (2008: Dada).

29. Nochtadh páirtithe gaolmhara

Tugtar achoimre thíos ar chomhpháirtithe gaolmhara an Ghrúpa, faoi mar a shainítear iad de réir Chaighdeán 8 um Thuairisciú Airgeadais (FRS 8) "Nochtadh Páirtithe Gaolmhara", agus ar bhunbhrí an ghaoil agus ar mhéid na n-idirbheart leosan (cé is moite d'fhochuideachtaí).

	2009 €000	2008 €000
Muirir bhainistíochta ar ghnóthais chomhlacha	15,187	10,402
Díolachán ar a gcostas le gnóthais chomhlacha	6,786	15,227
Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chomhlacha	19,025	13,567
Iasachtaí do ghnóthais chomhlacha	563	563
Dlíte ó ghnóthais chomhlacha ag deireadh na bliana	8,498	6,356
Dlíte chuig gnóthais chomhlacha ag deireadh na bliana	499	296
Iasachtaí le gnóthais comhfhiontair ag deireadh na bliana	4,882	4,882

Bíonn an Grúpa ag plé i ngnáthchúrsa an ghnó le raon comhlachtaí Rialtais agus stáit eile faoi mar a tharlaíonn i gcás go leor de na comhlachtaí Rialtais agus stáit eile sin. Ina theannta sin, de bhun an Acha um Aerfoirt Stáit 2004, is amhlaidh go bhfuil socrúcháin eatramhacha déanta ag an gCuideachta le hÚdarás Aerfort Chorcaí cpt. agus le hÚdarás Aerfort na Sionna cpt. chun na feidhmeanna a chumhdaíonn aerfoirt Chorcaí agus na Sionna faoi seach a chomhlíonadh ar a shon.

Leagtar amach mionsonraí faoi phríomhghnóthais chomhlacha agus chomhfhiontair an Ghrúpa i Nóta 11.

Is stiúrthóir de chuid na Cuideachta í an tUasal Marie O'Connor, agus is comhpháirtí í freisin i PricewaterhouseCoopers ("PwC") in Éirinn. Ba iad na táillí i gcomhair seirbhísí a sholáthraigh PwC in Éirinn i ngnáthchúrsa an ghnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009 ná €329,629 (2008: €415,000). Is stiúrthóir de chuid na Cuideachta é an tUasal Bill Cullen agus is Príomhaí é den Europa Academy freisin. D'íoc an Grúpa €4,014 mar tháillí ó thaobh cíos na seomraí a chuir Acadamh Europa ar fáil don Ghrúpa i ngnáthchúrsa an ghnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009 (2008: €28,399).

### 30. Leas mionlaigh

	<b>2009</b>
	<b>€000</b>
Ag tús na bliana	9,404
Sciar an bhrabúis don bhliain	3,473
Difríochtaí malairte	(135)
Diúscairt ghnóthais fhochuideachta	1,812
Díbhinn íochta le scairsealbhóirí mionlaigh	(4,710)
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>9,844</b>

### 31. Comhlaigh agus comhfhiontair

Faoi réir cheanglas an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 9 (FRS 9): "Comhlaigh agus Comhfhiontair", tugtar an fhaisnéis bhreise seo a leanas faoi ghnóthais chomhlacha agus comhfhiontair a imríonn páirt nach beag in oibríochtaí an Ghrúpa, de réir mar is infheidhmithe.

Is é seo a leanas sciar an Ghrúpa den láimhdeachas, sócmhainní seasta, sócmhainní reatha, dliteanais dlite laistigh de bhliain amháin agus dliteanais dlite tar éis níos mó ná bliain amháin ó gach gnóthas comhlach:

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Láimhdeachas	194,811	196,232
Sócmhainní seasta	294,073	281,356
Sócmhainní reatha	62,738	72,841
Fiachais dlite laistigh de bhliain amháin	(23,497)	(30,934)
Fiachais dlite tar éis bliain amháin nó níos mó	(241,099)	(218,042)

Ba é €43.2 milliún sciar an Ghrúpa de cheangaltais chaipitil na ngnóthas comhlach ar fad (€48.5 milliún i 2008).

Is mar seo a leanas atá sciar an Ghrúpa de thorthaí, sócmhainní agus dliteanais Flughafen Düsseldorf GmbH a bhfuil sciar 20% ag an nGrúpa ann (trína sciar 40% in Airport Partners GmbH) (gnóthais chomhlacha a sháraíonn critéir áirithe a bhaineann le méid atá leagtha síos i FRS 9):

	<b>2009</b>	2008
	<b>€000</b>	€000
Láimhdeachas	78,664	83,579
Brabús an Ghrúpa roimh cháin	7,782	12,728
Cánachas	(2,692)	(4,690)
Brabús iarchánach	5,090	8,038
Sócmhainní seasta	279,729	273,194
Sócmhainní reatha	23,442	16,992
Fiachais dlite laistigh de bhliain amháin	(4,836)	(5,601)
Fiachais dlite tar éis bliain amháin nó níos mó	(223,129)	(207,431)

### 32. Dlíthíocht

Bíonn baint ag an nGrúpa i ngnáthchúrsa an ghnó le himeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe nach léir cén toradh a bheidh orthu. Déantar foráil sna ráitis airgeadais, nuair is cú sin, ar thoradh féideartha na n-imeachtaí sin bunaithe ar réamh-mheastachán is fearr na stiúrthóirí. Is é beartas an Ghrúpa gach caingeán dlí a thógtar in aghaidh an Ghrúpa a chosaint go bríomhar.

### 33. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 12 Márta 2010.

## Achoimre Cúig Bliana ar Thorthaí Airgeadais

	2009	2008	2007	2006	2005
	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Torthaí oibriúcháin</b>					
Láimhdeachas	546,716	630,940	623,364	590,586	524,982
TRÚCDA an Ghrúpa	125,512	154,657	169,917	145,228	110,992
Brabús (réamheisceachtúil) oibriúcháin an ghrúpa	62,692	87,657	111,608	85,003	64,070
Sciar de bhrabús na ngnóthas comhlach agus na gcomhfhiontar	14,007	30,272	38,471	31,350	30,000
Ús iomlán inioctha – comhfhiontair agus comhlaigh an Ghrúpa	(20,118)	(17,117)	(17,105)	(28,156)	(30,120)
Míreanna eisceachtúla an Ghrúpa	(56,916)	(35,194)	239,320	115,638	-
(Caillteanas)/Brabús roimh cháin	(335)	65,618	372,294	203,835	63,950
Cánachas	(9,459)	(16,572)	(24,735)	(37,978)	(14,213)
Leas mionlaigh	(3,473)	(1,972)	(33)	105	349
(Caillteanas)/brabús don bhliain airgeadais	(13,267)	47,074	347,526	165,962	50,086
Brabús seachas míreanna eisceachtúla(iarchánach)	37,947	77,899	108,500	69,523	50,086
<b>Caipiteal in úsáid</b>					
Sócmhainní seasta intadhaill	1,791,497	1,344,260	1,006,126	793,447	809,082
Sócmhainní seasta doláimhsithe	10,527	11,509	3,327	4,100	5,476
Sócmhainní seasta airgeadais	83,578	103,981	94,175	151,567	171,544
Gansócmhainní/(glandliteanais) reatha	483,292	699,982	386,220	238,945	(18,420)
Iomlán na sócmhainní líúide dliteanais reatha	2,368,894	2,159,732	1,489,848	1,188,059	967,682
Creidiúnaithe thar bhliain amháin	(1,260,698)	(1,067,138)	(479,710)	(498,731)	(457,354)
Deontais chaipitil	(15,863)	(16,909)	(18,024)	(19,380)	(24,558)
Forálacha i gcomhair dliteanas	(85,952)	(38,156)	(13,916)	(37,677)	(5,129)
Glandliteanas pinsin	(19,820)	(19,002)	(2,280)	(2,331)	(4,116)
Glansócmhainní	986,561	1,018,527	975,918	629,940	476,525
<b>Achoimre den Sreabhadh Airgid</b>					
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	131,368	161,624	170,001	148,183	121,044
Íocaíochtaí i ndáil le cláir eisceachtúla athstruchtúraithe agus phinsean	(1,918)	(9,028)	(27,017)	-	-
Díbhinní ó ghnóthais chomhlacha	19,025	13,567	9,628	8,648	8,449
	148,475	166,163	152,612	156,831	129,493
Glanús íochta	(27,238)	(13,750)	(12,875)	(22,514)	(22,693)
Cánachas a íocadh	(2,986)	(15,342)	(23,520)	(21,505)	(4,437)
	118,251	137,071	116,217	112,812	102,363
Infheistíocht i sócmhainní seasta intadhaill	(522,810)	(349,232)	(248,875)	(134,406)	(100,322)
Infheistíocht/iasachtaí do ghnóthais chomhlacha agus chomhfhiontair agus sócmhainní airgeadais	-	(1,245)	-	(83)	(918)
Ceannach gnóthas fochuideachta	-	(8,343)	-	-	-
Díol na n-oibriúcháin scortha	-	-	-	234,906	-
Glan (eisreabhadh)/fháltais ó dhiúscairt na ngnóthas fochuideachta/comhlacha	(562)	-	303,677	-	-
Díol sócmhainní intadhaill agus sócmhainní airgeadais	39	80	390	30,456	2,352
	(523,333)	(358,740)	55,192	130,873	(98,888)
	(405,082)	(221,669)	171,409	243,685	3,475
Díbhinní a íocadh leis an Aire Airgeadais do ghnóthais mhionlaigh fochuideachta	(19,400)	-	-	-	-
	(4,710)	-	-	-	-
(Eisreabhadh)/insreabhadh airgid thirim roimh bhainistiú na n-acmhainní leachtacha agus mhaoiniú	(429,192)	(221,669)	171,409	243,685	3,475
<b>Glanfhiachas</b>					
Glanfhiachas/(glanchistí) an Ghrúpa ag deireadh na bliana	615,986	188,040	(34,804)	135,577	379,736

## Achoimre Cúig Bliana ar Staitisticí Paisinéirí

Paisinéirí	2009	2008	2007	2006	2005
<b>Foirmlián</b>					
Trasatlantach	2,056,649	2,323,454	2,279,592	2,138,117	1,974,263
An Bhreatain Mhór	9,954,850	11,295,164	11,349,040	11,449,517	10,994,132
Mór-Roinn na hEorpa	12,409,145	14,221,820	14,213,849	11,939,090	9,630,418
Idirnáisiúnta Eile	248,992	261,793	240,796	213,371	101,068
Intíre	1,024,814	1,384,682	1,470,508	1,326,945	986,134
Idirthuras	372,838	407,966	534,535	778,963	796,754
	<b>26,067,288</b>	<b>29,894,879</b>	<b>30,088,320</b>	<b>27,846,003</b>	<b>24,482,769</b>
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-12.8%</b>	-0.6%	+8.1%	+13.7%	+12.4%
<b>Baile Átha Cliath</b>					
Trasatlantach	1,614,375	1,748,299	1,532,799	1,356,974	1,260,504
An Bhreatain Mhór	7,575,288	8,559,677	8,670,935	8,626,342	8,261,174
Mór-Roinn na hEorpa	10,416,954	11,997,198	11,901,747	10,092,559	8,087,153
Idirnáisiúnta Eile	242,670	252,252	232,960	198,434	88,178
Intíre	634,973	844,594	885,233	813,177	652,733
Idirthuras	19,417	64,691	63,764	108,896	100,697
	<b>20,503,677</b>	<b>23,466,711</b>	<b>23,287,438</b>	<b>21,196,382</b>	<b>18,450,439</b>
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-12.6%</b>	+0.8%	+9.9%	+14.9%	+7.7%
<b>Aerfort na Sionna</b>					
Trasatlantach	442,147	574,843	746,551	780,917	713,556
An Bhreatain Mhór	1,062,915	1,139,970	1,253,570	1,286,317	1,162,942
Mór-Roinn na hEorpa	888,946	1,020,437	1,066,630	816,676	655,831
Idirnáisiúnta Eile	869	2,820	507	320	16
Intíre	52,448	96,836	89,034	100,484	95,238
Idirthuras	347,238	334,623	464,331	654,332	674,841
	<b>2,794,563</b>	<b>3,169,529</b>	<b>3,620,623</b>	<b>3,639,046</b>	<b>3,302,424</b>
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-11.8%</b>	-12.5%	-0.5%	+10.2%	+37.9%
<b>Aerfort Chorcaí</b>					
Trasatlantach	127	312	242	226	203
An Bhreatain Mhór	1,316,647	1,595,517	1,424,535	1,536,858	1,570,016
Mór-Roinn na hEorpa	1,104,245	1,204,185	1,245,472	1,029,855	887,434
Idirnáisiúnta Eile	5,453	6,721	7,329	14,617	12,874
Intíre	336,393	443,252	496,241	413,284	238,163
Idirthuras	6,183	8,652	6,440	15,735	21,216
	<b>2,769,048</b>	<b>3,258,639</b>	<b>3,180,259</b>	<b>3,010,575</b>	<b>2,729,906</b>
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-15.0%</b>	+2.5%	+5.6%	+10.3%	+21.1%

## Achoimre Cúig Bliana ar Ghluaiseachtaí Aerárthaí

	2009	2008	2007	2006	2005
<b>Foirmlián</b>					
<i>Aerárthaí Tráchtála</i>					
Sceidealta	<b>197,797</b>	231,139	228,681	211,894	199,490
Neamhsceidealta	<b>19,859</b>	26,803	30,197	29,645	31,756
Lastas	<b>6,719</b>	9,396	9,913	10,278	11,134
Gluaiseachtaí Aeriompair Tráchtála	<b>224,375</b>	267,338	268,791	251,817	242,380
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-16.1%</b>	-0.5%	+6.7%	+3.9%	+7.5%
Eile	<b>40,120</b>	48,787	62,088	56,521	52,425
Iomlán na nGluaiseachtaí Aerárthaí	<b>264,495</b>	316,125	330,879	308,338	294,805
<b>Baile Átha Cliath</b>					
<i>Aerárthaí Tráchtála</i>					
Sceidealta	<b>156,290</b>	181,850	176,564	161,375	151,108
Neamhsceidealta	<b>8,656</b>	13,158	14,218	14,110	15,477
Lastas	<b>4,132</b>	5,103	5,271	5,720	6,525
Gluaiseachtaí Tráchtála Aeriompair	<b>169,078</b>	200,111	196,053	181,205	173,110
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-15.5%</b>	+2.1%	+8.2%	+4.7%	+1.9%
Eile	<b>7,733</b>	11,779	15,751	15,436	13,728
Iomlán na nGluaiseachtaí Aerárthaí	<b>176,811</b>	211,890	211,804	196,641	186,838
<b>Aerfort na Sionna</b>					
<i>Aerárthaí Tráchtála</i>					
Sceidealta	<b>18,357</b>	21,172	22,230	22,525	20,046
Neamhsceidealta	<b>9,255</b>	8,513	10,297	9,997	11,097
Lastas	<b>1,711</b>	2,985	3,101	3,067	3,096
Gluaiseachtaí Tráchtála Aeriompair	<b>29,323</b>	32,670	35,628	35,589	34,239
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-10.2%</b>	-8.3%	0.1%	+3.9%	+32.0%
Eile	<b>5,643</b>	9,689	12,486	11,126	10,854
Iomlán na nGluaiseachtaí Aerárthaí	<b>34,966</b>	42,359	48,114	46,715	45,093
<b>Aerfort Chorcaí</b>					
<i>Aerárthaí Tráchtála</i>					
Sceidealta	<b>23,150</b>	28,117	29,887	27,994	28,336
Neamhsceidealta	<b>1,948</b>	5,132	5,682	5,538	5,182
Lastas	<b>876</b>	1,308	1,541	1,491	1,513
Gluaiseachtaí Tráchtála Aeriompair	<b>25,974</b>	34,557	37,110	35,023	35,031
Céatadán athraithe bliain ar bhliain	<b>-24.8%</b>	-6.9%	+6.0%	0.0%	+18.2%
Eile	<b>26,744</b>	27,319	33,851	29,959	27,843
Iomlán na nGluaiseachtaí Aerárthaí	<b>52,718</b>	61,876	70,961	64,982	62,874

# Struchtúr agus Bainistíocht Ghrúpa ÚABÁC



## Struchtúr

**Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt**  
Baile Átha Cliath, Sionainn, Corcaigh

### Aer Rianta Idirnáisiúnta

#### Airport Investments

##### An Eoraip

Düsseldorf

#### Miondól Aerfort

##### CIS / Oirthear na hEorpa

Moscó, Cathair Pheadair,  
Cív, an Chosaiv

##### An India

Deilí

##### An Meánoirthear

Bairéin, Béiriút, an Chipir,  
an Éigipt, Óman, Catar

##### Meiriceá Thuaidh / An Mhuir Chairib

Barbadós, Edmonton, Halifax,  
Montréal, Ottawa, Winnipeg

## Foireann Bhainistíochta ÚABÁC

**Declan Collier**  
Príomhfheidhmeannach

**Oliver Cussen**  
Leas-phríomhfheidhmeannach  
agus Rúnaí na Cuideachta

**Eamon Foley**  
Ard-Stiúrthóir, Aer Rianta Idirnáisiúnta

**Ray Gray**  
Príomhoifigeach Airgeadais

**Vincent Harrison**  
Stiúrthóir, Straitéis & Rialachán

**Robert Hilliard**  
Príomhoifigeach Oibríochtaí

**Pat Keohane**  
Stiúrthóir, Aerfort Chorcaí

**Damian Lenagh**  
Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

**Jack MacGowan**  
Príomhoifigeach Tráchtála

**Colm Moran**  
Stiúrthóir, Bainistíocht agus  
Forbairt Sócmhainní

**Martin Moroney**  
Stiúrthóir, Aerfort na Sionna

**Paul Neeson**  
Stiúrthóir, Miondól

**Marion O'Brien**  
Stiúrthóir, Seirbhís Chorporáideach

**Paul O'Kane**  
Stiúrthóir, Gnóthaí Pobail



# Faisnéis Aerloingseoireachta

## Aerfort Bhaile Átha Cliath

Suíomh	Domhanleithead 532517N, Domhanfhad 0061612W (lárphointe Rúidbhealach 10/28)
Airde	242 tr. os cionn MLM
Faisnéis Rúidbhealaigh	<b>Rúidbhealach 10/28</b> Fad 2637 méadar – Leithead 45 méadar mar aon le 7.5m de cholbhaí ar an dá thaobh Dromchla coincríte Catagóir III A (Rúidbhealach 28) / Catagóir II (Rúidbhealach 10) <b>Rúidbhealach 16/34</b> Fad 2072 méadar – Leithead 61 méadar Dromchla Asfáilt Catagóir I/ (Rúidbhealach 16) / Neamhbheichte (Rúidbhealach 34)
Athbheoslú	JET A1
Uaireanta Oibriúcháin	24 Uair
Seoladh Poist	Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
Uimhir Facs	(01) 814 1034 (09:00—17:00) (01) 814 5479 (24 uair an chloig)
Uimhir Theileafóin	Náisiúnta (01) 814 1111 Idirnáisiúnta 353 1 814 1111
Gréasán	<a href="http://www.dublinairport.com">www.dublinairport.com</a>
SITA	DUBRN7X (Riarachán Aerfoirt) DUBYREI (Oibríochtaí)

## Aerfort Chorcaí

Suíomh	Domhanleithead 515029N, Domhanfhad 0082928W
Airde	502 tr. os cionn MLM
Faisnéis Rúidbhealaigh	<b>Rúidbhealach 17/35:</b> Fad 2133 méadar – Leithead 45 méadar mar aon le 7.5m de cholbhaí ar an dá thaobh Dromchla Asfáilt Catagóir II (Rúidbhealach 17) / Catagóir I (Rúidbhealach 35) <b>Rúidbhealach 07/25:</b> Fad 1310 méadar – Leithead 45 méadar Dromchla coincríte Non Inst. Tá áiseanna iomlána athbheoslaithe ar fáil
Athbheoslú	Tá áiseanna iomlána athbheoslaithe ar fáil
Uaireanta Oibriúcháin	24 Uair
Seoladh Poist	Aerfort Chorcaí, Co. Chorcaí, Éire
Uimhir Facs	(021) 431 3442
Uimhir Theileafóin	Náisiúnta (021) 431 3131 Idirnáisiúnta 353 21 431 3131
Gréasán	<a href="http://www.corkairport.com">www.corkairport.com</a>
SITA	ORKARXH

**Aerfort na Sionna**

Suíomh	Domhanleithead 524207N, Domhanfhad 0085529W
Airde	46tr. os cionn MLM
Sonraí Rúidbhealaí	<b>Rúidbhealach 06/24:</b> Fad 3199 méadar – Leithead 45 méadar móide 8 méadar de cholbhaí ar an dá thaobh Dromchla Asfailt Catagóir II (Rúidbhealach 24)/ Catagóir I (Rúidbhealach 06) <b>Rúidbhealach 13/31:</b> Fad 1720 méadar – Leithead 45 méadar Dromchla Asfailt/Coincréite Non Inst.
Athbhreoslú	Hiodrant athbhreoslaithe agus athbhreoslú soghluaiste ar fáil – Jet A1 (24 uair an chloig) Avgas (Luan go hAoine 09:00 – 17:30)
Uaireanta Oibriúcháin	24 Uair
Seoladh Poist	Aerfort na Sionna, Co. an Chláir, Éire
Uimhir Fhacs	(061) 712282 (Rannóg Oibríochtaí Aerfoirt) (061) 471719 (Shannon Aviation Fuels)
Uimhir Theileafóin	Náisiúnta (061) 712000 (24 uair an chloig) Idirnáisiúnta 353 61 712000 (24 uair an chloig)
Gréasán	www.shannonairport.com

## Faisnéis Ghinearálta Gnó

**Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt***An Phríomhoifig*

Foirgneamh an tSeanteirminéil Láir  
Aerfort Bhaile Átha Cliath,  
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire  
T 353 1 814 1111  
F 353 1 814 4120  
Gréasán www.daa.com

*oifig chlárailithe*

Aerfort Bhaile Átha Cliath,  
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire

**Aer Rianta Idirnáisiúnta cpt***An Phríomhoifig*

Aerfort na Sionna, Co. an Chláir, Éire  
T 353 61 712 777  
F 353 61 474 595  
Gréasán www.ari.ie

**Aer Rianta Idirnáisiúnta,****An Meánoirthear**

4th Floor, Falcon Tower Building,  
Diplomatic Area, P.O. Box 10047  
Manama, Kingdom of Bahrain  
T 00 973 17537979  
F 00 973 17533741  
Gréasán www.arime.com

**DAA Finance cpt**

Foirgneamh an tSeanteirminéil Láir,  
Aerfort Bhaile Átha Cliath,  
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire  
T 353 1 814 1111

**Iníúcháirí**

KPMG, 1 Plás Stokes  
Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, Éire


**Príomhbhaincírí**


Banc na hÉireann  
Barclays Bank plc  
BNP Paribas  
An Banc Eorpach Infheistíochta  
Banc Uladh

**Ráitis um Breathnú Ar Aghaidh**

Tá roinnt ráiteas um breathnú ar aghaidh sa doiciméad seo maidir le staid airgeadais, torthaí oibríochtaí agus gnólachtaí Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt. Tá riosca agus neamhchinnteacht ag baint leis na ráitis seo mar gheall go mbaineann siad le teagmhais agus go mbraitheann siad ar thosca a bheidh ag tarlú amach anseo. Tá roinnt gnéithe ann a d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh orthu go mbeidh na torthaí nó na forbairtí iarbhrí difriúil go hábhartha uathu siúd ata sainráite nó curtha in iúl sna ráitis um breathnú ar aghaidh seo. Tá na ráitis bunaithe ar na coinníollacha margaidh agus eacnamaíochta a bhfuiltear ag súil leo faoi láthair, ar an timpeallacht reachtúil reatha agus ar thuiscintí reatha ar na Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhfuil feidhm acu i leith tréimhsí roimhe seo, tréimhsí reatha agus tréimhsí amach anseo. Níor chóir aon rud sa tuarascáil seo a fhorléiriú mar thuar brabúis.







Dearadh: ATELIER David Smith  
Príomhghrianghrafadóireacht: Peter Rowen

Páipéar: Munken Lynx, Novatec Gloss  
*Tá an páipéar go léir a úsáideadh chun an foilseachán seo a chur le chéile deimhnithe ag an Forest Stewardship Council (FSC)*

Cló-aghaidh: National, KLIM Type Foundry (Chris Sowersby)

Liosta de na léaráidí:

**Leathanach 4, 5, 16**

Portráidí roghnaithe de Bhord ÚABÁC agus tógáil Chríochfort 2 arna thógáil ag Willie Dillon

**Leathanach 2, 9, 10, 16, 19 – 22, 31, 32, 34, 82, 83**

Críochfort 2, Aerfort Bhaile Átha Cliath arna thógáil ag Peter Rowen

**Leathanach 15**

Aerfort na Sionna arna thógáil ag Paul Tierney

**Leathanach 16**

Tógáil Chríochfort 2 arna thógáil ag Fran Veale

**Leathanach 27**

Aerfort Chorcaí (le caoinchead Údarás Aerfort Chorcaí)

*Arna fhoilsiú ag*

Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt  
An Phríomhfhog, Foirgneamh an tSeanteirmiéil Láir  
Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire  
T 353 1 814 1111. F 353 1 814 4120  
[www.daa.com](http://www.daa.com)

©2010 Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt



**Forest Stewardship Council (FSC)**

Bronnann an Forest Stewardship Council an deimhniú FSC. Is eagraíocht idrnáisiúnta neamhspleách í an Chomhairle a oibríonn chun foraoiseacht inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain. I measc na mball atá ar an gComhairle tá úinéirí foraoisí, eagraíochtaí comhshaoil, institiúidí éicilipéadaithe agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail dúchais.





---

Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt

An Phríomhófóg

Foirgneamh an tSeanteirmiéil Láir

Aerfort Bhaile Átha Cliath

Co. Bhaile Átha Cliath, Éire

T 353 1 814 1111

F 353 1 814 4120

[www.dublinairportauthority.com](http://www.dublinairportauthority.com)

